

AN tÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA



# Tuarascáil Bhliantúil 2020




# Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla




# An Clár


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Chathaoirleach an Bhoird do Damien English, an tAire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol | 2 |
| Gluais | 5 |
| Achoimre agus Éachtaí | 7 |
| Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 10 |
| Straitéis an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, 2019–2021 | 11 |
| Bord agus Feidhmeannas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 12 |
| Tuarascáil faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 | 15 |
| **Tosaíocht Straitéiseach 1: Rialáil** | **16** |
| **Tosaíocht Straitéiseach 2: Cur Chun Cinn** | **23** |
| **Tosaíocht Straitéiseach 3: Creidiúnú** | **27** |
| **Tosaíocht Straitéiseach 4: Tionchar** | **29** |
| **Tosaíocht Straitéiseach 5: An Chaoi a nOibrímid** | **32** |
| Spriocanna Inghnóthaithe a Bhain go Sonrach le COVID-19 | 34 |
| Méadracht agus Táscairí Feidhmíochta – Sprioc v Iarbhír | 38 |
| Buaicphointí na nEarnálacha Tosaíochta in 2020 | 40 |
| Tacaíocht agus Comhairle do Ghnóthaí agus do Pháirtithe Leasmhara | 43 |

| | | |
|---|---|---|
| **Aguisín 1:** | Sleachta as Ráitis Airgeadais Neamh-iniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2020 | 44 |
| **Aguisín 2:** | Cigireachtaí, Imscrúduithe agus Ionchúisimh 2020 | 69 |
| **Aguisín 3:** | Ionadaíocht AE agus Idirnáisiúnta 2020 | 76 |
| **Aguisín 4:** | Reachtaíocht agus Treoir 2020 | 78 |
| **Aguisín 5:** | Tuarascáil Bhliantúil 2020 don Aire ar Oibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 | 79 |


Arna foilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

© Gach ceart ar cosaint.

# Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Chathaoirleach an Bhoird do Damien English, an tAire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol

**A Aire,**

Is mór againn ár ndara tuarascáil bhliantúil faoi ráiteas straitéise an Údaráis le haghaidh 2019 go 2021 a chur faoi do bhráid. I bhfianaise fhorbairt an ionaid oibre le cleachtais oibre agus teicneolaíocht nua, chomh maith le cúinsí seachtracha ar nós an Bhreatimeachta, bhí an leibhéal athraithe a raibh an tÚdarás ag súil leis i dtús 2020 an-suntasach cheana féin. Dhírigh Clár Oibre 2020 a d'fhoilsigh an tÚdarás ar réimse leathan cuspóirí agus gníomhartha a chur i gcrích faoinár dtosaíochtaí straitéiseacha agus sainorduithe dlíthiúla. Ach mar gheall ar thús phaindéim sláinte poiblí COVID-19 i mí an Mhárta 2020, b'éigean don Údarás béim ár gcláir foilsithe a athrú agus a bhreithniú arís, agus ár gcuid oibríochtaí a chur in oiriúint do na héilimh mhéadaithe faoinár sainorduithe sláinte agus sábháilteachta ceirde agus faireachais margaidh araon.

Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil seo mar sin na héachtaí agus na cuspóirí a baineadh amach i gcomhthéacs Chlár Oibre foilsithe an Údaráis, chomh maith leis na gníomhartha a chur an tÚdarás i gcrích mar chuid den fhreagairt tras-Rialtais ar an bpaindéim. Bhí ár dtosaíochtaí straitéiseacha – rialáil, cur chun cinn, tionchar agus creidiúnú – mar bhonn taca faoinár ngníomhartha agus ár gcuspóirí in 2020, iad siúd a bhain go sonrach lenár bhfreagairt ar COVID-19 ina measc. Níos tábhachtaí fós, mar gheall ar an mbéim straitéiseach ar an tosaíocht "An Chaoi a nOibrímid" bhí an tÚdarás agus a fhoireann sách sofhreagrúil chun dul in oiriúint agus freagairt go héifeachtach ar na héilimh nua agus mhéadaithe.

Ach oiread le gach ionad oibre eile, b'éigean don Údarás dul in oiriúint don chomhairle Sláinte Poiblí agus Rialtais a eisíodh faoi COVID-19 i gcaitheamh 2020. Anuas air sin, bhí ról ar leith againn freisin sa fhreagairt tras-Rialtais ar an bpaindéim. I mí Aibreáin, d'oibrigh an tÚdarás i gcomhar le grúpaí fostóirí agus fostaithe faoin bhFóram Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair (LEEF), chomh maith le comhghleacaithe Rialtais i Roinn an Taoisigh, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun an Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte a fhorbairt.

Foilsíodh an Prótacal sin ar an 9 Bealtaine 2020 agus chuir sé creat soiléir ar fáil d'oibrithe agus d'fhostóirí chun an geilleagar a athoscailt go sábháilte ón 18 Bealtaine 2020. I ndiaidh a fhoilsithe, ghníomhaigh an tÚdarás mar phríomh-chomhordaitheoir na freagartha tras-Rialtais, tráth a raibh ranna agus gníomhaireachtaí eile (an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Oideachais, Tusla: an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre) ag obair leis an Údarás chun comhlíonadh an Phrótacail a sheiceáil i ngach earnáil agus ionad oibre.

Mar gheall ar ár ról i leith an Phrótacail, rinneadh 5,416 cigireacht COVID-19 ar fhormhór na n-earnálacha ón 18 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2020. Tháirgeamar raon leathan comhairle, teimpléad, seicliostaí agus ábhar oiliúna freisin d'fhostóirí agus d'fhostaithe, agus cuireadh go leor díobh ar fáil i raon leathan teangacha chun freastal ar gach oibrí. Trínár nAonad Teagmhála leis an Ionad Oibre, chuireamar seirbhís deisce cabhrach ar fáil freisin d'oibrithe agus d'fhostóirí ar theastaigh faisnéis shonrach uathu maidir le COVID-19 nó ar theastaigh uathu gearán a dhéanamh.

I mí na Samhna, rannchuidíomar le nuashonrú an Phrótacail um Oibriú go Sábháilte. An mhí sin freisin, d'fhoilsíomar Cód Cleachtais nuashonraithe le haghaidh na Rialachán maidir le hOibreáin Bhitheolaíocha 2013–2020, a thrasuigh Treoir 2020/739 ón Aontas Eorpach inar catagóiríodh an víreas SARS-CoV-2 mar oibreán i nGrúpa 3. Thug an trasuí sin ceanglais fógartha isteach d'fhostóirí chun tuairisciú ar chásanna tinnis nó báis mar gheall ar fhostaí ar a raibh an víreas agus a bhí ag obair.

I ndiaidh chinneadh Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar an 26 Meitheamh 2020, chuir an tÚdarás tús le hAnailís ar Thionchar Rialála a ullmhú. Ba é rún an Bhoird a chinntiú go raibh sonraí idir chuimsitheach agus láithreach ag an Údarás chun tacú le hoibrithe a chosaint ar COVID-19.



**An Dr Sharon McGuinness**
*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*



**Tom Coughlan**
*An Cathaoirleach*

Ba é cuspóir na hAnailíse ar Thionchar Rialála raon roghanna féideartha a shainaithint chun an sprioc sin a bhaint amach dá bhféadfaí, agus faisnéis mhionsonraithe a thabhairt ar chostais, tairbhí agus tionchar gach rogha. Tabharfaidh an Anailís ar Thionchar Rialála bunús don Bhord chun an bealach chun cinn is oiriúnaí a mholadh, agus d'fhéadfaí go molfaí na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (Uimh. 3) (I.R. Uimh. 370 de 2016) a leasú.

Fiú i bhfianaise na n-éileamh méadaithe a d'eascair as COVID-19, lean an tÚdarás ag soláthar a bheartais sláinte agus sábháilteachta ceirde agus a chlár cigireachta. Dá réir sin, choinníomar béim leanúnach ar na hearnálacha ardriosca – foirgníocht, talmhaíocht agus cúram sláinte – a sainaithníodh den chéad uair faoi Straitéis 2019–2021. Mar chuid dár bhfreagairt ar COVID-19, cuireadh dlús mór lenár ngníomhaíocht chigireachta in earnálacha ina raibh riosca níos mó go scaipfeadh COVID-19, ar nós déantúsaíochta (próiseáil bia/feola go háirithe) agus miondíola. Rinneamar 10,295 cigireacht agus imscrúdú agus chuireamar 13 ionchúiseamh i gcrích san iomlán.

Sa talmhaíocht, d'athbhunaigh an tÚdarás Coiste Comhairleach nua um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta. Ag oibriú dó i gcomhar le páirtithe leasmhara sainaitheanta, chuir an Coiste Comhairleach sin tús leis an gcéad Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme eile a fhorbairt. Bainfidh ár gcuid oibre sa Talmhaíocht leas as do thacaíocht féin, mar an tAire atá freagrach as an Údarás, chomh maith le tacaíocht an Aire Heydon ina ról mar Aire Stáit atá freagrach as Taighde agus Forbairt, Sábháilteacht Feirme, agus Forbairt Margaí Nua. Tá an tÚdarás agus an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta ag súil le hoibriú leis an mbeirt Airí chun ár bhfís d'fheirmeoirí sábháilte, sláintiúla agus ardoilte a chur ina luí ní hamháin orthu siúd atá ag obair san earnáil cheana féin ach ar na glúine atá le teacht freisin.

De bharr an oiriúnaithe ar ár gclár cigireachta chun béim níos mhó a bhaint amach ar na réimsí sin ina raibh baol níos mó go scaipfí COVID-19, tháinig laghdú ar na cigireachtaí in earnálacha áirithe eile in 2020.

Mar gheall ar dhúshláin COVID-19, rinneadh níos lú cigireachtaí san earnáil talmhaíochta in 2020 i gcomparáid le blianta eile agus tá súil againn go mbeimid in ann níos mó cigireachtaí a dhéanamh san earnáil tosaíochta sin in 2021. Ar an drochuair, chonaiceamar líon ard básuithe san earnáil arís, earnáil ina bhfuair 20 duine bás. Bhí triúr páistí ina measc siúd chomh maith le 11 duine fhásta os cionn 65 bliain d'aois.

Bhí sé tragóideach go háirithe a fheiceáil in 2020, bliain inar dúnadh go leor den gheilleagar ar feadh tréimhsí fada, go bhfuair 53 duine bás, rud a fhág a dteaghlaigh, a gcomhghleacaithe agus a bpobail trí chéile. Anuas ar an líon ard básuithe sa talmhaíocht, mhéadaigh an líon básuithe san fhoirgníocht go 14 dhuine. Cúis imní faoi leith é sin toisc gurb é sin an figiúr is airde i mbreis agus deich mbliana, agus go léiríonn na figiúirí le haghaidh 2019 agus 2020 athrú soiléir anois ar threocht básuithe a bhí ag dul i laghad go dtí sin san earnáil sin le blianta beaga anuas. In 2021, meabhróidh an tÚdarás do gach fostóir arís an tábhacht a bhaineann lena gcórais bainistíochta sábháilteachta a chothabháil le haghaidh gach guaise agus riosca, agus ní le haghaidh COVID-19 amháin.

Chuir an tÚdarás an bhliain deiridh i gcrích de ghnóthaí Éireannacha a réiteach le haghaidh na n-athruithe iomadúla a chruthódh an Breatimeacht. Bhíomar i mbun cumarsáide leo siúd ar fad a bhféadfaí tionchar a imirt orthu, agus ag cur eolas ar fáil dóibh, trí shraith de sheimineáir ghréasáin agus fógraí raidió chomh maith lenár suíomh gréasáin agus deasc chabhrach. Cuireadh an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i gcrích, agus leanfaimid lenár n-iarrachtaí chun tacú le gnóthaí Éireannacha anseo sa bhaile agus san Eoraip. Leanfaimid freisin lenár gcláir faireachais margaidh ina ndéantar seiceálacha agus cigireachtaí chun a chinntiú go gcomhlíonann táirgí, ar nós ceimiceán, innealra agus trealamh cosanta pearsanta, ceanglais agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh.

Thacaigh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) le gnóthaí Éireannacha freisin chun réiteach don Bhreatimeacht agus fuair sé ceithre iarratas nua ar chreidiúnú a bhain go díreach leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag fágáil an Aontais Eorpaigh. D'fhorbair agus d'fhaomh Bord INAB trí scéim nua do chreidiúnú, bailíochtú/deimhniú, BithBhainc agus seirbhísí scrúdaithe iarbháis, agus beidh INAB réidh chun iarratais orthu siúd a fháil in 2021.

Is mór againn freisin gur cuireadh tús le straitéis náisiúnta creidiúnaithe a fhorbairt. Cuirfidh an straitéis sin, atá le foilsiú in 2021, creat soiléir ar fáil d'fhorbairt an chreidiúnaithe in Éirinn agus cuirfear ar chumas INAB a sheirbhís a leathnú chun tairbhe tomhaltóirí, gnóthaí agus an gheilleagair.

Cuireadh raon cuspóirí i bhfeidhm sa bhaile agus san Eoraip faoinár gclár ceimiceán. Chuireamar an cháipéis chonclúide dár meastóireacht ar shubstaint cheimiceach in 2015 faoi Rialachán REACH faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) agus rinneamar dul chun cinn ar aicmiú agus lipéadú dhá shubstaint faoi Rialachán CLP. Mar údarás inniúil le haghaidh na Rialachán maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR), d'eisíomar ocht n-údarú a bhain le COVID-19 agus cúig cinn eile a bhain le cúrsaí eile. Áiríodh leis na húdaruithe sin seacht gcomhaontú iltaobhacha, cúig dhíolúine údaráis inniúil agus faomhadh údaráis inniúil amháin. D'fhoilsíomar treoir faoi Stóráil Shealadach Idirmheánach agus sheolamar comhairliúchán poiblí ar Threoir Theicniúil don Phleanáil Úsáide Talún faoi Rialacháin COMAH.

Ba mhaith linn buíochas faoi leith a ghabháil le foireann iomlán an Údaráis. Tá sé tábhachtach go n-aithnítear an méid a chruthaigh a ndíograis, a ngairmiúlacht agus a ndua, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán a d'eascair as COVID-19, ní hamháin don Údarás ach do gach ionad oibre.

Ba chuma céard a iarradh ar ár bhfoireann in 2020, bhí siad inchurtha leis an dúshlán agus bhí siad réidh i gcónaí le hoibriú agus tacú le hiarrachtaí náisiúnta agus iarrachtaí an Údaráis chun leathadh COVID-19 in ionaid oibre a chosc. Leanamar ag infheistiú am agus dua sa mhórthionscadal claochlaithe TFC ar cuireadh tús leis in 2019. In 2021, tá súil againn na hullmhúcháin deiridh a dhéanamh chun ár n-ardán nua claochlaithe gnó agus croí-sholáthair a thabhairt isteach, ardán a chuirfidh córas TF úrscothach agus comhtháite ar fáil dár róil rialála.

Ar deireadh, gabhaimid buíochas le comhaltaí uile Bhord an Údaráis as a gcuid oibre ar son an Údaráis agus a dtiomantas dá fhís chun saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla a bhaint amach. De bharr COVID-19, ní rabhamar in ann teacht le chéile go fisiciúil d'fhormhór na bliana ar an drochuair, ach fiú i bhfianaise na ndúshlán sin, chuir na comhaltaí ar fad leis an bplé agus leis na cinntí a rinneadh.

Agus muid ag cur an tuarascáil bhliantúil seo i do láthair le haghaidh 2020, táimid ag ullmhú do chlár gníomhach le haghaidh 2021 cheana féin, lena n-áirítear ár gcéad Ráiteas Straitéise eile le haghaidh 2022–2024 a fhorbairt agus táimid ag súil le rannán nua a bhunú le haghaidh sláinte ceirde agus baill foirne a earcú chun tacú linn inár sainorduithe ar fad. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leatsa mar Aire as do thacaíocht in 2020 agus, go háirithe, as do thiomantas agus d'aitheantas do thábhacht na hoibre a dhéanaimid. Táimid ag súil leis an tacaíocht leanúnach uaitse agus ó do Roinn agus muid ag tosú ar na cláir forbartha straitéiseacha agus eagraíochta a ullmhóidh an tÚdarás don todhchaí.

**An Dr Sharon McGuinness**
*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

**Tom Coughlan**
*An Cathaoirleach*

# Gluais

**ADR** – Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar

**AE** – An tAontas Eorpach

**CARACAL** – Údarás Inniúil le haghaidh REACH agus CLP

**CLP** – Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Substaintí agus Meascán

**COMAH** – Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí

**ECHA** – An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

**EPA** – An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**ETSC** – Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa

**EU-OSHA** – An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

**IBEC** – Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

**ICSMS** – An Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh

**ICTU** – Comhdháil na gCeardchumann

**INAB** – Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

**IOSH** – Institute of Occupational Safety and Health

**ISO** – Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán

**LEEF** – Fóram Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair

**PPE** – Trealamh Cosanta Pearsanta

**RAPEX** – Córas Mear-rabhaidh an Aontais Eorpaigh (trína n-éascaítear malartú faisnéise idir Ballstáit AE maidir le táirgí a chruthaíonn riosca tromchúiseach don tsábháilteacht agus sláinte)

**REACH** – Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin

**REF** – Fóram Forfheidhmithe REACH

**RiME+** – Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca

**SACURIMA** – Cultúr Sábháilteachta agus Bainistíocht Riosca sa Talmhaíocht

**TF** – Teicneolaíocht Faisnéise

**TFC** – Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

**UNECE** – Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip

# Achoimre agus Éachtaí

Tosaíocht Straitéiseach
**Rialáil**

## Táscairí Forfheidhmithe

**9,135** Cigireacht i gcrích

**1,160** Imscrúdú i gcrích

**65%** Céatadán na gcigireachtaí agus na n-imscrúduithe inar glacadh gníomh forfheidhmithe

**953** Líon na n-idirghabhálacha faireachas margaidh ar tháirgí ceimiceacha

**88%** Céatadán na ráiteas sábháilteachta a raibh measúnú ar riosca sábháilteachta mar chuid díobh

**13** Líon na n-ionchúiseamh go hachomair agus ar díotáil

**54** Líon na n-idirghabhálacha faireachas margaidh ar tháirgí tionsclaíocha

**Fíneálacha a Gearradh** (€1,327,000)

Tosaíocht Straitéiseach
**Tionchar**

## Táscairí forbartha reachtaíochta

**375** Freagra ar cheisteanna parlaiminte agus faisnéis tugtha don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta/Aire

**5** Ionchur theicniúla ar thograí reachtaíochta a d'fhorbair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**1** Dréacht-thogra reachtaíochta a seoladh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**2** Cóid Chleachtais a seoladh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**Líon na gcruinnithe AE/Coistí Idirnáisiúnta/ Meithleacha ar ar freastalaíodh**

**115** ag fónamh ar **43** coiste *(Féach ar Aguisín 3)*

## Táscairí tacaíochta gnó

### Tosaíocht Straitéiseach
# Cur Chun Cinn

**28,684**
Líon na dteagmhálacha a rinneadh leis an ionad custaiméirí
**(guthán/ríomhphost/litir/cuairt)**

**Os cionn 3.5m**
Líon na gcuairteanna ar shuíomh gréasáin HSA

**13**
Cód Cleachtais, Treoir agus Bileoga Faisnéise

**52,644**
Líon na gcúrsaí ar líne a rinneadh ar **hsalearning.ie**

**28,217** Líon na scoláirí i mbun cláir oideachais Choose Safety

| | |
|---|---|
| **176** | iarratas faisnéise REACH a próiseáladh |
| **106** | CLP information requests processed |
| **312** | iarratas ar phleanáil úsáide talún a fuarthas/a próiseáladh |
| **283** | fógra faoi aispeist a próiseáladh |

### Feasacht phoiblí:

**92%** a aontaíonn go bhfuil an tÚdarás tábhachtach chun timpistí agus básuithe a laghdú

**92%** a aontaíonn go gcaitear go dáiríre le sláinte agus sábháilteachta na bhfostaithe i m'ionad oibre

**92%** a aontaíonn go gcuireann bainistíocht éifeachtach sláinte agus sábháilteachta le rath gnó

**97%** a aontaíonn go bhfuil oibrithe ar an eolas go maith/go réasúnta ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta

## Táscairí INAB

### Tosaíocht Straitéiseach
# Creidiúnú

**10** gCreidiúnú bronnta ag Bord INAB

**379** Imeacht measúnaithe curtha i gcrích

**15** Iarratas nua ar chreidiúnú a fuarthas

**315** Cinneadh creidiúnaithe le Bainisteoir INAB

**13** Chruinniú idirnáisiúnta ar ar fhreastail INAB



AN tÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

## Táscairí rialachais chorparáidigh

Tosaíocht Straitéiseach

# An Chaoi a nOibrímid

**190**
Líon na nIarratas um Shaoráil Faisnéise a próiseáladh

**3**
Líon na nAchomharc um Shaoráil Faisnéise/ Chosaint Sonraí/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a próiseáladh

**4**
Líon na nIarratas um Chosaint Sonraí a próiseáladh

**5**
Líon na nIarratas um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a próiseáladh

**190**
Líon foirne

**99%**
Céatadán na sonrasc a íocadh laistigh de 15 lá

## Táscairí COVID-19

**5,416**
Cigireacht COVID-19 chun comhlíonadh an Phrótacail um Oibriú go Sábháilte a sheiceáil

**9,982**
Iarratas ar fhaisnéis a bhain le COVID-19 trínár nAonad Teagmhála leis an Ionad Oibre

**2,457**
Gearán ar pléadh leo maidir le COVID-19 agus na Prótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte/um Oibriú go Sábháilte

**408,630**
Íoslódáil de sheicliostaí agus teimpléid COVID-19

**26**
teanga chun tacú le hoibrithe nach labhraíonn Béarla in earnálacha faoi leith

**8**
n-údarú Údaráis Inniúil faoi na Rialacháin ADR a bhain le COVID-19

# Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta


**Áirítear na róil seo a leanas le sainordú an Údaráis:**

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu a rialáil agus a chur chun cinn.
- Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- Feidhmiú mar údarás faireachais maidir le reachtaíocht ábhartha an mhargaidh Eorpaigh aonair.
- Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe le haghaidh na hÉireann.



# Straitéis an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, 2019-2021

**Leagtar amach cúig thosaíocht straitéiseacha i straitéis an Údaráis don tréimhse ó 2019 go 2021, mar a phléitear thíos:**



# Bord agus Feidhmeannas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Cinneann an Bord beartas oibríochta an Údaráis. Bíonn dháréag comhaltaí ar an mbord: cathaoirleach agus 11 chomhalta a cheapann an tAire. Ceapann an tAire comhaltaí a ainmníonn eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na sainleasanna a bhaineann le rialáil sábháilteachta agus sláinte ceirde agus ceimiceán, fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile ina measc. Ceaptar na comhaltaí ar feadh trí bliana go páirtaimseartha. D'fhéadfaí iarraidh ar chomhaltaí dhá théarma a dhéanamh.

| Comhalta Boird | Post | Cruinnithe Boird ar ar freastalaíodh in 2020 |
|---|---|---|
| **An Cathaoirleach** | | |
| **Tom Coughlan** *(ceaptha le héifeacht ón 12/04/17)* | Iar-Phríomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chláir (2009–2016) | 7 as 7 |
| **Ainmnithe fostóra** | | |
| **Andrew Bowers** | Stiúrthóir Sármhaitheasa Oibríochta, Córas Bainistíochta Fiontair ag Baxter Healthcare Corporation | 6 as 7 |
| **Frank Kelly** | Stiúrthóir Foirgníochta, Walls Construction Ltd. | 7 as 7 |
| **Paul Kelly** | Stiúrthóir, Food Drink Ireland (FDI) | 7 as 7 |
| **Ainmnithe fostaithe** | | |
| **Deirdre MacDonald** | Iar-Uachtarán ar Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ina hUachtarán díreach roimh an tUachtarán reatha) | 5 as 7 |
| **David Hughes** | Leas-Ard-Rúnaí, Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann | 7 as 7 |
| **Michelle Quinn** | Eagraí Earnála, an Earnáil Mhórdhíola, Mhiondíola, Dáilte agus Lena mBaineann, SIPTU | 7 as 7 |
| **Ainmnithe an Aire** | | |
| **Deirdre Cullivan** | Sainchomhairleoir Acmhainní Daonna | 7 as 7 |
| **Stephen Curran** | Príomhoifigeach, an tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 7 as 7 |
| **Bríd De Buitléar*** | Ceannasaí TF agus Oibríochtaí Gnó | 3 as 3 |
| **Mary Coyne*** | Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte | 3 as 3 |
| **Ciarán Roche*** | Bainisteoir Riosca agus Bainisteoir Sábháilteachta na Cuideachta, FBD Insurance | 3 as 3 |

**Tabhair faoi deara gur ceapadh na comhaltaí sin i mí Lúnasa 2020 agus dá bhrí sin ní raibh siad ar fáil le freastal ar chruinnithe an Bhoird go dtí mí Mheán Fómhair.*

Bainistíonn an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, i dteannta triúr príomhfheidhmeannach cúnta, cur i bhfeidhm na straitéise de réir fhreagrachtaí reachtúla an Údaráis agus beartas a leagann an Bord síos.

Amhail an 31 Nollaig 2020, d'fhostaigh an tÚdarás 190 comhalta foirne, cigirí, speisialtóirí gairmiúla agus teicniúla, oifigigh creidiúnaithe, riarthóirí agus foireann cléireachais ina measc.

# Bord an Údaráis

**An Cathaoirleach**



Tom Coughlan

**Ainmnithe fostóra**



Andrew Bowers



Frank Kelly



Paul Kelly

**Ainmnithe fostaithe**



Deirdre MacDonald



David Hughes



Michelle Quinn

**Ainmnithe an Aire**



Deirdre Cullivan



Stephen Curran



Bríd De Buitléar



Ciarán Roche



Mary Coyne

# Feidhmeannas an Údaráis

**An Príomhfheidhmeannach**



An Dr Sharon McGuinness

**Na Leas-Phríomhfheidhmeannaigh**



Mark Cullen

*An Rannán Comhlíonta Oibríochta agus Coisc*



Yvonne Mullooly

*An Rannán Ceimiceán agus Coisc*



Kevin De Barra

*An Rannán Seirbhísí Corparáideacha*

## Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Is coiste de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Bíonn dháréag comhaltaí ar Bhord INAB, a dhéanann cinntí a bhaineann le creidiúnú a bhronnadh. Ceapann Bord an Údaráis na comhaltaí sin.

| Comhalta Boird | Post | Cruinnithe Boird ar ar freastalaíodh in 2019 |
|---|---|---|
| **Ita Kinahan**<br>*An Cathaoirleach* | Ceimiceoir Stáit, an tSaotharlann Stáit | 6 as 6 |
| **An Dr Adrienne Duff** | Bainisteoir INAB; comhalta Boird ex-officio | 6 as 6 |
| **Cecilie Laake** | Ard-Stiúrthóir, Creidiúnú na hIorua | 3 as 6 |
| **Raymond Ellard** | An Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 6 as 6 |
| **Jim O'Toole** | An Príomhfheidhmeannach, Bord Iascaigh Mhara | 6 as 6 |
| **Paul Hetherington**<br>*An Leas-Chathaoirleach* | Stiúrthóir na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta | 6 as 6 |
| **Peter Dennehy** | Príomhfheidhmeannach ar Scor, an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil | 1 as 6 |
| **An Dr Caitríona Fisher** | Stiúrthóir Cáilíochta, Gnóthaí Eolaíochta agus Cumarsáide, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte | 6 as 6 |
| **Grant Henderson** | Sainchomhairleoir gnó | 4 as 6 |
| **An Dr Micheál Lehane** | Bainisteoir Clár, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 5 as 6 |
| **John O'Loughlin** | Bainisteoir Saotharlainne, Ospidéal an Rotunda | 5 as 6 |
| **An Dr David Graham** | An Príomhfheidhmeannach, Sláinte Ainmhithe Éireann | 5 as 6 |



# Tuarascáil faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, éilítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh don chomhlacht poiblí an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar na nochtaí cosanta sin (más ann dó).

In 2020, fuair Príomhfheidhmeannach an Údaráis, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, seacht nochtadh chosanta ó pháirtithe lasmuigh den Údarás agus a bhain le tríú páirtithe. Tarchuireadh na nochtaí ar fad chuig cigirí de chuid an Údaráis lena n-imscrúdú. Dúnadh sé cinn de na nochtaí agus tá ceann amháin fós á n-imscrúdú.

Ní bhfuarthas aon nochtadh go hinmheánach.

# 1

## Tosaíocht Straitéiseach

# Rialáil

### An bhéim ar chomhlíonadh a mhéadú trí chigireacht agus forfheidhmiú bunaithe ar riosca

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Leanúint ag spreagadh béim mhéadaithe ar shláinte agus sábháilteacht a bhaineann leis an obair. | ▸ D'ainneoin ár róil maidir le COVID-19 i rith 2020, lean na cigireachtaí ag díriú ar na príomhghuaiseacha agus ar na príomhrioscaí a sainaithníodh i ngach earnáil tosaíochta faoinár straitéis.<br>▸ Sa talmhaíocht, díríodh na cigireachtaí ar dhaoine leochaileacha, óga agus níos sine a chosaint chomh maith leis na príomhghuaiseacha: beostoc, tarracóirí agus innealra agus oibriú ar airde. Anuas ar chigireachtaí réamhghníomhacha, tugadh faoi dhá dhianfheachtas cigireachta inar díríodh go sonrach ar gach ceann de na guaiseacha sonracha seo a leanas:<br>  ▸ Láimhseáil shábháilte beostoic – 340 cigireacht<br>  ▸ Sábháilteacht tarracóirí agus innealra feirme eile – 182 cigireacht<br>▸ San fhoirgníocht, dhírigh na cigireachtaí ar chomhlíonadh phríomhfhorálacha na Rialachán maidir le Foirgníocht chomh maith leis na guaiseacha sonracha a eascraíonn as oibriú ar airde agus feithiclí/innealra.<br>▸ Sa chúram sláinte agus sóisialta, de bharr COVID-19, dhírigh na cigireachtaí go príomha ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun oibrithe cúraim sláinte a chosaint ar rioscaí ceirde COVID-19. Níos luaithe sa bhliain, dhírigh na cigireachtaí ar na príomhrioscaí eile san earnáil – láimhsiú sábháilte, foréigean agus forrántacht a bhaineann leis an obair, sciorrthaí, tuislí agus titimí. |

**Dhírigh na cigireachtaí go príomha ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun oibrithe cúraim sláinte a chosaint ar rioscaí ceirde COVID-19**

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| **An clár cigireachta a mhéadú agus a leathnú, díriú ar rioscaí níos airde, cuideachtaí nach bhfuil ag comhlíonadh mar is ceart agus oibrithe leochaileacha.** | ▸ Tugadh faoi 9,135 cigireacht réamhghníomhach inar tugadh aghaidh ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta ceirde chomh maith le comhlíonadh an Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte a sheiceáil.<br>▸ Bhí ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag 84% de na hionaid oibre. Bhí na measúnuithe riosca sábháilteachta agus sláinte riachtanacha in 88% de na ráitis sábháilteachta sin. I 34% de na cásanna, d'éiligh an cigire ar an té ar a raibh dualgas feabhsuithe eile a chur ar an ráiteas.<br>▸ Measadh gur ghnáthchigireachtaí 92% de na cigireachtaí, rud a chiallaíonn gur roghnaíodh iad ó bhunachar sonraí an Údaráis roimh ré toisc go raibh siad in earnálacha lena ngabhann riosca níos airde. Díríodh ar roinnt díobh mar chuid de na dianfheachtais chigireachta i bhFoirgníocht, Talmhaíocht, Iompar agus Stóráil. Bhí 8% de na cigireachtaí beartaithe agus ag leanúint as forfheidhmithe roimhe sin.<br>▸ As an 9,135 cigireacht, rinneadh 1,537 cigireacht ar cheimiceáin.<br>▸ Tugadh aghaidh ar rialú oibreán ceimiceach i 161 cigireacht agus ar aispeist i 91 cigireacht. Phróiseáil an tÚdarás 283 fógra aispeiste agus 15 fhógra saotharlainne oibreán bitheolaíoch don chéad uair a úsáideadh oibreán bitheolaíoch.<br>▸ Cuireadh feachtas spriocdhírithe i gcrích inar díríodh ar oibríochtaí iompair, bainistíocht tráchta agus rioscaí feithicle i réimse earnálacha (iompar agus stóráil, miondíol agus trádstóráil, déantúsaíocht, dramhaíl agus athchúrsáil). Dhírigh 306 cigireacht ar oibríochtaí iompair ghinearálta in earnálacha spriocdhírithe agus dhírigh 278 cigireacht ar oibríochtaí trádstórála agus stórála. Phléigh cigireachtaí trádstórála agus stórála le hiompar inmheánach agus le suiteálacha rácála.<br>▸ Thug an Garda Síochána agus an tÚdarás faoi chomhfheachtas cigireachta píolótach cois bóthair ar fheistiú ualaí agus rinneadh cigireacht ar 48 feithicil ag cúig shuíomh ar fud na tíre. |

## Díríodh ar roinnt cigireachtaí mar chuid de na dianfheachtais chigireachta i bhFoirgníocht, Talmhaíocht, Iompar agus Stóráil

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Feidhmiú mar an príomhúdarás náisiúnta inniúil ar cheimiceáin agus faireachas margaidh. | ▸ Comhlíonadh róil an údaráis inniúil agus an údaráis náisiúnta ainmnithe maidir le reachtaíocht ceimiceán agus faireachais margaidh an Aontais Eorpaigh i raon réimsí beartais agus cigireachtaí.<br>▸ I réimse COMAH (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí), rinneadh cigireacht ar 82 láithreán sonrach Shraith I agus II agus rinneadh 21 cigireacht eile ar láithreáin ina stóráiltear substaintí contúirteacha faoi bhun thairseach an rialaithe guaiseacha mórthionóiscí. Faomhadh cúig thuarascáil sábháilteachta agus próiseáladh 312 iarratas ar phleanáil úsáide talún.<br>▸ Fuair agus d'fhreagair deasc náisiúnta chabhrach REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin) agus CLP (Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú) 176 ceist REACH agus 106 ceist CLP.<br>▸ Cuireadh 219 cigireacht REACH agus CLP i gcrích. As an 219 cigireacht, cuireadh 13 iniúchadh mhionsonraithe i gcrích ar fhaisnéis sa slabhra soláthair le hallmhaireoirí, foirmleoirí agus dáileoirí. Phléigh an tÚdarás le hocht dtarchur cláraithe forfheidhmithe ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) freisin.<br>▸ Mar Údarás Inniúil do REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin) agus CLP (Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú), ghlac an tÚdarás páirt i raon cruinnithe de chuid an Aontais Eorpaigh, a raibh a bhformhór ar siúl go fíorúil mar gheall ar shrianta COVID-19 a bhí i bhfeidhm:<br>  ▹ CARACAL agus foghrúpaí lena mbaineann (5)<br>  ▹ REACH – Airteagal 133 (10)<br>  ▹ ECHA – an Coiste um Measúnú Riosca (3)<br>  ▹ ECHA – Coiste na mBallstát (5)<br>  ▹ ECHA – HelpNet le haghaidh Deasca Cabhrach na mBallstát i gcomhair REACH agus CLP (2)<br>  ▹ ECHA – an Fóram ar Fhorfheidhmiú (2)<br>  ▹ ECHA – an Sainghrúpa maidir le Suaiteoirí Inchríneacha (2)<br>  ▹ ECHA – an Sainghrúpa maidir le Substaintí Marthanacha, Bithcharnacha agus Tocsaineacha (PBT) (4)<br>  ▹ ECHA – Sainghrúpa na gComhpháirtithe maidir le Treoraíocht (1)<br>  ▹ ECHA – Bainistiú agus Measúnú Riosca (RiME+) (3)<br>▸ Chuir an tÚdarás isteach an cháipéis chonclúide le haghaidh na meastóireachta ar shubstaint cheimiceach le haghaidh meataicriolát 3-triomeatocsaisililpróipile agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin ECHA (rinne Éire meastóireacht ar an substaint sin in 2015).<br>▸ Rinneadh athbhreithniú ar stádas na substainte a ndearna Éire meastóireacht uirthi in 2012, 4-meitiolanasól, agus cuireadh an tsubstaint faoi bhráid Phlean Gníomhaíochta Forásach an Chomhphobail arís chun meastóireacht a dhéanamh uirthi in 2021.<br>▸ D'athbhreithnigh an tÚdarás dréacht-chinntí ECHA ar 16 shubstaint agus 37 meastóireacht comhaid. Scag an tÚdarás seacht substaint le haghaidh gníomh rialála eile chomh maith. |

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Feidhmiú mar an príomhúdarás náisiúnta inniúil ar cheimiceáin agus faireachas margaidh (ar lean). | ▸ Cuireadh togra na hÉireann maidir le haicmiú próipilfosfónáite démheitil (DMPP) le haghaidh críochphointí só-ghineachta agus atáirgthe faoi bhráid ECHA. I ndiaidh an chomhairliúcháin phoiblí, d'ullmhaigh an tÚdarás freagairtí ar na tuairimí a fuarthas agus chuir sé na freagairtí faoi bhráid ECHA. |
| | ▸ Rinneadh dul chun cinn ar thogra na hÉireann maidir le haicmiú 7-ocsaidéchioglai[4.1.0]heipt-3-ilmeitil, 7-ocsaidéchioglai[4.1.0]heaptán-3-carbocsaláit lena chur faoi bhráid ECHA in 2021. Cuimsíonn an togra íogrú craicinn, só-ghineacht agus tocsaineacht sain-spriocorgáin – críochphointí athnochta. |
| | ▸ Mar chuid dá rannchuidiú le Coiste REACH maidir le hAirteagal 133, phléigh agus rannchuidigh an tÚdarás le 12 iarratas ar Údarú, seacht dtogra sriantachta maidir le substaintí carcanaigineacha, só-ghineacha nó tocsaineacha don atáirgeadh (CMR), agus feistí leighis, truailleáin orgánacha bhuanmharthanacha, substaintí nó meascáin áirithe leachtacha, naoinilfeanól agus modhanna tástála le haghaidh asó-dhathán, hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha i ngráinníní agus mótaí a úsáidtear mar ábhar líonta i ndromchlaí imeartha scraitheanna sintéiseacha agus i gclóis spraoi, Dé-isicianáití, N,N-Démheitiolformaimíd, aigéid sárfhluaracarbocsaileach C9-C14 (C9-C14 PFCAnna), a salainn agus substaintí gaolmhara, agus ocht dtopaic ad-hoc eile chun Rialachán REACH a fheabhsú agus a neartú. |
| | ▸ D'fhreastail an tÚdarás ar chruinniú Mheitheal Rialachán na nGlantach de chuid an Aontais Eorpaigh agus chuir sé le plé ar thionscnaimh 'Rialáil níos Fearr', lena n-áirítear an staidéar tacaíochta a ghabhann leis an Measúnú Tionchair le haghaidh athbhreithniú an Rialacháin, nuashonruithe ar na ceisteanna coitianta agus plé maidir le lipéadú oibreán caomhnaithe. |
| | ▸ Mar cheann d'Údaráis Náisiúnta Ainmnithe na hÉireann le haghaidh Rialachán Rotterdam, phróiseáil an tÚdarás 14 cheist faoi onnmhairiú/allmhairiú agus dhá fhógra onnmhairithe. D'fhreastail an tÚdarás ar an dá chruinniú d'Údaráis Náisiúnta Ainmnithe faoi Rialachán Rotterdam agus chuir tuairimí ar ais do Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le ceithre fhógra allmhairithe de chuid an Aontais Eorpaigh. Tugadh achoimre i dtuarascáil 2019 le haghaidh Airteagal 10 ar ghníomhaíocht trádála chomhiomlán in Éirinn ar onnmhairithe agus allmhairithe ceimiceán a liostaítear in Iarscríbhinn I agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Choimisiún an Aontais Eorpaigh freisin. |
| | ▸ Cuireadh 563 cigireacht i gcrích faoi na Rialacháin maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus Úsáid Brú-Threalamh Iniompair. Áiríodh 257 cigireacht ar áitreabh agus 306 cigireacht ar fheithiclí earraí contúirteacha sna cigireachtaí. Rinneadh 198 seiceáil ar fheithiclí earraí neamh-chontúirteacha freisin. |
| | ▸ Anuas ar na hocht n-údarú údaráis inniúil a eisíodh le haghaidh cúrsaí a bhain le COVID-19, d'eisigh an tÚdarás cúig údarú le haghaidh cúrsaí eile a bhain le hiompar earraí contúirteacha. |
| | ▸ Mar Údarás Inniúil faoi na Rialacháin ADR, d'fhreastail an tÚdarás ar na cruinnithe seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh/UNECE, a raibh a bhformhór ar siúl go fíorúil:<br>▸ Iompar Earraí Contúirteacha – Coiste agus Sainghrúpa<br>▸ An tAontas Eorpach – Cruinniú Ullmhúcháin maidir le RID/ADR/ADN<br>▸ An Treoir maidir le Brú-threalamh Iniompartha – an Grúpa Comhair Riaracháin<br>▸ UNECE – Comhchruinniú Iomlánach agus Meitheal um Umair<br>▸ Cruinniú Idirsheisiúnach Chomhaltaí na Meithle Neamhfhoirmiúla um Umair |
| | ▸ An Tascfhórsa um úsáid Feithiclí Ceallra-leictreacha agus Feithiclí le Cealla Breosla Hidrigine |

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
| --- | --- |
| Ceanglais faireachais margaidh na dtáirgí a dhíoltar ar mhargadh na hÉireann a fhorfheidhmiú, na táirgí a dhíoltar le tomhaltóirí ina measc. | **Táirgí Ceimiceacha**<br>▸ Rinneadh measúnú ar 953 táirge ceimiceach ar mhargadh na hÉireann le feiceáil ar chomhlíon siad ceanglais Rialacháin REACH agus CLP (REACH – Iarscríbhinn II – Bileog Sonraí Sábháilteachta, Iarscríbhinn XVII – Srianta agus ceanglais lipéadaithe, pacáistithe CLP) agus Rialachán na nGlantach. Dhírigh na seiceálacha sin ar mheascáin, lenar cuimsíodh táirgí a bhain le foirgníocht, táirgí mórdhíoltóirí gluaisteán agus glantaigh.<br>▸ Rinneadh measúnú ar 67 foláireamh RAPEX de chuid an Aontais Eorpaigh (42% de na foláirimh RAPEX ar fad a postáladh) a bhain le ceimiceáin shrianta chun a chinneadh an raibh siad ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I ndiaidh seiceálacha imscrúdaithe, cinneadh nach raibh 41 de na táirgí ar tugadh fógra fúthu faoi RAPEX ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I gcás na bhfoláireamh eile, sainaithníodh soláthróirí agus chuathas i dteagmháil leo chun táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint den mhargadh.<br>▸ Baineadh leas as gealltán sábháilteachta táirgí Choimisiún an Aontais Eorpaigh ar mhaithe le rialú ardán a dhíol táirgí neamhchomhlíontacha. Bhain na hardáin fógraí ar líne le haghaidh táirgí neamhchomhlíontacha ó dhíoltóirí éagsúla.<br>▸ Ghlac an tÚdarás páirt i dTionscadal Forfheidhmithe REACH (REF 8) de chuid ECHA ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le táirgí ceimiceacha a bhí á ndíol ar líne. Seiceáladh 74 táirge ar 40 suíomh gréasáin chun féachaint ar chomhlíon siad ceanglais REACH agus CLP. I measc na dtáirgí a seiceáladh, bhí táirgí a úsáidtear i bhfoirgníocht/DFÉ, glantaigh, ealaíona agus ceirdeanna agus deisiúchán gluaisteán. Bhí ráta neamhchomhlíontach foriomlán 85% i gceist; níor chomhlíon ach 11 táirge Airteagal 48(2) de CLP agus bhí an ráta neamhchomhlíontach le haghaidh soláthar Bileoga Sonraí Sábháilteachta ag 80%.<br>▸ Baineadh 26 táirge ceimiceach den mhargadh mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceanglas lipéadaithe agus pacáistithe faoi Rialachán CLP agus mar gheall ar shubstaintí srianta nó substaintí a bhíonn faoi réir údarú mar a rialáiltear faoi Rialachán REACH a bheith ina láthair. Foilseofar torthaí na dtionscadal faireachais margaidh sin in 2021. |

## Baineadh 26 táirge ceimiceach den mhargadh mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceanglas lipéadaithe agus pacáistithe

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Ceanglais faireachais margaidh na dtáirgí a dhíoltar ar mhargadh na hÉireann a fhorfheidhmiú, na táirgí a dhíoltar le tomhaltóirí ina measc. | **Táirgí Tionsclaíocha**<br>▸ Rinneadh measúnú ar 43 foláireamh RAPEX a bhain le táirgí tionsclaíocha chun a chinneadh an raibh siad ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I ndiaidh seiceálacha imscrúdaithe, cinneadh nach raibh 42 de na táirgí ar tugadh fógra fúthu faoi RAPEX ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I gcás an fholáirimh eile, sainaithníodh soláthróirí agus chuathas i dteagmháil leo chun táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint den mhargadh.<br>▸ Tuairiscíodh trí tháirge thionsclaíocha neamhchomhlíontacha le córas faisnéise agus cumarsáide na hEorpa maidir le faireachas margaidh (ICSMS).<br>▸ Tuairiscíodh agus athbhreithníodh 1,259 Tuarascáil Scrúdaithe Reachtúil ar innealra, brú-threalamh agus ardaitheoirí, mar a éilítear faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007. As na tuarascálacha a fuarthas, theastaigh beart leantach leis an té ar a raibh dualgas i gcás 94% díobh.<br>▸ Cuireadh 130 idirghabháil maidir le trealamh cosanta pearsanta i gcrích, a d'áirigh cúrsaí neamhchomhlíonta agus ceisteanna a chuir allmhaireoirí agus dáileoirí.<br>▸ Rinneadh measúnú ar 158 foláireamh RAPEX maidir le trealamh cosanta pearsanta chun a chinneadh an raibh siad ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I ndiaidh seiceálacha imscrúdaithe, cinneadh nach raibh 155 de na táirgí ar tugadh fógra fúthu faoi RAPEX ar fáil ar mhargadh na hÉireann. I gcás na bhfoláireamh eile, sainaithníodh soláthróirí agus tugadh faoi bheart leantach cuí.<br>▸ I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar 307 fógra ar ICSMS maidir le trealamh cosanta pearsanta, chuir an tÚdarás tús le hocht bhfógra nua ar ICSMS maidir le trealamh cosanta pearsanta neamhchomhlíontach ar mhargadh na hÉireann. |

| | |
|---|---|
| Gníomh forfheidhmithe comhréireach a thógáil chun comhlíonadh a spreagadh agus a chinntiú. | ▸ Cuireadh 1,160 imscrúdú i gcrích i bhfianaise timpistí agus gearáin a fuarthas.<br>▸ As na himscrúduithe sin, rinneadh 61 i dtalmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht, 356 i bhfoirgníocht agus 45 i gcúram sláinte.<br>▸ D'eascair gníomhartha forfheidhmithe foirmiúla as 583 cigireacht agus imscrúdú (5.3% de na hionaid oibre), Fógraí Toirmisc agus Feabhsúcháin agus Fógraí um Íocaíocht Shocraithe (fíneálacha) ina measc.<br>▸ I gcás 6,063 cigireacht agus imscrúdú thug an cigire Tuarascáil Cigireachta don té ar a raibh dualgas, a d'éiligh feabhsúcháin a dhéanamh. B'ionann sin agus 61% de na cigireachtaí/imscrúduithe láithreáin.<br>▸ Bhí 13 ionchúiseamh i gceist, naoi gcinn ar díotáil agus ceithre cinn go hachomair, ar eascair fíneálacha €1,327,000 astu. Díbheadh cás amháin. |

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Tograí rialála agus beartais a chur faoi bhráid an Aire. | ▸ Dhréachtaigh an tÚdarás dréacht-rialacháin chun bearta sábháilteachta a thabhairt isteach d'oibriú Feithiclí Ilraoin, agus d'fhaomh an Bord iad lena gcur faoi bhráid an Aire.<br>▸ Soláthraíodh leibhéal suntasach comhairle teicniúla, lena n-áirítear freastal ar an gCoiste um Dhul Chun Cinn Teicniúil de chuid an Aontais Eorpaigh, ar nuashonrú Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hOibreáin Bhitheolaíocha.<br>▸ Foilsíodh Cód Cleachtais nuashonraithe le haghaidh Oibreáin Bhitheolaíochta chun nuashonruithe ar Threoir (AE) 2019/1833 ón gCoimisiún agus ar Threoir (AE) 2020/739 ón gCoimisiún a chur san áireamh, lena n-áirítear SARS-CoV-2, an víreas is cúis le galar COVID-19, a chur le sceidil an Chóid mar oibreán bitheolaíoch i nGrúpa 3.<br>▸ Forbraíodh comh-Chód Cleachtais ar thromaíocht ag an obair a chosc agus a réiteach i gcomhar leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, agus cuireadh é faoi bhráid an Aire lena fhoilsiú in 2021 a fhaomhadh.<br>▸ Cuireadh tús le hobair chun Cód Cleachtais 2021 ar Oibreáin Bhitheolaíocha a fhorbairt chun luachanna teorann a thrasuí ó Threoir (AE) 2019/1831 maidir leis an gcúigiú liosta táscach ón Aontas Eorpach.<br>▸ Foilsíodh treoir maidir le léirmhíniú ar an eisiamh a bhaineann le stóráil shealadach idirmheánach faoi Rialacháin COMAH 2015. Seoladh treoir a bhaineann le comhairle theicniúil ar phróiseas na Pleanála Úsáide Talún freisin le haghaidh comhairliúchán poiblí.<br>▸ Cuireadh athbhreithniú agus ionchur teicniúil faoi bhráid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar raon leathan reachtaíochta, lena n-áirítear:<br>  ▹ Na Rialacháin maidir le Substaintí Contúirteacha le haghaidh siopaí miondíola agus siopaí tráchtála (I.R. 630 agus I.R. 631 de 2019)<br>  ▹ Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Mianaigh)<br>  ▹ Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil)<br>  ▹ Leasú ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíocha) (Leasú), 2020 (I.R. Uimh. 539 de 2020)<br>  ▹ Cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Faireachas Margaidh (Rialacháin (AE) 2019/1020)<br>  ▹ Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú), 2020 (I.R. 102 de 2020)<br>▸ Tugadh ionchur teicniúil ar nuashonrú na Treorach maidir le Carcanaiginí agus Só-ghineacha, agus cuireadh Aicrilinítríl, comhdhúile Nicile, agus Beinséin (a bhfuil teorainnluach um nochtadh ceirde i bhfeidhm di san Aontas Eorpach cheana féin) leis an gceathrú dréacht-leasú ar an Treoir dá bharr, a chuirfear i gcrích go luath in 2021.<br>▸ Mar chuid dá thacaíocht don Aire agus don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, d'fhreagair an tÚdarás os cionn 375 ceist agus seisiún eolais chomh maith le 60 ceist pharlaiminteach.<br>▸ Tá liosta iomlán den reachtaíocht, na cóid cleachtais agus treoir a foilsíodh in Aguisín 4. |

# 2 Tosaíocht Straitéiseach
# Cur Chun Cinn

## Tacaíocht, oideachas agus níos mó feasachta a chur ar fáil chun timpistí, gortuithe agus drochshláinte a chosc

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Leanúint ag méadú faisnéise agus tuisceana ar an gcaoi le sláinte agus folláine a bhaineann leis an obair a bhainistiú. | ▸ Tugadh faoi fheachtais mhóra chun feasacht a mhéadú maidir leis an mBreatimeacht, Sábháilteacht ar an bhFeirm agus Feithiclí ag an Obair i raon leathan meán, an teilifís, an raidió, meáin chlóite agus meáin dhigiteacha san áireamh.<br>▸ Mar chuid de chur i bhfeidhm na moltaí ó shuirbhé an Údaráis in 2019 ar Úsáid Ceimiceán, foilsíodh uirlis aimsithe róil ghréasánbhunaithe ar líne chun cabhrú le cuideachtaí a ról sa slabhra soláthair a thuiscint.<br>▸ Cuireadh feasacht ar impleachtaí an Bhreatimeachta faoi Rialachán Rotterdam chun cinn trí sheimineáir ghréasáin, nuashonruithe ar an suíomh gréasáin, cumarsáid agus na meáin shóisialta.<br>▸ Tionóladh dhá sheimineár gréasáin ar mheasúnú riosca eirgeanamaíochta le 400 toscaire. Taifeadadh na seimineáir ghréasáin agus cuireadh ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis iad mar acmhainn úsáideach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí láimhsithe shábháilte san ionad oibre.<br>▸ Pléadh le stiúrthóirí breisoideachais agus oiliúna chun úsáid na n-uirlisí ríomhfhoghlama a chur chun cinn le haghaidh cúrsaí/cláir phrintíseachta ábhartha.<br>▸ Bhí os cionn 3.5 milliún cuairt ar chroíshuíomh gréasáin an Údaráis (www.hsa.ie), méadú 25% ar líon 2019.<br>▸ Rianaigh an phobalbhreith bhliantúil le RedC meonta i leith na sláinte agus na sábháilteachta san ionad oibre agus léiríodh faoin daonra oibre a ndearnadh suirbhéireacht orthu:<br>  ▸ aontaíonn 92% de na hoibrithe go bhfuil obair an Údaráis tábhachtach chun cabhrú le timpistí agus básuithe san ionad oibre a laghdú,<br>  ▸ aontaíonn 92% go bhfuil bainistíocht éifeachtach sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre tábhachtach don rath gnó,<br>  ▸ aontaíonn 92% go gcaitear go dáiríre le sláinte agus sábháilteachta na bhfostaithe ina n-ionad oibre, agus<br>  ▸ measann 97% den daonra oibre go bhfuil siad an-eolach ar rioscaí sláinte agus sábháilteachta ina n-ionad oibre.<br>▸ Rinneadh suirbhé Ógthalmhaíochta ar shábháilteacht ar an bhfeirm a bhí dírithe ar dhaoine idir 16-20 bliain d'aois a chónaíonn ar fheirm, agus fuarthas 454 freagra. Áiríodh leis na pointí tábhachtacha go n-oibríonn nó go gcabhraíonn 98% de na freagróirí ar fad ar an bhfeirm (rinneadh an suirbhé ag am nach raibh daoine óga ar scoil); bhí 70% deich mbliana d'aois agus níos óige nuair a thosaigh siad ag cabhrú ar an bhfeirm; agus bhí 78% de na freagróirí ag cabhrú gach lá tráth a ndearnadh an suirbhé. Úsáidfear na torthaí chun bonn eolais a chur faoi phlé faoi shábháilteacht ar an bhfeirm le daoine óga amach anseo. |

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Feasacht a mhéadú ar uirlisí agus seirbhísí ar líne an Údaráis, BeSMART.ie, hsalearning.ie agus WorkPositive[CI] ina measc, agus a n-úsáid a spreagadh. | ▸ Cuireadh tús le hardán nua a fhorbairt le haghaidh BeSMART.ie.<br>▸ Rinneadh 11,868 clárúchán ar BeSMART.ie, a thug an líon iomlán go 78,162. Ba é mí an Mheithimh 2020 an mhí ab airde le haghaidh clárúchán go dtí seo (2,855) agus bhí an líon ab airde clárúcháin nua riamh ann in 2020. Cuireadh trí chineál gnó nua leis.<br>▸ Bhí 13,227 úsáideoir cláraithe ar an uirlis measúnaithe riosca ar líne don fheirm, farmsafely.com.<br>▸ Cuireadh 52,644 cúrsa i gcrích ar hsalearning.ie, an líon ab airde riamh agus méadú 60% ar 2019, a d'fhág go ndearnadh 159,113 cúrsa san iomlán.<br>▸ Reáchtáladh feachtais feasachta ar na meáin shóisialta i gcomhar le feachtais cigireachta agus tharraing siad aird ar an raon comhairle agus tacaíochta atá ar fáil. Bhí 15,080 lucht leanúna ag an Údarás ar Twitter agus 45,131 ar Facebook.<br>▸ Cuireadh an uirlis WorkPositiveCI chun cinn i bpodchraoltaí agus físeáin nuafhorbartha ar na meáin shóisialta. Bhí 7,000 cuairt suímh gréasáin ar an leathanach lamairne www.workpositive.ie. Bhí 12 úsáideoir nua ag an uirlis, agus freagraíodh 945 suirbhé síceasóisialta fostaí ar líne.<br>▸ Chuathas i gcomhpháirtíocht le Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann (ISME) chun tacaíochtaí tábhachta oideachais agus gnó ceirde a chur chun cinn trí imeachtaí, gné-ailt ar an iris bISME agus acmhainní ar líne a roinnt.<br>▸ Cuireadh cainteoirí ar fáil do 15 imeacht chun tacaíochtaí, uirlisí agus acmhainní gnó agus oideachais an Údaráis a chur chun cinn, agus dréachtaíodh raon alt le haghaidh foilseacháin páirtithe leasmhara.<br>▸ Cuireadh an tOllchúrsa Oscailte Ar Líne (MOOC) ar Ionduchtú um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre i gcrích i gcomhar le IT Shligigh<br>▸ Críochnaíodh an athfhorbairt ar an gcúrsa ríomhfhoghlama faoi Shábháilteacht, Sláinte agus Leas i Scoileanna a Bhainistiú. |

**52,644 cúrsa a cuireadh i gcrích ar hsalearning.ie**



| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Faisnéis agus treoir a thabhairt chun a chur ar chumas daoine ar a bhfuil dualgais tuiscint a fháil ar na tairbhí a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus ceimiceáin a bhainistiú go réamhghníomhach ar na caighdeáin is airde. | ▸ Pléadh le 28,684 teagmháil isteach tríd an Aonad Teagmhála leis an Ionad Oibre de chuid an Údaráis, a chuimsigh raon ceisteanna agus gearán. Léirigh sé sin méadú 64% ar líon 2019, agus tharla formhór an mhéadaithe sin mar gheall ar phaindéim sláinte poiblí COVID-19.<br>▸ Forbraíodh agus seoladh an Treoir maidir leis an Obair ón mBaile d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe.<br>▸ Foilsíodh Cód Cleachtais 2020 ar Oibreáin Bhitheolaíocha, a tháinig in áit Cód Cleachtais 2018 ar na Rialacháin maidir le hOibreáin Bhitheolaíocha. Athstruchtúraíodh Cód Cleachtais 2020 chun tacú leis an Rialachán maidir le hOibreáin Bhitheolaíocha agus leis an Rialachán maidir le Carcanaiginí, arna leasú.<br>▸ I ndiaidh na moltaí ón suirbhé in 2019 ar Úsáid Ceimiceán a chur san áireamh, tugadh faoi athbhreithniú, nuashonrú agus simpliú ar an eolas a thugtar ar leathanaigh ghréasáin an Údaráis.<br>▸ Foilsíodh treoir athbhreithnithe maidir le hOibríochtaí Sábháilte Ardaitheoirí Earraí Cláir Deiridh ar Fheithicil, ina dtugtar faisnéis agus ina dtarraingítear aird ar na freagrachtaí dlíthiúla maidir le húsáid, cothabháil, scrúdú agus oibriú ardaitheoirí earraí cláir deiridh (ardaitheoirí cúil) ar fheithicil.<br>▸ Rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt dreácht-Chód Cleachtais nua, Code of Practice: Rider-operated industrial trucks: Operator training, a thiocfaidh in áit an Chóid Cleachtais reatha faoi thrucailí ardaitheora a oibríonn úsáideoirí a foilsíodh in 2001.<br>▸ Uasghrádaíodh an tairseach rioscaí Iompair agus Feithiclí ar www.vehiclesatwork.ie chun rochtain thapa agus éasca a chur ar fáil ar fhaisnéis chun cabhrú le rioscaí feithicle a bhainistiú in earnálacha tosaíochta.<br>▸ Tionóladh an chéad chomhsheimineár gréasáin idir an tÚdarás, an Garda Síochána agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi Thiomáint don Obair. Díríodh ar bhainistíocht riosca do fhlít feithiclí earraí troma tráchtála. Chláraigh 436 duine don seimineár, agus d'fhreastail 244 air beo, le breis agus 500 amharc ar an seimineár ina dhiaidh.<br>▸ Cuireadh cainteoirí ar fáil d'imeachtaí páirtithe leasmhara tábhachtacha a bhain le raon topaicí sábháilteachta feithiclí don obair le haghaidh IOSH, IBEC, Oifig na nOibreacha Poiblí, na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus ICTU.<br>▸ Foilsíodh cás-staidéar nua faoi Thiomáint don Obair inar díríodh ar rioscaí do fhlít busanna agus cóistí a bhainistiú.<br>▸ Seoladh agus cuireadh chun cinn treoir nua faoi phlean bainistíochta tráchta ar láithreáin foirgníochta.<br>▸ Cuireadh tús le hobair ar athbhreithniú agus nuashonrú Threoir ADR le haghaidh gnóthaí, chomh maith le treoir maidir le hábhar ina bhfuil aispeist a iompar de bhóthar. Foilseofar an dá threoir in 2021.<br>▸ I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar an treoir maidir le fostaithe faoi mhíchumas. Foilseofar an treoir nuashonraithe in 2021.<br>▸ Rinneadh cur i láthair ag comhdháil Chumann Sláinteachas Oibre na hÉireann ar chaighdeán na dtuarascálacha ar shláinteachas oibre. |

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Acmhainní oideachais a sholáthar don chóras oideachais foirmiúil agus don ionad oibre. | ▸ Ghlac 28,217 scoláire páirt sa chlár Choose Safety (2019/20), clár suaitheanta an Údaráis i scoileanna iar-bhunscoile agus breisoideachais. Ba é sin an dara líon ab airde scoláirí a taifeadadh riamh. Athbhreithníodh agus nuashonraíodh téacsanna an chláir agus cuireadh an clár chun cinn trí na meáin shóisialta agus trí fhóraim oideachais ar líne, agus ag imeachtaí líonraithe/oideachais do mhúinteoirí.<br>▸ Reáchtáladh lá náisiúnta oiliúna do Chomhordaitheoirí Choose Safety chun na nuashonruithe agus gnéithe nua a chur chun cinn.<br>▸ Eisíodh córas cláraithe ar líne chun rochtain ar líne ar an gclár Choose Safety a éascú.<br>▸ Tionóladh imeacht Keep Safe do bhunscoileanna in Inis, Co. an Chláir, agus ghlac os cionn 100 rannpháirtí agus deich ngníomhaireacht Stáit páirt ann.<br>▸ Cuireadh acmhainní faoi Shábháilteacht ar an bhFeirm do dhaltaí bunscoile chun cinn trí Scoilnet chun teagasc agus foghlaim ar líne a éascú.<br>▸ D'fhorbair roinnt forais aitheanta agus forais oiliúna fhaofa cúrsaí ríomhfhoghlama cumaisc athnuachana i ngarchabhair, agus d'fhaomh an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (PHECC[2]) iad.<br>▸ Cuireadh oiliúint feasachta ar shábháilteacht agus sláinte ceirde ar fáil do mhic léinn i gcoláistí talmhaíochta leis an gclár Champions for Change sular thug siad faoi shocrúcháin ar fheirm mar thaithí oibre. Rinneadh é sin i gcomhar le FBD agus Bord Soláthair an Leictreachais. |
| Eolas agus feasacht ar na dainséir a bhaineann le táirgí ábhartha agus ceimiceáin ghuaiseacha a mhéadú. | ▸ Méadaíodh feasacht trí thionscadal forfheidhmithe a chomhordaigh an tAontas Eorpach maidir le "díolacháin ar líne táirgí ceimiceacha" inar díríodh ar cheanglais rialála agus na leibhéil comhlíonta le haghaidh táirgí ceimiceacha a dhíoltar ar an idirlíon trí phlé le 40 cuideachta/ardán a dhíolann ceimiceáin ar líne.<br>▸ Tugadh fógra don Údarás faoi fhabhtanna tromchúiseacha in ardaitheoirí carranna a bhí in úsáid i lárionaid náisiúnta tástála in Éirinn. D'eisigh an tÚdarás foláireamh náisiúnta sábháilteachta inar sainaithníodh an fabht agus phléigh sé le déantúsóir na n-ardaitheoirí carranna. Chuir na dreamanna ábhartha ar a raibh dualgas tús ina dhiaidh sin le clár deisithe agus athsholáthair. Tugadh fógra do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh faoi na fabhtanna agus cuireadh fógra ar ICSMS.<br>▸ Tarraingíodh aird i bhfeachtas faireachais margaidh ar tháirgí ceimiceacha, a úsáidtear i ngníomhaíochtaí a bhaineann le foirgníocht, ar an easpa feasachta i measc soláthróirí na dtáirgí sin, siopaí crua-earraí mar shampla, maidir leis an gceanglas chun bileog sonraí sábháilteachta a thabhairt d'úsáideoirí gairmiúla.<br>▸ Rinneadh cur i láthair ar líne faoi aispeist do mhic léinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. |

2 Is í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (PHECC) an comhlacht reachtúil neamhspleách atá freagrach as caighdeáin, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim práinne réamh-ospidéil a aithníonn an tÚdarás mar an comhlacht ábhartha chun soláthar na hoiliúna garchabhrach in Éirinn a mhaoirsiú. Tugann PHECC aitheantas d'fhorais aitheanta agus d'fhorais oiliúna fhaofa chun Caighdeáin Oideachas agus Oiliúna fhaofa a sholáthar.

# 3 Tosaíocht Straitéiseach
# Creidiúnú

## An tseirbhís náisiúnta creidiúnaithe a fhás chun fiontair agus seirbhísí poiblí a chumasú agus chun tacú leo

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Straitéis náisiúnta creidiúnaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | ▸ Cuireadh tús le hobair ar straitéis náisiúnta creidiúnaithe a fhorbairt le roghnú comhpháirtí rannpháirtíochta roghnaithe. Tá plean mionsonraithe tionscadail agus acmhainní i bhfeidhm chun an straitéis a sholáthar in 2021.<br>▸ Tionóladh roinnt cruinnithe le páirtithe leasmhara i gcaitheamh 2020 chun réimsí nua agus spleodracha creidiúnaithe a phlé. Reáchtáladh cruinnithe le hUisce Éireann, an Coimisiún um Chosaint Sonraí, an Roinn Comhshaoil, Cumarsáide agus Aeráide, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus seirbhísí paiteolaithe an Stáit.<br>▸ Lean INAB ag plé go réamhghníomhach leis an earnáil chúraim sláinte, i dtaobh thástáil SARs-CoV-19 go sonrach, chomh maith le creidiúnú BithBhanc. Reáchtáil an Coiste Comhairleach um Leigheas agus Eolaíocht cruinniú amháin in 2020 agus d'fháiltigh sé roimh chomhaltaí nua. |
| Luach an chreidiúnaithe neamhspleách a chur chun cinn chun muinín as cáilíocht agus caighdeán na seirbhísí poiblí agus príobháideacha a thógáil. | ▸ Rinne INAB ceiliúradh ar 35 bliain ag cur creidiúnú ar fáil in Éirinn agus sheol sé bróisiúr promóisin inar tarraingíodh aird ar éachtaí na gcliant creidiúnaithe agus ar thairbhe an chreidiúnaithe don gheilleagar agus do shochaí na hÉireann.<br>▸ Reáchtáladh Lá Domhanda an Chreidiúnaithe ar an 9 Meitheamh 2020 agus ba é a théama 'Accreditation: Improving Food Safety'. Cuireadh chun cinn é ar shuíomh gréasáin INAB agus ar na meáin shóisialta. Cuireadh bróisiúr inar tarraingíodh aird ar chreidiúnú INAB ag tacú le sábháilteacht bia i dtoll a chéile chun dul leis an imeacht sin.<br>▸ Eisíodh dhá nuachtlitir chun faisnéis a thabhairt i dtaobh forbairtí in INAB agus creidiúnú.<br>▸ Thionóil INAB a fhóram measúnóirí débhliantúil, inar tugadh le chéile saineolaithe agus measúnóirí teicniúla chun ceisteanna teicniúla agus measúnaithe a phlé.<br>▸ Rinne foireann INAB cur i láthair ar na tairbhí agus an luach a bhaineann le creidiúnú i bhfóraim éagsúla. |

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Cliaint a oibríonn i réimsí atá ag athrú de shíor, ar nós cibearshlándála, cosaint sonraí agus róbataice, a ullmhú agus a chreidiúnú. | ▸ D'fhorbair agus d'fhaomh Bord INAB trí scéim nua do chreidiúnú. Déanann siad creidiúnú ar dheimhniú/bhailíochtú, BithBhainc agus seirbhísí scrúdaithe iarbháis. Cuirfidh INAB na scéimeanna sin i gcrích go luath in 2021 agus beidh sé réidh ansin le glacadh le hiarratais.<br>▸ Tháinig an Bord Creidiúnaithe le chéile sé huaire in 2020 agus rinne sé deich gcinneadh faoi chreidiúnú. Rinne Bainisteoir INAB 315 cinneadh faoi chreidiúnú in 2020.<br>▸ Fuarthas 15 iarratas ó chliaint nua INAB in 2020, agus fuarthas 135 iarratas ar shíneadh le raon feidhme ó chliaint chreidiúnaithe reatha.<br>▸ Rinneadh 379 measúnú in 2020. Ó thosaigh paindéim COVID-19, rinneadh na measúnuithe ó chian ar WebEx.<br>▸ Chun leanúint ag freastal ar an éileamh ar chreidiúnú, cháiligh INAB 32 measúnóir nua.<br>▸ Thairg INAB creidiúnú le haghaidh thástáil SARS-CoV-19 ó mhí na Bealtaine 2020. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar éileamh méadaithe de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus athruithe rialála eile, teacht roimhe agus freagairt dó. | ▸ Fuair INAB ceithre iarratas nua ar chreidiúnú a bhain go díreach le cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fháil. Reáchtáil Bord INAB sé chruinniú.<br>▸ Cuireadh luach chreidiúnú INAB chun tacú le gnóthaí na hÉireann agus iad ag ullmhú le haghaidh imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach chun cinn i rith imeachtaí Breatimeachta agus Rialtas na hÉireann a d'eagraigh an tÚdarás.<br>▸ Mar chuid de thacaíocht an Údaráis do ghnó na hÉireann, reáchtáladh seimineár gréasáin ar na himpleachtaí ar chreidiúnú de bharr imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.<br>▸ Thacaigh INAB le feidhm an údaráis náisiúnta a thugann fógra agus chabhraigh le comhordú líonra údarás na hÉireann a thugann fógra, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ina measc. |
| Aitheantas agus clú INAB agus sheirbhísí creidiúnaithe na hÉireann a chothú. | ▸ Rinneadh ionadaíocht ar INAB ag cruinnithe de chuid Chomhar na hEorpa um Chreidiúnú, an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin, an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne, agus an Choimisiúin Eorpaigh. Cuireadh roinnt cruinnithe ar ceal in 2020, ach bhain na 13 chruinniú idirnáisiúnta ar ar freastalaíodh le sainordú iomlán INAB.<br>▸ Fuair Comhar na hEorpa um Chreidiúnú iarratas ar an stádas sínitheora iltaobhach a leathnú le haghaidh ISO 17024 (deimhniú daoine) in 2020; cuireadh an mheastóireacht air sin siar go 2021.<br>▸ Lean INAB ar aghaidh lena fheidhmeanna reachtúla mar an tÚdarás Monatóireachta ar Dea-chleachtas Saotharlainne, agus dhá shaoráid sa chlár.<br>▸ Toghadh Bainisteoir INAB ar Bhord Feidhmiúcháin Chomhar na hEorpa um Chreidiúnú, le haghaidh téarma dhá bhliain ó 2021. |

# 4 Tosaíocht Straitéiseach

# Tionchar

## Tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú chun tacú le saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Comhoibriú agus gníomhú go réamhghníomhach le páirtithe leasmhara agus le comhlachtaí rialála chun aidhmeanna comhpháirteacha a bhaint amach. | ▸ Cuireadh i bhfeidhm na moltaí a lean an t-athbhreithniú ar Choiste na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm in 2019 agus athbhunaíodh coiste nua le cúig Mheitheal thasc-shonracha. |
| | ▸ Cuireadh taighde i gcrích ar chomhairle sábháilteachta agus sláinte ceirde a chomhtháthú i nGrúpaí Aistrithe Eolais a mhaoiníonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus cuireadh tús leis na torthaí agus na moltaí a chur i bhfeidhm. |
| | ▸ Lean an Comhthionscnamh Coisc le Teagasc le rannpháirtíocht réamhghníomhach lena sheirbhís chomhairleach chun sábháilteacht agus sláinte ceirde san fheirmeoireacht a chur chun cinn. |
| | ▸ Lean SACURIMA, líonra idirnáisiúnta a mheasann dúshláin sábháilteachta agus sláinte ceirde a bhíonn le sárú ag Talmhaíocht an Aontais Eorpaigh, lena obair agus rinne sé tograí agus moltaí suntasacha ag cruinnithe le coimisinéirí AE agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. |
| | ▸ Glacadh páirt sa Ghrúpa Idir-rannach ar Threoir agus Straitéis maidir le Cianobair chun tacú le Straitéis an Rialtais chun cianobair a spreagadh in Éirinn. Mar chuid den obair sin, foilsíodh an Treoir maidir leis an Obair ón mBaile d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe. |
| | ▸ Tionóladh dhá sheimineár gréasáin ar mheasúnú riosca eirgeanamaíochta i gcomhar le Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta. |
| | ▸ Glacadh páirt sna cruinnithe démhíosúla sceidealaithe ar fad ar leibhéal feidhmeannais idir an tÚdarás, an Garda Síochána agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun dul chun cinn a dhéanamh ar bhearta straitéiseacha maidir le sábháilteacht ar bhóithre a bhaineann leis an obair. |
| | ▸ Eagraíodh trí chruinniú painéil chomhairleacha faoi Shábháilteacht Feithiclí a Bhaineann leis an Obair chun dul chun cinn a dhéanamh ar chomhroinnt faisnéise agus cuir chuige i leith dul i ngleic le rioscaí feithiclí a bhaineann leis an obair go comhardaithe. Leanadh le rannpháirtíocht le comhghleacaithe san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána freisin. |
| | ▸ Glacadh páirt in dhá chruinniú de mheitheal na hOifige Náisiúnta um Liacht Tráchta ar Infheidhmeacht chun Tiomána. |
| | ▸ Glacadh páirt in dhá chruinniú de Choiste Teicniúil Idir-rannach na Roinne Iompair ar Mhótarfheithiclí agus Feithiclí Nasctha agus Uathrialaitheacha. |

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Tograí oibiachtúla bunaithe ar thaighde a chur i láthair an Rialtais chun maoiniú méadaithe a bhaint amach don Údarás. | ▸ Mar gheall ar a ról stiúrtha maidir leis an bhfreagairt tras-Rialtais ar phaindéim COVID-19 agus mar aitheantas ar an ngá fadtéarmach atá leis an gclár sláinte ceirde a fheabhsú, fuair an tÚdarás deontas breise íocaíochta €4.2 milliún i gCáinaisnéis 2021. Úsáidfear é sin chun rannán nua sláinte ceirde a chruthú in 2021 agus acmhainní a mhéadú i sábháilteacht agus sláinte ceirde, ceimiceáin agus faireachas margaidh. |
| Comhoibriú agus tionchar a imirt ar an ngá atá le tuairisciú agus taifeadadh níos fearr ar thinneas agus drochshláinte ceirde agus sásraí a fhorbairt chun a chinntiú go roinntear sonraí. | ▸ Foilsíodh tuarascáil an Líonra Taighde Sláinte agus Saothair maidir le Poblacht na hÉireann le haghaidh 2019. Tuairiscíodh 110 cás de thinneas ceirde faoi scéim an Líonra Taighde Sláinte agus Saothair.<br>▸ D'iarr Bord an Údaráis go bhforbrófaí Anailís ar Thionchar Rialála chun na roghanna maidir le cásanna COVID-19 a d'eascair as gníomhaíocht oibre a thuairisciú don Údarás a fhiosrú. Cuirfear an Anailís ar Thionchar Rialála i gcrích go luath in 2021. |
| Páirt ghníomhach agus fhiúntach a ghlacadh i gclár oibre agus plé an Aontais Eorpaigh ar shábháilteacht agus sláinte ceirde, ceimiceán, faireachas margaidh agus creidiúnú. | ▸ Faoinár sainorduithe ceimiceán agus sábháilteachta agus sláinte ceirde, bhí an tÚdarás rannpháirteach i gcoistí agus meithleacha tosaíochta leis na Náisiúin Aontaithe, Coimisiún an Aontais Eorpaigh, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA). Freastalaíodh ar fhormhór na gcruinnithe AE go fíorúil. Tá liosta iomlán de na coistí agus meithleacha in Aguisín 3.<br>▸ Rinneadh Cathaoirleacht ar Mheitheal an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ar Cheisteanna a bhaineann leis an bPaindéim agus Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde agus ghníomhaíodh mar rapóirtéir ar na Meithleacha um Threalamh Scáileán Taispeána agus Treoraíocht maidir le Comharthaí Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde. Glacadh páirt freisin sa Mheitheal um Ionaid Oibre agus cuireadh le forbairt leanúnach Thuairimí an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.<br>▸ Glacadh páirt san athbhreithniú ar an Treoir maidir le hInnealra i dteannta an Choimisiúin, na mBallstát agus páirtithe leasmhara.<br>▸ Rinneadh cur i láthair don Ghrúpa Comhairleach Eorpach um Innealra ar bheart leantach an Údaráis a d'eascair as clásal Coimirce ar fud an Aontais Eorpaigh a d'eisigh an Coimisiún a bhain le cosaint chontúirteach Trealaimh i gcúirteanna babhlála.<br>▸ Feidhmíodh róil an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh i mBord Bainistíochta agus Fóram Forfheidhmithe ECHA.<br>▸ Gníomhaíodh mar Phointe Fócasach Náisiúnta na Gníomhaireacht Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) agus rinneadh cur chun cinn gníomhach ar an téama feachtais "Healthy Workplaces Lighten the Load".<br>▸ Mar chomhalta de phríomhchomhairle Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC), rinneadh dul chun cinn agus imríodh tionchar ar an gclár oibre um shábháilteacht ar bhóithre a bhaineann leis an obair. Gníomhaíodh ar bhord eagarthóireachta an acmhainn bainistíochta riosca feithiclí ar líne, VeSafe, de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, a chomhardaigh EU-OSHA. |

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Dul i bpáirt leis an Rialtas chun tacaíocht a chur ar fáil do ghnóthaí agus iad ag ullmhú agus ag dul i ngleic le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. | ▸ Tugadh comhairle agus tacaíocht trí shuíomh gréasáin an Bhreatimeachta, nuachtlitreacha agus na meáin shóisialta. Fuarthas agus freagraíodh ceisteanna a bhain leis an mBreatimeacht ar chúrsaí a bhain le ceimiceáin, creidiúnú, brú-threalamh iniompair agus táirgí tionsclaíocha. Bhain formhór na gceisteanna a fuarthas le ceimiceáin.<br>▸ Anuas ar an bhfeasacht a ardaíodh i raon meán, lena n-áirítear an teilifís, raidió, meáin chlóite agus meáin dhigiteacha, tionóladh sraith de cheithre sheimineár gréasáin ar an mBreatimeacht inar pléadh na himpleachtaí ar chreidiúnú, táirgí tionsclaíocha, brú-threalamh iniompair agus ceimiceáin. Taifeadadh na seimineáir ghréasáin ar fad agus cuireadh ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis iad do dhaoine nach raibh in ann freastal orthu ar an lá agus chun eolas an lucht freastail ar ábhar na seimineár a athnuachan.<br>▸ Rinneadh cur i láthair ag seimineár Rialála Cosmaidí agus Glantach IBEC, ag seimineár na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus comhdháil bhliantúil Health & Safety Review ar impleachtaí an Bhreatimeachta ar chuideachtaí na hÉireann. |

**Fuarthas agus freagraíodh 87 ceist a bhain leis an mBreatimeacht ar chúrsaí a bhain le ceimiceáin, creidiúnú, brú-threalamh iniompair agus táirgí tionsclaíocha**

# 5 Tosaíocht Straitéiseach

# An Chaoi a nOibrímid

## An chaoi a n-oibrímid a fheabhsú trí dhaoine, próisis agus teicneolaíocht

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Meas a léiriú ar an bhfoireann, plé leo agus iad a fhorbairt chun cumas agus inniúlacht na heagraíochta a neartú. | ▸ Cuireadh clár cuimsitheach i gcrích le haghaidh oiliúint agus fhorbairt na gcigirí nua.<br>▸ Cuireadh clár cuimsitheach foghlama agus forbartha ar líne ar fáil freisin chun inniúlacht theicniúil na foirne ar fad a fheabhsú.<br>▸ I gcomhar le Coiste Folláine an Údaráis, forbraíodh sraith cur i láthair físe ar líne inar díríodh ar na gnéithe síceasóisialta a bhain le hoibriú agus cónaí le COVID-19.<br>▸ Cuireadh sraith de cheithre sheimineár gréasáin ar fáil go hinmheánach chun uirlisí agus cleachtaí praiticiúla a roinnt, a chabhraigh le leibhéil níos airde de bhainistíocht struis agus athléimneacht, táirgiúlacht agus fócas a chur chun cinn.<br>▸ Seoladh fóram plé ar líne chun rannpháirtíocht agus spreagadh na foirne a fheabhsú. |
| Ár struchtúr, samhail oibríochta agus leithdháileadh acmhainní a oiriúnú chun díriú ar réimsí tábhachtacha bunaithe ar fhianaise, taighde, anailís agus meastóireacht. | ▸ Cuireadh socruithe leanúnachais gnó i bhfeidhm chun a chinntiú, nuair ab fhéidir, go bhféadfadh an fhoireann oibriú ón mbaile de réir na mbeart sláinte poiblí, agus forbraíodh sraith cáipéisí treorach chun tacú leis sin.<br>▸ Leasaíodh tosaíochtaí chlár oibre an Údaráis go leanúnach, mar gheall ar COVID-19, chun fanacht de réir bhearta an Rialtais. Oiriúnaíodh struchtúir inmheánacha na heagraíochta agus leithdháileadh freagrachtaí agus cuntasachta dá réir, agus bunaíodh trí fhoireann freagartha náisiúnta ar leith le haghaidh earnálacha ardriosca i dtaca le COVID-19.<br>▸ Bunaithe ar chásanna gnó a chuir an tÚdarás faoi bhráid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, daingníodh leithdháileadh breise €4.2 milliún d'fhoráil íocaíochta an Údaráis le haghaidh 2021 chun acmhainní a chur ar fáil dá fhreagairtí ar COVID-19 agus an Breatimeacht anuas ar a shainordú níos forleithne. |

| SPRIOC STRAITÉISEACH | DUL CHUN CINN AGUS MÉADRACHT LE HAGHAIDH 2020 |
|---|---|
| Na caighdeáin rialachais is airde a chur i bhfeidhm ar reáchtáil an Údaráis. | ▸ Leanadh ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.<br>▸ Tugadh faoi chláir ionduchtaithe ábhartha le haghaidh comhaltaí nua Boird nuair a ceapadh iad.<br>▸ Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chreat bainistíochta riosca foriomlán an Údaráis, as ar eascair beartas bainistíochta riosca leasaithe, agus cur chuige nua i leith chothabháil an chláir riosca chorparáidigh.<br>▸ Rinneadh ceithre athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí de réir straitéis iniúchóireachta inmheánaí trí bliana an Údaráis.<br>▸ Pléadh le 190 iarratas um Shaoráil Faisnéise. Sonraíodh méadú suntasach ar líon na n-iarratas ó iriseoirí a bhain le cúrsaí COVID-19.<br>▸ Rinneadh seacht n-athbhreithniú inmheánacha um Shaoráil Faisnéise, anuas ar thrí achomharc le hOifig an Choimisinéara Faisnéise.<br>▸ Pléadh le cúig iarratas um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus ceithre iarratas um Chosaint Sonraí. |
| Teicneolaíocht agus taighde a bharrfheabhsú chun éifeachtacht agus seirbhísí a fheabhsú. | ▸ Tugadh faoi chlár cuimsitheach oibre chun go bhféadfaí cleachtais agus próisis oibre a athrú ó bhonn chun tacú le croí-oibríochtaí gnó i sainorduithe agus réimsí gnó tábhachtacha san Údarás. Teastaíonn ardán croí-sholáthair nua chun an claochlú gnó ó bhonn sin a chumasú. Tugadh faoi oibreacha cumasaithe éagsúla in 2020 don tionscadal sin, ina measc:<br>  ▹ anailís agus athbhreithniú ar na croí-phróisis ghnó agus teicneolaíochtaí reatha,<br>  ▹ dearadh riachtanais na todhchaí maidir le cumais ailtireachta agus teicneolaíochta, agus<br>  ▹ rannpháirtíocht luath margaidh le díoltóirí féideartha chun léargas a fháil ar an inniúlacht réitigh agus taithí ar an margadh.<br>▸ Tá an tÚdarás tiomanta dá dhícheall a dhéanamh chun a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus thug sé isteach roinnt tionscnamh chun tacú le sprioc an Rialtais de laghdú fuinnimh 33% a bhaint amach faoi 2020. Ón mbliain bhonnlíne 2009, bhain an tÚdarás coigilteas fuinnimh thart ar 30% amach san iomlán faoi thús 2020, agus tá an tuairisciú deiridh le haghaidh 2020 fós le cur i gcrích. Léiríonn an t-éacht sin tiomantas an Údaráis do laghdú a bhaint amach ar a lorg carbóin agus cabhrú le timpeallacht oibre níos inbhuanaithe a fhorbairt do chomhghleacaithe agus don phobal. |
| Dúshlán ár sainordaithe agus ár straitéise a thabhairt gach bliain chun a chinntiú go n-oiriúnaímid don timpeallacht atá ag athrú. | ▸ De bharr na n-éileamh a bhain le paindéim COVID-19, d'athbhreithnigh an Feidhmeannas agus an Bord an Clár Oibre agus an Ráiteas Straitéise go leanúnach i gcaitheamh na bliana. Baineadh cothromaíocht chúramach amach san atreorú chun díriú ar COVID-19 chun cur isteach a laghdú oiread ab fhéidir ar thosaíochtaí eile faoi Straitéis 2019–2021 agus clár oibre an Údaráis le haghaidh 2020.<br>▸ Cuireadh tús le feachtas soláthair chun tacaíocht sheachtrach a fhostú chun an Straitéis le haghaidh 2022–2024 a fhorbairt. Déanfaidh an clár oibre sin athbhreithniú foirmiúil ar an Straitéis reatha freisin, a chuirfidh le ceapadh Straitéis 2022–2024. |

# 6 Spriocanna Inghnóthaithe a Bhain go Sonrach le COVID-19

| SPRIOC STRAITÉISEACH | GNÍOMHARTHA AGUS MÉADRACHT |
|---|---|
| **Rialáil**<br><br>Béim mhéadaithe ar chomhlíonadh trí chigireacht agus forfheidhmiú bunaithe ar riosca. | ▸ I ndiaidh an Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte a fhoilsiú ar an 9 Bealtaine 2020, cuireadh tús leis an gcéad chéim den Treochlár chun Sochaí agus Gnó a Athoscailt ar an 18 Bealtaine 2020. Ó cuireadh tús le Céim 1 den Treochlár ar an 18 Bealtaine 2020, rinne an tÚdarás 5,416 cigireacht COVID-19 ar an láthair inar seiceáladh comhlíonadh an Phrótacail i raon leathan ionaid oibre agus earnálacha tionscail.<br><br>▸ Tugadh faoi chigireachtaí a bhain le COVID-19 in earnálacha tosaíochta an Údaráis – foirgníocht agus cúram sláinte. Bunaithe ar an gcomhairle sláinte poiblí, díríodh cigireachtaí ar earnálacha ardriosca freisin i ndéantúsaíocht (próiseáil bia agus feola), miondíol agus mórdhíol.<br><br>▸ Foilsíodh Cód Cleachtais nuashonraithe le haghaidh Oibreáin Bhitheolaíochta, inar áiríodh SARS-CoV-2, an víreas is cúis le galar COVID-19, a chur le sceidil an Chóid mar oibreán bitheolaíoch i nGrúpa 3.<br><br>▸ I ndiaidh Moladh (AE) 403/2019 ón Aontas Eorpach a thabhairt isteach chun an t-ualach rialála ar allmhaireoirí trealaimh cosanta phearsanta (PPE) a mhaolú, chuir an tÚdarás cúnamh suntasach ar fáil do sholáthróirí agus allmhaireoirí PPE trí PPE nach raibh marcáil CE orthu a athbhreithniú agus a údarú, lena n-áirítear ceithre mhaolú a eisiúint do dhéantúsóirí/sholáthróirí.<br><br>▸ Eisíodh ocht n-údarú Údaráis Inniúil faoi na Rialacháin ADR le haghaidh cúrsaí a bhain le COVID-19, lena n-áirítear teastais oiliúna tiománaí agus comhairleora sábháilteachta, cigireachtaí ar threalamh agus iompar díghalrán lámh.<br><br>▸ Tugadh tacaíocht do Shláinte Phoiblí ina mbainistíocht ar ráigeanna COVID-19 i raon earnálacha agus ionaid oibre. Glacadh páirt san Fhoireann Náisiúnta Rialaithe Ráigeanna chun aghaidh a thabhairt ar an earnáil próiseála feola agus rinneadh cigireachtaí leantacha ar an láthair chun a sheiceáil an raibh na moltaí sláinte poiblí i bhfeidhm. |

# Spriocanna Inghnóthaithe a Bhain go Sonrach le COVID-19

| SPRIOC STRAITÉISEACH | GNÍOMHARTHA AGUS MÉADRACHT |
|---|---|
| **Cur Chun Cinn**<br>Tacaíocht, oideachas agus níos mó feasachta a chur ar fáil chun timpistí, gortuithe agus drochshláinte a chosc. | ▸ Phléigh an tAonad Teagmhála leis an Ionad Oibre le 9,982 iarratas ar fhaisnéis agus le 2,457 gearrán a bhain le COVID-19 agus an Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte agus an Prótacal um Oibriú go Sábháilte.<br>▸ Forbraíodh agus nuashonraíodh leathanaigh ghréasáin COVID-19, ar ar óstáladh raon comhairle agus treorach chun tacú le fostóirí agus fostaithe le comhairle sábháilteachta agus sláinte ceirde i gcaitheamh na paindéime. Áiríodh leis sin comhairle agus treoir do sholáthróirí trealaimh cosanta phearsanta, fostóirí agus fostaithe a bhí ag obair ón mbaile go sealadach, agus acmhainní chun sláinte agus folláine a bhainistiú.<br>▸ Forbraíodh raon seicliostaí, teimpléad, póstaer lena n-áirítear cúrsa ionduchtaithe ar líne a ghabh leis an bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte (agus an Prótacal um Oibriú go Sábháilte ina dhiaidh sin) (65,549 amharc) agus forbraíodh faisnéis oiliúna faoi ról an phríomh-ionadaí oibrithe (25,745 amharc), lena n-úsáid ag fostóirí, oibrithe agus ionadaithe oibrithe. Íoslódáladh acmhainní sheicliostaí agus theimpléid COVID-19 408,630 uair.<br>▸ Aistríodh agus foilsíodh na seicliostaí agus na póstaeir d'Fhostaithe agus an Príomh-Ionadaí Oibrithe go 26 teanga chun tacú le hoibrithe nach labhraíonn Béarla in earnálacha faoi leith. Bhí dhá theanga eile á bhforbairt agus foilseofar iad go luath in 2021.<br>▸ Foilsíodh treoir maidir le galair na Léigiúnach i rith na paindéime agus cuireadh chun cinn í.<br>▸ Tacaíodh le hearnálacha a bhí ag forbairt a dtreorach earnála féin ón bPrótacal maidir le hoibriú go sábháilte agus cuireadh comhairle orthu. Glacadh páirt i seimineáir ghréasáin a d'eagraigh grúpaí éagsúla, ina measc IBEC, ISME, AmCHAM, PwC agus Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn.<br>▸ Cuireadh tús le hAnailís ar Thionchar Rialála i ndiaidh iarratas ón mBord chun na roghanna maidir le cásanna COVID-19 a d'eascair as gníomhaíocht oibre a thuairisciú don Údarás a fhiosrú. |

# Spriocanna Inghnóthaithe a Bhain go Sonrach le COVID-19

| SPRIOC STRAITÉISEACH | GNÍOMHARTHA AGUS MÉADRACHT |
|---|---|
| **Tionchar**<br>Tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú chun tacú le saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla. | ▸ Mar chuid den fhreagairt tras-Rialtais ar phaindéim COVID-19 a bhainistiú, d'oibrigh an tÚdarás le Roinn an Taoisigh, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Sláinte chun an Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte a fhorbairt, agus foilsíodh é i mí na Bealtaine 2020. Thacaigh grúpaí páirtithe leasmhara fostóirí (IBEC, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Chambers Ireland) agus fostaithe (ICTU) ó Fhóram Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair (LEEF) leis an obair sin. Thug an Prótacal treoir d'fhostóirí agus d'oibrithe ar ionfhabhtú a chosc agus ar bhearta rialaithe eile a theastaigh chun leathadh COVID-19 san ionad oibre a laghdú agus an geilleagar a athoscailt i mí na Bealtaine. |
| | ▸ Tugadh tuilleadh tacaíochta don nuashonrú eile ar an bPrótacal um Oibriú go Sábháilte i mí na Samhna chun an chomhairle agus an treoir bhreise maidir le leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc a chur san áireamh. |
| | ▸ Mar chuid den fhreagairt tras-Rialtais ar chomhlíonadh an Phrótacail a sheiceáil, comhaontaíodh Meabhráin Tuisceana le raon gníomhaireachtaí agus Ranna Rialtais. Áiríodh leis na comhlachtaí sin an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Oideachais agus Scileanna; Tusla: an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach; agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara. |
| | ▸ Soláthraíodh faisnéis ar chainéil na meán sóisialta (físeáin agus podchraoltaí) chun comhairle agus faisnéis a chur in iúl faoi cheisteanna síceasóisialta a d'eascair as imní i saol na hoibre a bhí ag athrú mar gheall ar phaindéim COVID-19. Rinneadh cuir i láthair do pháirtithe leasmhara (IBEC, an Institiúid Stiúrthóirí, IPAV) ar ghnéithe síceasóisialta a bhain le hoibriú ón mbaile i ré éiginnte. |
| | ▸ Glacadh páirt i raon grúpaí faoi stiúir Sláinte Poiblí a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar ráigeanna i raon earnálacha. Áiríodh leo sin an Fhoireann Náisiúnta Rialaithe Ráigeanna a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar ráigeanna san earnáil próiseála feola go sonrach. Glacadh páirt i bhFoirne Rialaithe Ráigeanna sonracha freisin a bhunaigh Ranna áitiúla Sláinte Poiblí. |
| | ▸ Glacadh páirt sa Bhuanchoiste Náisiúnta Formhaoirseachta a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar ráigeanna in earnálacha ardriosca sonracha (próiseáil feola/bia agus foirgníocht). Rinneadh cathaoirleacht ar fhoghrúpa an Bhuanchoiste maidir le cumarsáid, a thacaigh le treoir a fhorbairt le haghaidh fostóirí agus oibrithe ar Ráigeanna a Bhainistiú san Ionad Oibre. |
| | ▸ Tugadh tacaíocht don staidéar píolótach faoi stiúir na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara inar tugadh aghaidh ar chúinsí oibríochta agus timpeallachta le haghaidh COVID-19 i monarcha próiseála feola. |
| | ▸ Tugadh tacaíocht do threoirthionscadail idirghníomhaireachta a stiúir Cúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun feasacht a mhéadú ar an gcaoi le leathadh COVID-19 i monarchana próiseála feola a sheachaint. |

# Spriocanna Inghnóthaithe a Bhain go Sonrach le COVID-19

| SPRIOC STRAITÉISEACH | GNÍOMHARTHA AGUS MÉADRACHT |
|---|---|
| **Creidiúnú**<br>An tSeirbhís Náisiúnta Creidiúnaithe a fhás chun fiontair agus seirbhísí poiblí a chumasú agus chun tacú leo. | ▸ Thairg INAB creidiúnú le haghaidh thástáil SARS-CoV-19 ó mhí na Bealtaine 2020 agus fuair sé 16 iarratas go dtí seo ó chliaint chreidiúnaithe reatha.<br>▸ Bhí INAB ag plé go réamhghníomhach le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i dtaobh creidiúnú le haghaidh thástáil SARS-CoV-19 agus rinne sé dlúthmhonatóireacht ar fhorbairtí idirnáisiúnta sa ghníomhaíocht sin agus d'fhreagair sé dóibh.<br>▸ Cuireadh na measúnuithe beartaithe ar fad le haghaidh cliaint chreidiúnaithe in 2020 i gcrích, de bharr gur úsáid foirne measúnaithe iomláin teicnící measúnaithe ó chian agus ar líne. |

| | |
|---|---|
| **An Chaoi a nOibrímid**<br>An chaoi a n-oibrímid a fheabhsú trí dhaoine, próisis agus teicneolaíocht. | ▸ Forbraíodh Plean Freagartha COVID-19 inmheánach chun a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh an Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte. Ceapadh príomh-ionadaí oibrithe agus bunaíodh grúpa trasfheidhme inmheánach chun cur i bhfeidhm an phlean freagartha a mhaoirsiú.<br>▸ Cuireadh seisiúin eolais ionduchtaithe leanúnacha agus sonracha faoi COVID-19 ar fáil don fhoireann ar fad.<br>▸ Cuireadh socruithe leanúnachais gnó i bhfeidhm chun a chinntiú, nuair ab fhéidir, go bhféadfadh an fhoireann oibriú ón mbaile de réir na mbeart sláinte poiblí, agus forbraíodh sraith cáipéisí treorach chun tacú leis sin.<br>▸ Forbraíodh sraith de chuir i láthair físe ar líne, seimineáir ghréasáin agus cáipéisí treorach agus tugadh don fhoireann iad chun tacú leo leis na gnéithe praiticiúla agus síceasóisialta a bhain le hoibriú agus cónaí le COVID-19. |

# Méadracht agus Táscairí Feidhmíochta – Sprioc v Iarbhír

| Príomhthomhais agus Príomhtháscairí Feidhmíochta | Sprioc | Iarbhír |
|---|---|---|
| **Táscairí Forfheidhmithe (Tosaíocht Straitéiseach – Rialáil)** | | |
| Líon na gcigireachtaí a críochnaíodh v sprioc | 10,410 | 9,135 |
| Líon na n-imscrúduithe a críochnaíodh v sprioc | 1,000 | 1,160 |
| Líon na n-idirghabhálacha faireachais margaidh ar tháirgí ceimiceacha v sprioc | 300 | 953 |
| Líon na n-idirghabhálacha faireachais margaidh ar tháirgí tionsclaíocha v sprioc | 200 | 54 |
| Líon na n-ionchúiseamh go hachomair agus ar díotáil (% ar éirigh leo) | N/B | 13 |
| Fíneálacha a gearradh | N/B | 1,327,000 |

| Príomhthomhais agus Príomhtháscairí Feidhmíochta | Sprioc | Iarbhír |
|---|---|---|
| **Táscairí tacaíochta gnó (Tosaíocht Straitéiseach – Cur Chun Cinn)** | | |
| Líon na dteagmhálacha a rinneadh leis an ionad custaiméirí (guthán/ ríomhphost/litir/cuairt) | 15,000 | 28,684 |
| Líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin an Údaráis | 1,500,000 | 3,592,644 |
| Líon na n-íoslódálacha ar fhoilseacháin | 400,000 | 1,157,063 |
| Líon na bhfoilseachán agus na mbileog eolais nua | N/B | 13 |
| Líon na n-úsáideoirí BeSMART.ie go dtí seo (iomlán carnach) | 72,000 | 78,162 |
| Líon na n-úsáideoirí farmsafely.com (iomlán carnach) | N/B | 13,227 |
| Líon na n-eagraíochtaí/na n-úsáideoirí ag cur WorkPositive[CI] i bhfeidhm | N/B | 12 |
| Líon na gcúrsaí ar líne a rinneadh ar hsalearning.ie (iomlán carnach) | 115,000 | 159,113 |
| Líon na scoláirí i mbun cláir oideachais *Choose Safety* in 2019/2020 | N/B | 28,217 |
| Líon na n-iarratas faisnéise REACH a próiseáladh | N/B | 176 |
| Líon na n-iarratas faisnéise CLP a próiseáladh | N/B | 106 |
| Líon na n-iarratas ar phleanáil úsáide talún a próiseáladh | 250 | 312 |
| Feasacht phoiblí: Aontaíonn go bhfuil an tÚdarás tábhachtach chun timpistí agus básuithe a laghdú | 85% | 92% |
| Feasacht phoiblí: Aontaíonn go gcaitear go dáiríre le sláinte agus sábháilteachta na bhfostaithe i m'ionad oibre | 85% | 92% |
| Feasacht phoiblí: Aontaíonn go gcuireann bainistíocht éifeachtach sláinte agus sábháilteachta le rath gnó | 85% | 92% |
| Feasacht phoiblí: Aontaíonn go bhfuil oibrithe ar an eolas go maith/go réasúnta ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta | 85% | 97% |

| Príomhthomhais agus Príomhtháscairí Feidhmíochta | Sprioc | Iarbhír |
|---|---|---|
| **Táscairí forbartha reachtaíochta (Tosaíocht Straitéiseach – Tionchar)** | | |
| Líon na dtograí reachtaíochta seoladh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | N/B | 1 |
| Líon na gcód cleachtais a seoladh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | N/B | 2 |
| Líon na gcruinnithe AE/coistí idirnáisiúnta/meithleacha ar ar freastalaíodh faoi shábháilteacht agus sláinte ceirde | N/B | 30 |
| Líon na gcruinnithe AE/coistí idirnáisiúnta/meithleacha ar ar freastalaíodh faoi Cheimiceáin | N/B | 72 |
| Líon na gcruinnithe AE/coistí idirnáisiúnta/meithleacha ar ar freastalaíodh faoi Fhaireachas Margaidh | N/B | 13 |
| **Táscairí rialachais chorparáidigh (Tosaíocht Straitéiseach – An Chaoi a nOibrímid)** | | |
| Líon iomlán na n-iarratas um Shaoráil Faisnéise a próiseáladh | N/B | 190 |
| Líon iomlán na n-iarratas um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a próiseáladh | N/B | 5 |
| Líon iomlán na n-iarratas um Chosaint Sonraí a próiseáladh | N/B | 4 |
| Líon iomlán na n-achomharc um Shaoráil Faisnéise/Chosaint Sonraí/ Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a próiseáladh | N/B | 3 |
| **Táscairí INAB (Tosaíocht Straitéiseach – Creidiúnú)** | | |
| Creidiúnú bronnta ag Bord INAB | 20 | 10 |
| Cinneadh creidiúnaithe le Bainisteoir INAB | 200 | 315 |
| Iarratas nua ar chreidiúnú a fuarthas | N/B | 15 |
| Imeacht measúnaithe curtha i gcrích | N/B | 379 |
| Chruinniú idirnáisiúnta ar ar fhreastail INAB | N/B | 13 |
| **Sonraí gortuithe (Torthaí Straitéiseacha)** | | |
| Líon na dtimpistí marfacha | N/B | 53 |
| Líon na dtimpistí neamh-mharfacha, as láthair 4+ lá (Sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh) | Sonraí 2018 ar fáil Ráithe 1, 2021 | |
| Líon na dtinneas neamh-mharfach, as láthair 4+ lá (Sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh) | Sonraí 2018 ar fáil Ráithe 1, 2021 | |

# Buaicphointí na nEarnálacha Tosaíochta in 2020

## Tógáil

**3,641** cigireacht

**355** imscrúdú

### Feachtas 'Oibriú ar Airde'

**1,255** cigireacht

### Nithe a athbhreithníodh i rith cigireachtaí – (% comhlíonta)

- Obair shábháilte ar dhíonta sobhriste – **74%**
- Úsáid shábháilte dréimirí - **87%**
- Rialuithe innealtóireachta i bhfeidhm chun deannach a ghabháil ag an bhfoinse – **94%**
- Pleananna Bainistíochta Tráchta i bhfeidhm – **91%**
- Áiseanna cúlaithe cúnta suiteáilte ar threalamh bogtha cré – **88%**
- Comhlíonadh na gceanglas Bainistíochta Foirgníochta m.sh. Réamhphleananna Sábháilteachta, Maor Tionscadail – an Próiseas Dearaidh (PSDP) – **92%**

## Cúram Sláinte agus Sóisialta

**152** cigireacht

**45** imscrúdú

Dhírigh na cigireachtaí go príomha ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun oibrithe cúraim sláinte a chosaint ar rioscaí ceirde COVID-19 san ionad oibre

Ba é an líon iomlán na gcúrsaí faoi Chúram Sláinte a rinneadh ar hsalearning.ie i rith 2020 **6,259**

# Talmhaíocht

**836** cigireacht

**61** imscrúdú

## Nithe a athbhreithníodh i rith cigireachtaí

- **Láimhseáil Ainmhithe – 499** (340 i rith dianfheachtais)
- **Sábháilteacht Tarracóirí agus Innealra Feirme – 390** (182 i rith dianfheachtais)
- **Oibriú go Sábháilte ar Airde - 138**

Athbhunaíodh an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta agus a Mheithleacha

Cuireadh an feachtas Láimhseála Beostoic i gcrích go luath sa bhliain agus coinníodh an leibhéal cigireachta feirme

Forbraíodh dréacht-Rialacháin inar éilíodh oiliúint ghairmiúil agus trealamh cosanta pearsanta riachtanach le haghaidh oibritheoirí Feithiclí Ilraoin (Cuadrothair) agus cuireadh isteach iad

Bhíothas gníomhach ar na meáin náisiúnta agus na meáin shóisialta chun bás agus gortú páistí a chosc i rith na dianghlasála

Pléadh le páirtithe leasmhara talmhaíochta eile chun cleasa contúirteacha ar na meáin shóisialta a chosc

Oibríodh i ndlúthchomhar leis an Aire English agus leis an Aire Heydon ar cheisteanna a bhain go sonrach le sábháilteacht ar an bhfeirm

# Iompar agus Stóráil (Dugaí san áireamh)

**584** cigireacht

## Díríodh cigireachtaí ar:

- cuideachtaí iompair agus lóistíochta
- déantúsaíocht
- saoráidí dramhaíola agus athchúrsála
- ionaid miondíola agus dáilte

**Athbhreithniú agus anailís** ar bhásanna tuairiscithe a bhain le feithiclí 2019–2020

**Feachtas trádstórála agus stórála** chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht tráchta agus sábháilteacht na gcóras rácála

**Seimineár gréasáin faoi Thiomáint don Obair i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána** ar fhreastail 244 duine air agus ar breathnaíodh air os cionn 500 uair ina dhiaidh, inar díríodh ar bhainistíocht riosca do fhlít feithiclí earraí troma tráchtála

**Nuashonrú ar thairseach faisnéise ar www.vehiclesatwork.ie agus feachtais ilmheán ar oibríochtaí iompair agus rioscaí feithiclí**

**Comhchlár Cigireachta leis an nGarda Síochána** chun a sheiceáil cé chomh sábháilte a fheistítear ualaí lena n-iompar

# Ceimiceáin

**1,537** cigireacht

**88** imscrúdú

COMAH **376**

Faireachas Margaidh **153**

Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar **563**

Oibreáin Cheimiceacha, Aispeist **445**

**953** táirge ceimice a seiceáladh. 84 carcanaigin, 23 só-ghineach, 82 tocsain na mball síolraithe agus 168 íogróir riospráide nó craicinn



**67** foláireamh RAPEX san Aontas Eorpach a bhain le ceimiceáin a gcuirtear srian orthu (cróimiam VI in earraí leathair, nicil i bhfrámaí spéaclaí agus seodra, caidmiam agus luaidhe i seodra agus teicstílí) – seiceáladh iad agus bhain soláthróirí 26 táirge neamhchomhlíontach a sainaithníodh ar mhargadh na hÉireann

# Tacaíocht agus Comhairle do Ghnóthaí agus do Pháirtithe Leasmhara

BeSMART.ie

**78,162** úsáideoir san iomlán

**11,868** úsáideoir nua in 2020

**11** mheasúnú riosca nua/nuashonraithe

**3** Chineál Gnó Nua

- Stiúideo Ióga
- Stiúideo Pilates
- Teiripe Chráiniasacrach

## Ráitis Sábháilteachta Curtha i gCrích

**415** Gnó talmhaíochta

**4,285** Foirgníocht

**9,204** Gnó Eile

**684** Plean Sábháilteachta agus Sláinte Foirgníochta

## Garspriocanna Tábhachtacha

- An glacadh is airde riamh i mí an Mheithimh le **2,855** clárú
- Méadú 19% ar chlárúcháin le hais 2019
- Na Cúig Chineál Gnó is Coitianta
  - Tógálaí Ginearálta 938
  - Beár/Teach Tábhairne 616
  - Salón Gruaige 594
  - Maor Tionscadail – an Chéim Tógála 514
  - Sciamhlann 473
- Líon na gCineálacha Gnó 330
- Líon na nGuaiseacha 522
- Riosca Guaiseacha Measúnaithe 267,745

hsalearning.ie
HSA Online Courses

**33** cúrsa

**52,644** Cúrsa déanta in 2020

**159,113** cúrsa san iomlán

## Na 5 chúrsa is mó tóir a rinneadh

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Bí Sábháilte – Oibrigh go Sábháilte: do scoláirí i dtús a saoil oibre | 5,912 |
| 2 | Sciorrthaí, Tuislí agus Titimí san Ionad Oibre | 3,206 |
| 3 | Sábháilteacht Ceimiceán san Ionad Oibre (Túseolas) | 2,676 |
| 4 | Túseolas ar Shábháilteacht Tarracóirí | 2,528 |
| 5 | Do Shábháilteacht, Sláinte agus Leas i gCúram Sláinte | 2,075 |

## NUA

Forbraíodh trí chúrsa nua ar líne:

1. Ionduchtú um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte
2. An Príomh-Ionadaí Oibrithe
3. MOOC Ionduchtú um Shláinte agus Sábháilteachta san Ionad Oibre (i gcomhar le IT Shligigh)

## CHOOSE SAFETY

**28,217** Rannphháirtí in 2019/2020 ag ullmhú don ionad oibre

## WorkPositive[CI]

12 úsáideoir nua WorkPositive[CI] a chuimsigh 945 suirbhé fostaí ar leith

# Aguisín 1:

## Sleachta as Ráitis Airgeadais Neamh-iniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

# An Réamhrá

## An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

De réir cheanglais Alt 48 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, éilítear ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta Ráitis Airgeadais a chur i dtoll a chéile gach bliain. Críochnaíonn bliain airgeadais an Údaráis an 31 Nollaig gach bliain. Caithfidh na ráitis airgeadais a bheith i bhfoirm a cheadódh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le comhaontú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás de bheith i bhfeidhm, agus
- a chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, suíomh airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ullmhaíodh dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 agus bhreithnigh an Bord iad ag a chruinniú ar an 5 Márta 2021. Ullmhaíodh na dréacht-Ráitis Airgeadais le haghaidh 2020 de réir fhorálacha FRS102 agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. D'athbhreithnigh an Bord na dréacht-Ráitis Airgeadais agus d'fhaomh sé iad ar bhonn 'gan athrú ábhartha'.

Cuireann an tÚdarás na dréacht-Ráitis Airgeadais mar a d'fhaomh an Bord iad faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a cheap Mazars Ireland chun an t-iniúchadh seachtrach a dhéanamh thar a ceann. Déantar obair allamuigh na hiniúchóireachta i rith an dara ráithe den bhliain go hiondúil.

Tógtar an fhaisnéis thíos ó na dréacht-Ráitis Airgeadais agus níor cheart glacadh leo mar fhoinse iontaofa faisnéise airgeadais maidir le cúinsí airgeadais an Údaráis go dtí go gcuirtear an iniúchóireacht sheachtrach i gcrích. Beidh na cáipéisí seo a leanas sna Ráitis Airgeadais iniúchta, anuas ar shraith iomlán nótaí míniúcháin:

- An Ráiteas ar Rialú Inmheánach
- An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis
- An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta
- An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe
- Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020
- An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nuair a chuirtear an iniúchóireacht sheachtrach i gcrích agus nuair a fhaightear Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, déanfaidh an tÚdarás na socruithe cuí chun na Ráitis Airgeadais iniúchta a chur faoi bhráid an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le go gcuirfear faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad go foirmiúil.

Is féidir cóip de Ráitis Airgeadais iniúchta an Údaráis a fháil ar shuíomh gréasáin an Údaráis a luaithe a chuirtear an iniúchóireacht sheachtrach i gcrích.

Tá conradh ag soláthraí seirbhísí seachtrach le haghaidh phróiseáil idirbhearta airgeadais uile an Údaráis. Leanann an tÚdarás ag bainistiú na feidhme airgeadais agus tá na rialuithe agus cosaintí i bhfeidhm aige chun caighdeán na feidhme a chinntiú.

# Faisnéis

| | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Tom Coughlan (An Cathaoirleach) | Athcheaptha 12/04/2020 |
| | Michelle Quinn (An Leas-Chathaoirleach) | Ceaptha 20/12/2019 |
| | Paul Kelly | Ceaptha 20/12/2019 |
| | Frank Kelly | Ceaptha 20/12/2019 |
| | Deirdre MacDonald | Ceaptha 20/12/2019 |
| | Andrew Bowers | Athcheaptha 20/12/2019 |
| | David Hughes | Ceaptha 20/12/2019 |
| | Deirdre Cullivan | Athcheaptha 12/03/2020 |
| | Ciarán Roche | Ceaptha 11/08/2020 |
| | Bríd De Buitléar | Ceaptha 11/08/2020 |
| | Mary Coyne | Ceaptha 11/08/2020 |
| | Stephen Curran | Athcheaptha 12/09/2020 |

| | |
|---|---|
| **An Príomhfheidhmeannach** | An Dr Sharon McGuinness |
| **An Cheann-Oifig** | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta<br>An Foirgneamh Cathrach<br>Sráid James Joyce<br>Baile Átha Cliath 1 D01 K0Y8 |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 D01 PF72 |
| **Iniúchóirí Inmheánacha** | Deloitte<br>Áras Deloitte & Touche<br>29 Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 D02 AY28 |
| **Aturnae** | Mason Hayes and Curran<br>South Bank House<br>Sráid na Bearú<br>Baile Átha Cliath 4 D04 TR29 |
| **Banc** | Banc na hÉireann<br>Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 D02 Y754 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta an 1 Samhain 1989 faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 mar a bhí ag an am. Tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 in áit an Achta sin. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 16 d'Acht 2005. Tá an Bord cuntasach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann an Bord faoin gcúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó ar fad. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as gnáthbhainistíocht, rialú agus treo an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Caithfidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

## Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, sna Buanorduithe a d'fhaomh an Bord, agus i Sceideal Feidhmeanna Forchoimeádta agus Tarmligthe an Bhoird, ina bhfuil na hábhair a gcaithfidh an Bord cinntí a dhéanamh ina leith go sonrach freisin. Áirítear leis na míreanna seasta a bhreithníonn an Bord:

- dearbhú leasa,
- tuairiscí ó Choistí,
- tuairiscí airgeadais/cuntais bainistíochta,
- tuairiscí ar fheidhmíocht, agus
- ábhair fhorchoimeádta.

Éilíonn Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta gach cuntas cuí agus gnásúil ar airgead a fuair agus a chaith sé a choinneáil i cibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar,
- a chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, a shuíomh airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugtar faoi mheastóireacht rialta ag cruinnithe an Údaráis ar fheidhmíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta amhail an 31 Nollaig 2020.

## Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí a cheapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an mBord. Ceapadh na comhaltaí Boird le haghaidh tréimhse trí bliana agus tagann siad le chéile go rialta. Tá tréimhse ceapacháin na gcomhaltaí reatha sa tábla thíos:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| Tom Coughlan | An Cathaoirleach | Athcheaptha 12/04/2020 |
| Michelle Quinn | An Leas-Chathaoirleach | Ceaptha 20/12/2019 |
| Paul Kelly | | Ceaptha 20/12/2019 |
| Frank Kelly | | Ceaptha 20/12/2019 |
| Deirdre MacDonald | | Ceaptha 20/12/2019 |
| Andrew Bowers | | Athcheaptha20/12/2019 |
| David Hughes | | Ceaptha 20/12/2019 |
| Deirdre Cullivan | | Athcheaptha12/03/2020 |
| Ciarán Roche | | Ceaptha 11/08/2020 |
| Bríd De Buitléar | | Ceaptha 11/08/2020 |
| Mary Coyne | | Ceaptha 11/08/2020 |
| Stephen Curran | | Athcheaptha12/09/2020 |

## Bhunaigh an Bord ceithre (4) Choiste, mar seo a leanas:

1. **An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais** ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird. Is Coiste nua é seo a bhunaigh an Bord i mí Mheán Fómhair 2020. Cuimsíonn sé obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais a bhíodh ann roimhe. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as cúrsaí ionracais airgeadais, monatóireachta agus athbhreithnithe ar na beartais agus straitéisí airgeadais, bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais agus cúrsaí dearbhaithe lena mbaineann. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchóireachta ina measc. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

   Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i rith 2020: Deirdre Cullivan (an Cathaoirleach), Mary Coyne, David Hughes agus Paul Kelly. Bhí cúig (5) chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais ó mhí Mheán Fómhair 2020 go deireadh na bliana. Tionóladh gach cruinniú ó chian.

2. **An Coiste Stiúrtha Straitéiseach** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird agus an Príomhfheidhmeannach. Is é ról an Choiste Stiúrtha Straitéisigh forbairt straitéiseach an Údaráis a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin. Ba iad comhaltaí an Choiste Stiúrtha Straitéisigh i rith 2020: Tom Coughlan (an Cathaoirleach), Bríd de Buitléar, Stephen Curran, Paul Kelly, Michelle Quinn agus an Dr Sharon McGuinness. Bhí cruinniú amháin (1) ag an gCoiste Stiúrtha Straitéiseach i rith 2020.

3. **An Coiste Reachtaíochta agus Treorach** ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Reachtaíochta agus Treorach monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngnéithe reachtaíochta agus treorach i gclár oibre an Údaráis agus imscrúdú a dhéanamh ar thograí reachtaíochta, Cóid Chleachtais agus, más gá, Treorach lena mbaineann, agus conclúidí agus/nó moltaí cuí a chur faoi bhráid an Bhoird.

   Ba iad comhaltaí an Choiste Reachtaíochta agus Treorach i rith 2020: Andrew Bowers (an Cathaoirleach), Ciarán Roche, Frank Kelly, Michelle Quinn agus Deirdre MacDonald. Bhí dhá (2) chruinniú ag an gCoiste Reachtaíochta agus Treorach in 2020.

4. **An Coiste INAB:** Is Coiste de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Bíonn dháréag comhaltaí ar Bhord INAB, a dhéanann cinntí a bhaineann le creidiúnú a bhronnadh. Ceapann Bord an Údaráis na comhaltaí sin. Níl aon chomhaltaí Boird ar an gCoiste seo. Tháinig an Coiste le chéile sé (6) huaire in 2020.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Tugtar sceideal freastail ag na cruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2019 thíos, chomh maith leis na táillí agus speansais a fuair gach comhalta:

| | Bord | An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais | An Coiste Stiúrtha Straitéise | An Coiste Reachtaíochta agus Treorach | Táillí 2020 € | Speansais 2020 € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Cruinnithe** | **8** | **4** | **2** | **3** | | |
| Tom Coughlan | 8 | | 1 | | 11,970 | 4,462 |
| Michelle Quinn | 8 | | 1 | 2 | 7,695 | - |
| Bríd De Buitléar | 8 | | 1 | | 3,848 | - |
| Mary Coyne | 8 | 5 | | | 3,848 | 283 |
| Andrew Bowers | 7 | | | 2 | 7,695 | - |
| David Hughes | 8 | 4 | | | 7,695 | - |
| Frank Kelly | 8 | | | 2 | 7,695 | - |
| Paul Kelly | 8 | 4 | 1 | | 7,695 | - |
| Deirdre MacDonald | 6 | | | 2 | 7,695 | - |
| Ciarán Roche | 6 | | | 2 | 3,848 | - |
| Deirdre Cullivan | 8 | 5 | | | 7,695 | - |
| Stephen Curran | 8 | | 1 | | - | - |
| | | | | | **77,379** | **4,745** |

Ní bhfuair Stephen Curran táillí Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' toisc gur oifigeach de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta é.

### Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Rinneadh trí cheapachán nua ar an mBord agus athcheapadh triúr comhaltaí ar an mBord i rith na bliana. De réir fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, cheap an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na comhaltaí nua.

### Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016.

Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid:

**Costais Sainchomhairleoireachta**

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 59,783 | 55,631 |
| Comhairle airgeadais/achtúireach | 83,812 | 60,145 |
| Sainchomhairleoireacht TF | 938,448 | 5,708 |
| Cumarsáid Sheachtrach | 53,680 | 53,140 |
| Sainchomhairleoireacht sláinte ceirde | 2,670 | 36,194 |
| Forbairt straitéise | 41,600 | 71,958 |
| Acmhainní Daonna | 37,065 | 26,720 |
| **Costais sainchomhairleoireachta iomlána** | **1,217,058** | **309,496** |

| | | |
|---|---|---|
| **Costais sainchomhairleoireachta chaipitlithe** | - | - |
| Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 1,217,058 | 309,496 |
| **Iomlán** | **1,217,058** | **309,496** |

## Costais Dlí agus Socruithe

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar shuimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear ann caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí a fuair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | 47,457 | 75,846 |
| Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána | - | - |
| Socruithe | - | 75,000 |
| **Iomlán** | **47,457** | **150,846** |

Áirítear sna costais dlí seo suim €0 i leith cúinsí leanúnacha a bhaineann le gníomhaireachtaí Stáit eile.

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---:|---:|
| **Intíre** | | |
| Bord | 4,745 | 5,819 |
| Fostaithe | 475,569 | 893,791 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Bord | - | 534 |
| Fostaithe | 23,377 | 183,778 |
| **Iomlán Total** | **503,691** | **1,083,922** |

Áirítear leis taisteal agus cothú €4,745 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird in 2020 (2019: €6,353). Níor íoc an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta caiteachas taistil agus cothaithe thar ceann na gcomhaltaí Boird in 2020 (2019: €1,818).

## Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---:|---:|
| Fáilteachas foirne | 3,748 | 5,561 |
| Fáilteachas cliant | - | - |
| **Iomlán** | **3,748** | **5,561** |

## An Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus chuir sé gnáthaimh i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go substaintiúil le haghaidh 2020.

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## An Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go ndéantar taifeadadh ceart ar idirbhearta, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil. Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú mar seo a leanas:

- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir,
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú,
- próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint, agus
- cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt i ngach leibhéal den eagraíocht.

## An Cumas Dul i nGleic le Riosca

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas mar seo a leanas:

- cineál, méid agus tionchair airgeadais na rioscaí a bhíonn le sárú ag an Údarás a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé atá inghlactha,
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheasúnú,
- cumas an Údaráis chun rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú a mheasúnú,
- costais rialuithe áirithe oibríochta a mheasúnú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear astu, agus
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ar spriocanna an Údaráis agus tacaíocht do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

## Tionchar phaindéim COVID-19 ar an Rialú

Thosaigh paindéim COVID-19 go luath in 2020, agus idir sin agus an chomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta a d'eascair as an bpaindéim, d'athraigh cleachtais oibre an Údaráis go tapa agus ó bhonn, agus chuaigh formhór fhoireann an Údaráis i mbun a gcuid oibre ó chian agus go fíorúil.

Rinne an tÚdarás monatóireacht dhlúth ar na forbairtí, ag féachaint leis na rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar oibríochtaí gnó, foireann agus páirtithe leasmhara an Údaráis a mhaolú. Áirítear leis na gníomhartha a rinne an tÚdarás:

- Samhail Gnó Mar Is Gnách an Údaráis a thionscnamh, agus oibríochtaí gnó an Údaráis a aistriú go timpeallacht chianoibre inar féidir le formhór na bpróiseas gnó leanúint ar aghaidh mar is gnách.
- Measúnú leanúnach a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a bhain le paindéim COVID-19 agus sofhreagrúlacht an Údaráis freagairt go héifeachtach orthu.
- A chinntiú go bhfuil deighilt fhónta dualgas fós i bhfeidhm agus go mbeadh dóthain clúdaigh ar fáil dá mba rud é nach raibh údaráis faofa shonracha ar fáil.
- A chinntiú go bhfuil na beartais agus nósanna imeachta cosanta sonraí agus bainistithe taifead reatha ar fad fós i bhfeidhm sa timpeallacht chianoibre agus go bhfuil monatóireacht agus tuairisciú á dhéanamh orthu mar is gnáth.
- A chinntiú go bhfaigheann baill foirne rochtain ar líonra an Údaráis ar threalamh TFC faofa an Údaráis agus gur tugadh an trealamh TFC riachtanach do gach ball foirne atá i mbun cianoibre.
- Measúnú a dhéanamh ar laigí féideartha sna rialuithe inmheánacha mar gheall ar COVID-19 agus bearta a dhéanamh chun monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha agus iad a nuashonrú de réir mar ba ghá.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis sin go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord,
- athbhreithnithe rialta an Bhoird ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí,
- spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas,
- treoirlínte ceannaigh agus faofa atá sainithe go soiléir, agus
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais gníomhach i mí Mheán Fómhair 2020, agus tháinig an Coiste le chéile cúig huaire idir sin agus deireadh na bliana. Oibríonn an Coiste go dlúth leis an mBord ar réimsí riosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an Údarás. Leagann an Bord amach an fonn riosca don Údarás, cinntíonn sé go bhfuil próisis bainistíochta riosca i bhfeidhm agus sonraíonn sé róil agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsaí riosca. Déantar meastóireacht ar an rioscaí le clár rioscaí, ina sainaithnítear príomhrioscaí an Údaráis, agus rangaítear na rioscaí de réir na dóchúlachta agus na n-iarmhairtí don Údarás le maitrís scórála chomhaontaithe. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar shliocht as an gClár Rioscaí ina sonraítear ardrioscaí agus rioscaí meánacha ag gach cruinniú, agus athbhreithníonn siad an Clár Rioscaí iomlán gach bliain.

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm le haghaidh na réimsí seo a leanas:

- Tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an ardbhainistíocht faoi athbhreithniú.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, chun na sócmhainní a chosaint.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Údarás, feidhm a ghníomhaíonn de réir na bprionsabal sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2016. Cabhraíonn gnólacht iniúchóirí inmheánacha neamhspleácha leis an Údarás an plean iniúchóireachta inmheánaí a d'fhaomh an Bord a chur i bhfeidhm. Treoraíonn anailís ar an riosca dá nochtar an tÚdarás obair na iniúchóireachta inmheánaí, agus bunaítear a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla ar an anailís sin. Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus faomhann Bord an Údaráis iad. Uair sa bhliain ar a laghad, tabharfaidh an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Áirítear sa tuarascáil sin tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, Feidhmeannas an Údaráis atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a bhainistiú, agus ráitis a dhéanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú, agus gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta na nósanna imeachta sin go substaintiúil i rith 2020.

Ach mar thoradh díreach ar phaindéim COVID-19, b'éigean don Údarás raon trealamh cosanta pearsanta a aimsiú go práinneach, a sháraigh a ghnáthriachtanais. De bharr nádúr na paindéime, bhí fadhbanna agus dúshláin shuntasacha athraithe soláthair ag an Údarás chun trealamh cosanta pearsanta a aimsiú a bhí ar an gcaighdeán cuí agus i líon sách mór. I líon beag cásanna, níorbh fhéidir cloí go hiomlán leis na treoirlínte soláthair phoiblí agus nuair a tharla sé sin bhí cás gnó an-láidir ann

chun an caiteachas a chosaint agus creideann an tÚdarás gur baineadh luach ar airgead amach i ngach cás.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

D'athbhreithnigh an Bord an Ráiteas ar an gcóras Rialaithe Inmheánaigh chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe.

Chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, mheas na Bord tuarascálacha bliantúla ón bhFeidhmeannas ar phróisis bainistíochta riosca agus bainistíochta sábháilteachta chomh maith le sraith tuarascálacha airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Measadh na tuarascálacha sin i dteannta tuarascáil bhliantúil ón gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais agus tuarascálacha rialta ón Iniúchóir Inmheánach. Tabharfaidh na hIniúchóirí Inmheánacha faoi athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais go luath in 2021.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha in 2020. Tá dearbhú réasúnta ag an Údarás gur éifeachtach na córais rialuithe inmheánacha a thionscain agus a chuir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach in 2020 a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais.

# An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta – Deontas ón Oireachtas | 17,937,053 | 19,241,976 |
| Ioncam Creidiúnaithe | 2,852,810 | 2,918,694 |
| Ioncam COMAH | 106,100 | 150,139 |
| Ioncam Eile | 220,062 | 188,695 |
| Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitil | 47,349 | 157,064 |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | - | 4,108,000 |
| | 21,163,374 | 26,764,568 |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Tuarastail | 12,473,351 | 11,738,435 |
| Costais Sochair Scoir | 1,302,271 | 5,477,702 |
| Speansais Oibríochta | 8,382,827 | 8,607,251 |
| | 22,158,449 | 25,823,388 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | **(995,075)** | **941,180** |
| An tIarmhéid a tugadh ar aghaidh an 1 Eanáir | 2,145,214 | 1,204,034 |
| An tIarmhéid a tugadh ar aghaidh an 31 Nollaig | 1,150,139 | 2,145,214 |

# An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | (995,075) | 941,180 |
| Gnóthachan/Caillteanas taithí ar oibleagáidí sochair scoir | - | (1,846,000) |
| Athrú ar thoimhdí is bonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | - | 11,987,000 |
| (Gnóthachain)/Caillteanais achtúireacha sa bhliain | - | 10,141,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | - | (10,141,000) |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | **(995,075)** | **941,180** |

# An Ráiteas ar Staid an Airgeadais

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 707,835 | 755,184 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Suimeanna infhaighte | 910,386 | 993,873 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 1,121,531 | 1,851,832 |
| | 2,031,917 | 2,845,705 |
| **Dliteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Suimeanna iníoctha | (881,778) | (700,491) |
| Glansócmhainní Reatha | 1,150,139 | 2,145,214 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Sochair Scoir** | **1,857,974** | **2,900,398** |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | - | 117,084,000 |
| Oibleagáid sochar scoir | - | (117,084,000) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | **1,857,974** | **2,900,398** |
| **Ag léiriú** | | |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe | 1,150,139 | 2,145,214 |
| Cuntas caipitil | 707,835 | 755,184 |
| | **1,857,974** | **2,900,398** |

# An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) oibríochta don bhliain | (995,075) | 941,180 |
| Dímheas | 229,418 | 239,831 |
| Aistriú (ó)/chuig Cúlchiste Caipitil | (47,349) | (157,064) |
| (Laghdú)/Méadú ar shuimeanna iníoctha | 181,287 | 7,018 |
| (Méadú)/Laghdú ar shuimeanna infhaighte | 83,487 | (171,908) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(548,232)** | **859,057** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | (548,232) | 859,057 |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | (182,069) | (82,767) |
| **Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí airgid** | **(730,301)** | **776,290** |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig 2019 | 1,851,832 | 1,075,542 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig 2020** | **1,121,531** | **1,851,832** |

# Sleachta as na Nótaí

## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta leo. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

**a) Faisnéis Ghinearálta**

Bunaíodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 in áit an Achta sin), le Ceann-Oifig ag: An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1 D01 K0Y8.

Leagtar amach príomhchuspóirí an Údaráis in Alt 34 d'Acht 2005. Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) freagrach as riaradh agus forfheidhmiú na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair in Éirinn. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar chomhlíonadh reachtaíochta san ionad oibre agus féadfaidh sé gníomh forfheidhmithe a dhéanamh (go dtí agus lena n-áirítear ionchúisimh). Is an tÚdarás an t-ionad náisiúnta le haghaidh faisnéise agus comhairle d'fhostóirí, fostaithe agus daoine féinfhostaithe ar gach gné den tsláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. Cuireann an Údarás oideachas, oiliúint agus taighde i réimse na sláinte agus sábháilteachta chun cinn freisin. Tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le sainordú an Údaráis, lena n-áirítear:

- ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta ag an obair a chur chun cinn,
- cigireacht ar gach áit oibre agus monatóireacht ar chomhlíonadh na ndlíthe sláinte agus sábháilteachta,
- imscrúdú ar thimpistí tromchúiseacha, cúiseanna drochshláinte agus gearáin,
- taighde a dhéanamh ar an tsláinte agus sábháilteacht ag an obair agus taighde dá leithéid a urrú,
- cóid chleachtais, treoir agus cáipéisí faisnéise a fhorbairt agus a fhoilsiú,
- seirbhís faisnéise a sholáthar i rith uaireanta oifige, agus
- dlíthe agus caighdeáin nua ar an tsláinte agus sábháilteacht ag an obair a fhorbairt.

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú de réir shraith caighdeán ábhartha 17000 de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO). Is é comhlacht náisiúnta na hÉireann é i líonra Eorpach na gcomhlachtaí creidiúnaithe. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí creidiúnaithe, saotharlanna agus comhlachtaí cigireachta le seiceáil an gcloíonn siad le caighdeáin chomhchuibhithe idirnáisiúnta, ag soláthar dearbhú go léiríonn na comhlachtaí sin inniúlacht agus cumas feidhmíochta ina gcuid oibre.

Bunaíodh INAB mar Choiste Forfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 arna leasú le hAlt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014, aistríodh INAB mar Choiste de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, agus aistríodh feidhmeanna agus foireann iomlán INAB go dtí an tÚdarás.

Is é an tÚdarás an comhlacht atá freagrach as creidiúnú de réir an dlí. Tarmligtear an fhreagracht sin chuig an gCoiste (ar a tugtar an Bord Creidiúnúcháin i reachtaíocht 2014). Ceapann Bord an Údaráis comhaltaí an Bhoird Creidiúnúcháin agus is fostaithe de chuid an Údaráis iad an fhoireann a shanntar do INAB chun tabhairt faoina fheidhmeanna laethúla.

Is Eintiteas ar mhaithe le Leas an Phobail é an tÚdarás.

**b) An Ráiteas ar Chomhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), mar a fheidhmíonn Chartered Accountants Ireland iad.

**c) Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadas i bhformáid a d'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le comhthoilliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach ag déileáil le hítimí a mheastar is gá maidir le ráitis airgeadais an Údaráis.

**d) Ioncam**

<u>Deontais ón Oireachtas</u>

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe go hiondúil; eisceacht amháin is ea na Deontais ón Oireachtas, a aithnítear ar bhonn admhálacha airgid. Léiríonn deontais ón Oireachtas a thaispeántar sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cuntas Cúlchistí Ioncaim Choinnithe na suimeanna a fuarthas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i leith na bliana sin.

<u>Ioncam INAB</u>

Léiríonn ioncam do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) ioncam a gcuirtear sonrasc ina leith i rith na bliana.

<u>Ioncam COMAH</u>

Ioncam ó chostais in-aisghabhála ar cuireadh sonrasc ina leith i rith na bliana as cigireachtaí agus imscrúduithe a dhéanamh faoi na Rialacháin um an Acht Ceimiceán, 2015.

<u>Ioncam Eile</u>

Taifeadtar gach ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

**e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon fhorála le haghaidh bearnú. Foráiltear do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide an luach iarmharach measta a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Troscán agus trealamh oifige | 20% | De réir méid chothroim |
| Trealamh ríomhaireachta | 33.33% | De réir méid chothroim |
| Trealamh eolaíochta | 20% | De réir méid chothroim |
| Daingneáin agus fearais | 10% | De réir méid chothroim |
| Forbairt Bogearraí | 10% | De réir méid chothroim |

Feidhmíonn an tÚdarás beartas tairsí caipitlithe €1,000.

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair dá ndiúscrófaí sócmhainn, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus sa bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú ar luach na sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

**f) Cuntas Caipitil**

Cuimsítear sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh na ndeontas caipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a chistiú.

**g) Airgeadra Eachtrach**

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dháta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malartaithe tráth na n-idirbheart bunaidh.

Déileáladh le brabúis agus caillteanais a eascraíonn as aistrithe airgeadra eachtraigh agus ar shocrú suimeanna infhaighte agus iníoctha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cuntas Cúlchistí Coinnithe.

**h) Suimeanna Infhaighte**

Aithnítear suimeanna infhaighte ag a luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta in ann na suimeanna ar fad atá ag dul dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

**i) Léasanna oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibríochta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, seachas má tá méaduithe cíosa ann a bhaineann leis an ráta measta boilscithe, nuair a aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

**j) Sochair fostaithe**

<u>Sochair Ghearrthéarmacha</u>

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana sna Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

<u>Sochair Scoir</u>

Bhunaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a scéim pinsean le sochar sainithe roimhe seo, scéim a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a théitear ó airgead a thugann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastal foirne agus ball. Feidhmíonn an tÚdarás Scéim Aonair Pinsean na Seirbhísí Poiblí ("an Scéim Aonair") freisin, scéim sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsean sochair pinsean a thuill fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a íocann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsean mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a íoc.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cóir, sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis agus aon mhaoiniú lena mbaineann, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta a dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

**k) Forálacha**

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an Údarás mar thoradh ar imeachtaí a tharla roimhe sin; is dóigh go mbeadh eas-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; agus is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar shuim na hoibleagáide.

**l) Teagmhais**

Ní aithnítear dliteanais teagmhais a eascraíonn as imeachtaí a tharla roimhe seo (i) nuair nach dóigh go mbeidh eas-sreabhadh acmhainní ann nó nuair nach féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa ar an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar gurb ann dó mar go dtarlaíonn nó nach dtarlaíonn imeachtaí éiginnte sa todhchaí nach bhfuil smacht iomlán ag an Údarás orthu. Nochtar dliteanais teagmhais sna ráitis airgeadais murar dóigh ar chor ar bith go mbeidh eas-sreabhadh ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhais. Nochtar sócmhainní teagmhais sna ráitis airgeadais nuair is dóigh go mbeidh insreabhadh sochar geilleagrach ann.

**m) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta**

Éilítear ar an lucht bainistíochta, agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Ach mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh go mbeadh an-difríocht idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

<u>Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh</u>

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní a bhíonn faoi réir amúchadh le haghaidh bearnú nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don tsuim dá sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann suim in-aisghabhála agus luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide, pé acu is mó. Ar mhaithe le bearnú a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpaí ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Athbhreithnítear sócmhainní neamhairgeadais ar tharla bearnú orthu le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

<u>Dímheas agus Luachanna Iarmharacha</u>

D'athbhreithnigh na Stiúrthóirí saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha lena mbaintear na n-aicmí sócmhainní seasta ar fad, agus go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna iarmharacha daingneán agus fearas, agus bhain siad de thátal as sin ar fad go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

<u>Forálacha</u>

Déanann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta forálacha d'oibleagáidí dlí agus inchiallaithe, nuair is eol dó go bhfuil siad gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Bíonn na forálacha sin bunaithe ar eolas stairiúil nó ar eolas ábhartha eile, coigeartaithe do threochtaí le deireanaí nuair is gá. Ach is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí nach dtarlóidh go ceann roinnt mhaith blianta seans. Dá bhrí sin, agus de bharr a mhéad éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

<u>Oibleagáid Sochar Scoir</u>

Déantar athbhreithniú bliantúil, bunaithe ar na dálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir, ar na toimhdí is bonn taca do na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí threochtaí na gcostas cúram sláinte).

D'fhéadfadh siad seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán,

(ii) leibhéil cúitimh sa todhchaí, dálaí mhargadh an tsaothair sa todhchaí, agus

(iii) rátaí treochta costas cúraim sláinte, ráta boilscithe na gcostas leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta – Vóta 32 – Fotheideal C5 | 18,122,000 | 19,297,000 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaithe a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | (98,816) | - |
| Ranníocaíochtaí na Scéime Singil a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | (86,131) | (55,024) |
| | **17,937,053** | **19,241,976** |

## 3. IONCAM CREIDIÚNAITHE

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| Ioncam Creidiúnaithe | 2,852,810 | 2,918,694 |

I ndiaidh dhíscaoileadh Forfás in 2014, aistríodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá INAB freagrach as gníomhaíochtaí creidiúnaithe agus cuireann sé sonraisc chuig cliaint as an obair a dhéantar.

## 4. IONCAM COMAH

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| Ioncam COMAH | 106,100 | 150,139 |

In 2016, thug an tÚdarás sceideal táillí isteach le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla cigireachta agus imscrúdaithe faoi na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2015.

## 5. IONCAM EILE

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| Ioncam ó Chúrsa Oiliúna Tiománaithe | 50,000 | 100,000 |
| Fíneálacha ADR | 11,790 | 8,500 |
| Díolacháin Fhoilseacháin an Údaráis | - | 535 |
| Ioncam ECHA | 30,704 | 16,528 |
| Ilghnéitheach (Seimineáir, Dlí, Speansais Finnéithe, Coimisiún an Aontais Eorpaigh) | 127,568 | 63,132 |
| | **220,062** | **188,695** |

Baineann ioncam fíneálacha ADR le fíneálacha a d'eisigh cigirí as sárú reachtaíochta maidir le hearraí contúirteacha a iompar.

Baineann ioncam ECHA le fostú chigirí an Údaráis chun obair a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.

## 6. COSTAIS TUARASTAL

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha na foirne | 11,420,186 | 10,764,874 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,053,165 | 973,561 |
| **Costais Tuarastal Iomlána** | **12,473,351** | **11,738,435** |

### Sochair Ghearrthéarmacha na Foirne

| | | |
|---|---|---|
| Buntuarastal | 11,361,283 | 10,683,123 |
| Ragobair | 23,967 | 42,243 |
| Liúntais | 34,936 | 39,508 |
| | **11,420,186** | **10,764,874** |

Deimhníonn an tÚdarás gur íocadh íocaíocht foirceanta amháin i rith 2020.

| Líon Foirne | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana – Gairmiúil/teicniúil | 131.9 | 129.2 |
| Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana – Riarachán | 52.8 | 45.3 |
| | **184.7** | **174.5** |

Baineadh tobhach pinsean €475,435 (2019: €508,939) ó chomhaltaí foirne agus íocadh é leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 € | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|
| **Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin** | | |
| Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (An Dr Sharon McGuinness) – Pá comhlán | 147,778 | 140,973 |
| **Taisteal agus Cothabháil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin** | | |
| Costais Taistil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (An Dr Sharon McGuinness) | 3,373 | 14,120 |

Fuair an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin tuarastal €147,778 agus speansais dar luach €3,373 in 2020.

Ní bhfuair an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin aon bhónas ná peorcaisí sa bhliain.

Tá teidlíochtaí sochair pinsin an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin ag teacht leis na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim samhla aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

## Miondealú ar Shochair Fostaithe

| Raon na sochar fostaithe iomlán | | | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| Ó | | Go | 2020 | 2019 |
| €60,000 | - | €69,999 | 55 | 41 |
| €70,000 | - | €79,999 | 26 | 34 |
| €80,000 | - | €89,999 | 16 | 11 |
| €90,000 | - | €99,999 | 3 | 3 |
| €100,000 | - | €109,999 | 8 | 7 |
| €110,000 | - | €119,999 | 0 | 0 |
| €120,000 | - | €149,999 | 1 | 1 |
| **Total** | | | **109** | **97** |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.

## 7. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS NA GCOMHALTAÍ

| Comhalta Boird | 2020 Táillí € | 2020 Speansais € | 2019 Táillí € | 2019 Speansais € |
|---|---|---|---|---|
| Carol Bolger | - | - | 7,695 | - |
| Andrew Bowers | 7,695 | - | 7,695 | - |
| Dermot Carey | - | - | 7,695 | 416 |
| Tom Coughlan (an Cathaoirleach) | 11,970 | 4,462 | 11,970 | 4,614 |
| Stephen Curran (An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta) | - | - | - | 193 |
| Deirdre Cullivan | 7,695 | - | 7,695 | 931 |
| An Dr Michael Gillen | - | - | 7,695 | - |
| Pat Kenny | - | - | 7,695 | - |
| John McCartney | - | - | 7,695 | 199 |
| Mary Coyne | 3,848 | 283 | - | - |
| David Hughes | 7,695 | - | - | - |
| Paul Kelly | 7,695 | - | - | - |
| Michelle Quinn | 7,695 | - | - | - |
| Frank Kelly | 7,695 | | | |
| Deirdre MacDonald | 7,695 | - | - | - |
| An tOllamh James Phelan | - | - | 7,695 | - |
| Christine Rowland | - | - | 7,695 | - |
| Frank Vaughan | - | - | 7,695 | - |
| Bríd De Buitléar | 3,848 | - | - | - |
| Ciarán Roche | 3,848 | - | - | - |
| | **77,379** | **4,745** | **88,920** | **6,353** |

## 8. SPEANSAIS OIBRÍOCHTA


| | Iomlán 2020 € | Iomlán 2019 € |
|---|---|---|
| Cóiríocht | 1,628,983 | 1,729,713 |
| Costais chumarsáide | 167,181 | 303,723 |
| Taisteal agus Cothabháil – náisiúnta | 480,906 | 899,610 |
| Taisteal agus Cothabháil – idirnáisiúnta | 29,849 | 184,312 |
| Foilseacháin agus margaíocht | 917,169 | 1,314,514 |
| Seirbhísí dlí | 103,240 | 204,871 |
| Taighde | 74,680 | 79,832 |
| Seirbhísí airgeadais | 398,309 | 280,761 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | 17,771 | 16,519 |
| Sainchomhairleoireacht eile | 360,465 | 240,011 |
| Creidiúnú – costais measúnóirí seachtracha (nóta 3) | 709,813 | 910,137 |
| Athbhreithniú ar phróiseas gnó | 613,586 | 518,692 |
| Costais foirne | 557,146 | 432,053 |
| Soláthairtí trealaimh ghinearálta | 170,866 | 272,401 |
| Infheistíocht i bhfoghlaim | 153,238 | 226,742 |
| Costais teicneolaíochta | 1,610,738 | 506,856 |
| Dímheas | 232,272 | 239,831 |
| Táillí iniúchóireachta inmheánaí | 27,894 | 40,485 |
| Táillí iniúchóireachta seachtraí | 19,000 | 17,000 |
| Táillí na gComhaltaí | 77,378 | 88,920 |
| Eile | 32,343 | 94,561 |
| Drochfhiacha | - | 5,707 |
| | **8,382,827** | **8,607,251** |

Áirítear le speansais oibríochta muirear €3,748 (2019: €5,561) i ndáil le suimeanna a d'íoc an tÚdarás as fáilteachas foirne.

Tabhair faoi deara gur athaicmíodh na figiúirí comparáideacha nuair is gá ar bhonn a thagann le cur i láthair na bliana reatha.

# Aguisín 2:
## Cigireachtaí, Imscrúduithe agus Ionchúisimh 2020

**Tábla 2.1** Líon na gcigireachtaí agus na n-imscrúduithe ar an ionad oibre 2010–2020




**Tábla 2.2** Cigireachtaí agus imscrúduithe ar an ionad oibre de réir earnáil gheilleagrach agus gníomh forfheidhmithe 2019

| Earnáil gheilleagrach | Cigireachtaí agus imscrúduithe[1] | Fógraí um íocaíocht shocraithe (fíneálacha | Fógra nó treoir feabhsúcháin | Fógra toirmisc | Comhairle i scríbhinn |
|---|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 897 | 0 | 32 | 35 | 446 |
| Mianadóireacht agus cairéalú | 114 | 0 | 1 | 1 | 66 |
| Déantúsaíocht | 1,239 | 0 | 31 | 22 | 846 |
| Soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin | 145 | 0 | 9 | 6 | 88 |
| Tógáil | 3,996 | 0 | 69 | 231 | 2,191 |
| Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, deisiúchán mótarfheithiclí agus gluaisrothar | 2,201 | 0 | 47 | 14 | 1,445 |
| Iompar agus stóráil | 614 | 32 | 17 | 5 | 442 |
| Gníomhaíochtaí seirbhísí cóiríochta agus bia | 222 | 0 | 5 | 2 | 124 |
| Sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta | 197 | 0 | 1 | 0 | 140 |
| Earnálacha eile | 670 | 0 | 19 | 4 | 319 |
| **Iomlán** | **10,295** | **32** | **231** | **320** | **6,107** |

*1 Áirítear anseo cigireachtaí agus imscrúduithe san ionad oibre a rinneadh faoi reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte ceirde agus ceimiceán.*

**Tábla 2.3** Clár imscrúdaithe sábháilteachta agus sláinte ceirde agus ceimiceán, 2020

| | | |
|---|---|---|
| **Imscrúduithe ar ghearáin** | Tugadh tús áite do cheisteanna a tarraingíodh anuas leis an Údarás mar ghearáin nó ábhair imní. Chuimsigh na gearáin ceisteanna sláinte agus sábháilteachta ceirde, chomh maith le comhlíonadh Bhainistíocht Sláinte Poiblí COVID-19. Chuathas i ngleic leo sin leis an té ar a raibh dualgas go hiondúil agus, nuair ba ghá, sannadh ar an gcigireacht iad lena n-imscrúdú. D'fhéadfaí cigireachtaí aonair ar an ionad oibre a ordú de bharr ábhair imní. | **932** |
| **Imscrúduithe ar thimpistí** | Imscrúdaíodh gach timpiste san ionad oibre ina bhfuair duine bás. Tugadh tús áite do thimpistí tromchúiseacha eile dá n-imscrúdú, má cuireadh ar shúile an Údaráis iad, nó ordaíodh cigireachtaí aonair ar an ionad oibre. Rinneadh imscrúdú freisin ar eachtraí contúirteacha áirithe, fiú murar gortaíodh aon duine. | **228** |
| **Iomlán** | | **1,160** |

**Tábla 2.4** Bainistíocht COVID-19 in 2020

| | | |
|---|---|---|
| **Cigireachtaí ar an ionad oibre a rinneadh a bhain le COVID-19 agus an Prótacal um Oibriú go Sábháilte** | **Torthaí na gCigireachtaí – Comhlíonadh na bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte agus um Oibriú go Sábháilte** | |
| | **Líon na gcigireachtaí ar fud na n-earnálacha ar fad** | **5,416** |
| | ▸ An bhfuil Bearta Rialaithe COVID-19 i bhFeidhm? | Comhlíonadh 92% |
| | ▸ Ar ullmhaíodh Plean Freagartha COVID-19? | Comhlíonadh 78% |
| | ▸ An bhfuair na fostaithe Oiliúint Ionduchtúcháin COVID-19? | Comhlíonadh 88% |
| | ▸ Ar ceapadh Príomh-Ionadaí Oibrithe COVID-19? | Comhlíonadh 71% |

**Tábla 2.5** Toradh na n-ionchúiseamh a críochnaíodh in 2020

| Cineál imeachta | Líon iomlán a éisteadh | Dífe/ cúiseanna caite amach | Á achomharc | Pianbhreith ar fionraí | Seirbhís phobail | An tAcht Promhaidh | Ordú Cúitimh | Fíneálacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar díotáil | 9 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | €1,306,000 |
| Go hachomair | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | €21,000 |
| **Iomlán** | **13** | **1** | **0** | **0** | **0** | **0** | **€180,000** | **€1,327,000** |

**Tábla 2.5** Sonraí na n-ionchúiseamh a críochnaíodh in 2020 (seachas na cásanna dífe)

## Cásanna achoimre

**Duine aonair a ionchúiseamh**

Éisteadh an cás seo i gCúirt Dúiche an Aonaigh ar an **9 Eanáir 2020**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 21 Eanáir 2018, ag áitreabh an chúisí, arbh áit oibre é, d'fhulaing duine aonair (nárbh fhostaí leis an gcúisí iad) díobháil phearsanta agus fuair siad bás, nuair a thiomáin an cúisí tarracóir a raibh rótachartóir/bráca feistithe de fad a bhí an duine aonair sin ina seasamh ar an rótachartóir/bráca a bhí ag gluaiseacht.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 12, Contrártha d'Alt 77(9) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | €2,000 |

**Halcox Limited**

Éisteadh an cás seo sna Ceithre Cúirteanna (Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath) ar an **14 Eanáir 2020**. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 9 Meitheamh 2018, ar láithreán foirgníochta, d'fhulaing an duine díobhálaithe díobháil phearsanta nuair a bualadh sa smig é le píosa de bharra treisiúcháin, a bhí á bhogadh ag tochaltóir.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)e | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | €5,000 |
| Alt 8(2)e mar a bhaineann sé le 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | €5,000 |

**Duine aonair a ionchúiseamh**

Éisteadh an cás seo i gCúirt Dúiche an Aonaigh ar an **11 Meitheamh 2020**. Phléadáil an cúisí ciontach i dtrí chúiseamh. Ar an 27 Meán Fómhair 2018, bualadh fostaí le gas crainn gan fréamhacha, a chuaigh trí chábán an tochaltóra a bhí á oibriú acu, agus d'fhulaing siad díobhálacha tromchúiseacha pearsanta dá bharr agus fuair siad bás.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Rialachán 25 (1)(b), Contrártha d'Airteagal 77(2) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 | Phléadáil ciontach | €2,500 |
| Rialachán 25 (1)(a), Contrártha d'Airteagal 77(2) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 | Phléadáil ciontach | €2,500 |
| Alt 19, Contrártha d'Alt 77(2) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | €2,500 |

**Duine aonair a ionchúiseamh**

Éisteadh an cás seo i gCúirt Dúiche Cheatharlach, Co. Cheatharlach ar an **2 Iúil 2020**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 23 Samhain 2018, fad a bhí siad ag obair ar dhíon aonaid nua déiríochta ar fheirm, d'fhulaing fostaí díobháil phearsanta nuair a thit siad anuas ó airde.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Rialachán 6 (1) (b), Contrártha d'Airteagal 77 (2) (c) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 | Phléadáil ciontach | €1,500 |

**Achomharc in aghaidh Pianbhreithe**

I gcás a éisteadh ar an **11 Aibreán 2019** i gCúirt Dúiche Ghuaire, Co. Loch Garman a d'eascair as timpiste mharfach ar an 16 Samhain 2016 nuair a chuaigh fostaí thar bord ó árthach iascaireachta, tugadh an phianbhreith seo a leanas.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL | PIANBHREITH |
|---|---|---|---|---|
| Alt 11(1)(C)(2), Contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | Faic | 6 mhí, 2 mhí ar fionraí |
| Alt 8(2)(j), Contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach/ An tAcht Promhaidh | Faic | 6 mhí, 2 mhí ar fionraí (go comhthráthach leis an gcéad phianbhreith) |

Éisteadh **achomharc** in aghaidh dhéine na pianbhreithe ar an 14 Feabhra 2020, i gCúirt Chuarda Loch Garman, os comhair an Bhreithimh O'Donoghue. Bhain an Breitheamh an phianbhreith choimeádta agus d'ordaigh don fhostóir €300 a íoc leis an RNLI ina áit.

# Indictment cases

**McAleer and Rushe Contracts UK Limited**

Éisteadh an cás seo i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath ar an **9 Márta 2020**. Phléadáil McAleer and Rushe Contracts UK Limited ciontach i gcúis amháin. Ar an 23 Meitheamh 2016, ag limistéar rochtana clóis i dtionscadal foirgníochta ag Teach Findlater, Sráid Chathail Brugha (Plás Findlater), Baile Átha Cliath 1, rinne McAleer and Rushe Contracts UK Limited, mar fhostóir de réir bhrí an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, obair ag an áitreabh sin a nochtfadh nó ar dóigh go nochtfadh sí a fhostaithe do dheannach a tháinig as aispeist nó ábhair ina raibh aispeist i gcúinsí inar theip air tabhairt faoi mheasúnú riosca chun a chinneadh an raibh aispeist nó ábhair ina raibh aispeist i láthair san áitreabh sin nó ar dóigh go mbeidís i láthair ann.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Rialachán 7(a), Contrártha d'Airteagal 77(2)(c) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Risíocht le hAispeist) 2006 agus 2010<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | €100,000 |

**Duine aonair a ionchúiseamh**

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Mhuineacháin (ina suí di sa Chabhán) ar an **19 Meitheamh 2020**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 12 Lúnasa 2016, theip ar an gcúisí, fostóir, córas oibre sábháilte agus cuí a sholáthar i dtaobh pannaí comhlra agus gléasanna lena mbaineann le haghaidh obair foirgníochta a chur in airde agus a bhaint as a chéile, agus d'fhulaing fostaí díobhálacha pearsanta agus fuair siad bás dá bharr.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(e), Contrártha d'Alt 77(9) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | €25,000 |

**JP Murphy Bros Farm and Industrial Building Limited**

Éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Loch Garman (ina suí di i gCill Chainnigh) ar an **9 Iúil 2020**. Phléadáil JP Murphy Bros Farm and Industrial Building Limited ciontach i gcúis amháin. Ar an 26 Eanáir 2015, d'fhulaing fostaí de chuid JP Murphy Bros Farm and Industrial Building Limited díobhálacha tromchúiseacha pearsanta nuair a thit sé sé mhéadar agus é ag baint gléasanna de dhíonphainéil rocacha ar fhoirgneamh talmhaíochta.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | PIONÓS |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(e), Contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | Ordú Cúitimh dar shuim Ð180,000 de bhun Alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993. |

**Key Waste Management Limited**

Éisteadh an cás seo os comhair Chúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath ar an **30 Deireadh Fómhair 2020**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 18 Márta 2016, ag Bóthar na nGlaschnoc, Baile Bhailcín, Baile Átha Cliath 12, theip ar Key Waste Management Limited córas sábháilte oibre a sholáthar i dtaobh próiseáil dramhaíola i gcró, áit nach raibh aon scaradh idir oibrithe coisithe agus an meaisín teilealáimhseálaí oibríochta i rith próiseas inar sórtáladh dramhaíl, agus d'fhulaing fostaí díobhálacha pearsanta agus fuair siad bás dá bharr.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(e), Contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €60,000 |

### Axial Properties Limited

Éisteadh an cás seo os comhair Chúirt Chuarda Bhaile Átha Troim ar an **20 Samhain 2020**. Phléadáil Axial Properties Limited ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 3 Márta 2014 ag Aonad 9, Páirc Ghnó Bhaile an Bhreáigh, Cluain Aodha, Co. na Mí, b'áit chontúirteach oibre díon an áitribh sin, go sonrach toisc gur dhíon sobhriste díon an áitribh sin agus thit conraitheoir trí dhíon an áitribh dá bharr agus d'fhulaing siad díobhálacha tromchúiseacha pearsanta. Theip ar Axial Properties Limited freisin measúnú riosca a dhéanamh maidir leis na guaiseacha a bhain le hoibriú ar dhíon sobhriste.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 15(3), Contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €60,000 |
| Alt 19(5), Contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | Ð20,000 |

### Duine aonair a ionchúiseamh

Éisteadh an cás seo os comhair Chúirt Choiriúil Chuarda Chorcaí ar an **17 Samhain 2020**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 28 Meán Fómhair 2017, d'fhulaing fostaí díobháil phearsanta agus fuair siad bás nuair a theip ar an gcúisí, fostóir, i dtaobh na n-oibreacha draenála a bhí ar bun, a raibh píopaí i dtochailt a leagan amach mar chuid díobh, córas oibre a sholáthar a beartaíodh, a eagraíodh, a rinneadh, a cothaíodh agus a leasaíodh de réir mar ba chuí ionas go raibh sé, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilte agus gan riosca don tsláinte agus go háirithe i dtaobh titim thaobhanna na tochailte ar fhostaí ag obair sa tochailt a chosc, trí bhatair a dhéanamh ar thaobhanna na tochailte nó na taobhanna a chéimniú nó trí chóras tacaíochta oibreacha créafóige a shuiteáil.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(e), Contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | €10,000 |

### Duine aonair a ionchúiseamh

Éisteadh an cás seo os comhair Chúirt Choiriúil Chuarda Chorcaí ar an **17 Samhain 2020**. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 28 Meán Fómhair 2017, theip ar an gcúisí a ngnóthas a bhainistiú agus a oibriú ar bhealach a chinnteodh, a mhéid is indéanta le réasún, nach nochtfaí daoine ag an áit oibre (nárbh fhostaithe de chuid an chúisí iad), i rith na hoibre a dhéanamh, ar rioscaí dá sábháilteacht, sláinte agus leas agus go háirithe go raibh tochailt a rinne an cúisí ag an áit oibre contúirteach agus éagobhsaí; go sonrach nach ndearnadh aon bhearta chun titim isteach thaobhanna na tochailte ar dhaoine a bhí ag obair sa tochailt a chosc, trí bhatair a dhéanamh ar thaobhanna na tochailte nó na taobhanna a chéimniú nó trí chóras tacaíochta oibreacha créafóige a shuiteáil sa tochailt.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 12, Contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | €1,000 |

**Doyle Shipping Group Unlimited Company**

Éisteadh an cás seo os comhair Chúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath ar an **9 Nollaig 2020**. Phléadáil Doyle Shipping Group Unlimited Company ciontach i gcúis amháin. Ar an 6 Meitheamh 2018, d'fhulaing fostaí de chuid Doyle Shipping Group Unlimited Company díobháil phearsanta agus fuair siad bás i rith stáinsí a bhí ceangailte d'ardán na crannóige in McKearns Yard, Cé an Aigéin, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath a bhaint as a chéile agus a bhaint ón láthair.

| SÁRÚ | REACHTAÍOCHT | FÍORASC | FÍNEÁIL |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(a), Contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Phléadáil ciontach | €850,000* |

*** Tabhair faoi deara:** Tá déine na pianbhreithe á hachomharc

# Aguisín 3:

# Ionadaíocht AE agus Idirnáisiúnta 2020

Mar an t-údarás náisiúnta agus an ceannasaí náisiúnta ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh, ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i gcoistí agus sainmheithleacha AE agus idirnáisiúnta. Ag na cruinnithe ar fad, chuir an tÚdarás seasamh na hÉireann in iúl go chun tionchar a imirt ar thoradh a théann chun tairbhe na hÉireann nó nach gcruthaíonn míbhuntáiste d'Éirinn. Thug an tÚdarás ionchur teicniúil, eolaíochta agus beartais freisin ag leibhéil AE agus idirnáisiúnta eile mar a d'iarr an tAire agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ní liosta cuimsitheach é an liosta thíos, ach pléitear ann na príomhchoistí agus na príomh-mheithleacha ar ar freastalaíodh in 2020.

| Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta ina raibh an tÚdarás rannpháirteach |
|---|
| Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) |
| Bord Rialacháin EU-OSHA |
| Coiste Airteagal 133 REACH |
| Údarás Inniúil agus Foghrúpaí CARACAL le haghaidh REACH agus CLP |
| An Coiste um Measúnú Riosca in ECHA |
| Coiste na mBallstát ar REACH |
| Fóram ECHA ar Fhorfheidhmiú Rialacháin REACH, CLP agus Rotterdam |
| Sainghrúpa ECHA um Shuaiteoirí Inchríneacha |
| Sainghrúpa ECHA maidir le Substaintí Marthanacha, Bithcharnacha agus Tocsaineacha (PBT) |
| Grúpa Stiúrtha HelpNet ECHA le haghaidh Dheasca Cabhrach na mBallstát |
| An Mheitheal um Ghlantach |
| Coiste an Údaráis Náisiúnta Ainmnithe le haghaidh Rialachán Rotterdam |
| Lár-Údarás Inniúil le haghaidh Seveso |
| RiME+: Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca (Ceimiceáin) |
| An Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha |
| Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (grúpaí sainleasa agus ceardlanna ina measc) |
| Líonra Lárionad EU-OSHA |
| Bord Eagarthóireachta VeSafe de chuid EU-OSHA |
| Meitheal Comhpháirtíochta Cumarsáide EU-OSHA |
| Meitheal an Aontais Eorpaigh um Ionaid Oibre |
| Meitheal an Aontais Eorpaigh um Threalamh Scáileán Taispeána |

| |
|---|
| Meitheal an Aontais Eorpaigh um Cheisteanna a bhaineann leis an bPaindéim agus Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde |
| Coiste an Aontais Eorpaigh um Iompar Earraí Contúirteacha |
| Sainghrúpa an Aontais Eorpaigh um Iompar Earraí Contúirteacha |
| Comhchruinniú an Choiste Saineolaithe RID agus na Meithle um Iompar Earraí Contúirteacha |
| Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa – sábháilteacht ar bhóithre a bhaineann leis an obair |
| Grúpa Comhair Riaracháin an Aontais Eorpaigh maidir le Brú-Threalamh Iniompair |
| Coistí Comhairleacha an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le hInnealra |
| Coistí Comhairleacha an Aontais Eorpaigh um Brú-Threalamh |
| Coistí Comhairleacha an Aontais Eorpaigh um an Treoir um Ardaitheoirí |
| Coistí Comhairleacha an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta |
| Coistí Comhairleacha an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le ATEX (atmaisféir inphléasctha) |
| Meitheal an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le hInnealra |
| Meitheal an Aontais Eorpaigh um Brú-Threalamh |
| Meitheal an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta |
| Meitheal an Aontais Eorpaigh um an Treoir maidir le ATEX (atmaisféir inphléasctha) |
| Buan-Mheitheal an Aontais Eorpaigh um Thionscail Eastóscacha |
| Príomhchigirí Mianach an Aontais Eorpaigh |
| Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC) |
| Grúpa Gníomhaíochta Costais SACURIMA ar Thalmhaíocht |
| Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair |
| Coistí Teicniúla agus Beartais Chomhar na hEorpa um Chreidiúnú [Saotharlanna, Cigireacht, Comhchuibhiú, Teastasú, Comhaontú Iltaobhach, Comhthionól] |
| Coistí Teicniúla agus Beartais an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne [Saotharlanna, Cigireacht, Comhthionól] |
| Coistí Teicniúla agus Beartais an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin [Teastasú, Comhthionól] |
| Coistí an Choimisiúin Eorpaigh agus na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar Dhea-chleachtas Saotharlainne |
| Grúpa an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an margadh inmheánach do tháirgí |
| Coiste Seveso an Aontais Eorpaigh d'Údaráis Inniúla |
| Sainghrúpa na Choimisiúin maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist ("Sainghrúpa Seveso") |

# Aguisín 4:
# Reachtaíocht agus Treoir 2020

## Reachtaíocht

I.R. Uimh. 2 de 2020: Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2020

I.R. Uimh. 18 de 2020: Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Saotharlainne) 2020

I.R. Uimh. 102 de 2020: Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú), 2020

I.R. Uimh. 147 de 2020: An tOrdú fán Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 (Dearbhú Chuid IV), 2020

I.R. Uimh. 539 de 2020: Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíocha) (Leasú), 2020

## Cóid Chleachtais

Code of Practice Chemical Agents 2020

Code of Practice Biological Agents 2020

## Treoirbhileoga agus Bileoga Faisnéise

Treoir (Ráitis Eatramhacha agus Deiridh): Risk Group Classification for Severe Acute Respiratory Syndrome Coronavirus 2 (SARS-CoV-2)

Control of Legionella Bacteria during and after the COVID-19 Pandemic

Treoir maidir leis an léirmhíniú ar an eisiamh a bhaineann le stóráil shealadach idirmheánach faoi COMAH

Safe Quarry – A Guide to Pedestrian Safety in Quarries

Safe Quarry – Guidelines to the Safety, Health and Welfare at Work (Quarry) Regulations 2008

Safe Vehicle Tailboard Goods Lift Operations

Treoir maidir leis an Obair ón mBaile d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe

Working safely with bales on the farm

Cás-Staidéir Eirgeanamaíochta

Treoir maidir le galair na Léigiúnach

Treoir gréasánbhunaithe ar rialú nochtadh múch táthaithe.

# Aguisín 5:

## Tuarascáil Bhliantúil 2020 don Aire ar Oibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

Ceapadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta) mar an príomhúdarás náisiúnta faoin Acht Ceimiceán, 2008. Foráiltear san Acht Ceimiceán, 2008, arna leasú, do riar agus forfheidhmiú náisiúnta Rialachán REACH, Rialachán na nGlantach, Rialachán Rotterdam (Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré) agus Rialachán CLP. Amhail an 1 Meitheamh 2015, tá na Rialacháin maidir le Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist (COMAH) (SEVESO III) faoi raon feidhme na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, ach níl siad sin faoi réir na tuarascála bliantúla seo. Tá oibleagáidí riaracháin agus/nó forfheidhmithe ag cúig údarás náisiúnta faoin Acht Ceimiceán, is iad sin, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bord Ospidéal Beaumont, Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB).

Éilítear faoi alt 8(4) d'Acht 2008 go ndéanfaidh údarás náisiúnta (seachas an tÚdarás): (a) socruithe leordhóthanacha chun a fheidhmeanna faoi na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh; (b) taifid chuí a choinneáil; agus (c) tuarascáil a thabhairt don Údarás laistigh de dhá mhí tar éis dheireadh gach bliana. Beidh an fhaisnéis is cuí leis an údarás nó a éileoidh an tÚdarás sa tuarascáil sin. I gcomhlíonadh a dhualgas reachtúil faoin Acht, d'éiligh an tÚdarás ar gach údarás náisiúnta thuasluaite tuairisciú ar a ghníomhaíochtaí faoi Achtanna 2008 agus 2010 le haghaidh 2020. Tugtar sonraí gach údaráis inniúil thíos:

### Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Feidhmíonn Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), mar an tÚdarás Monatóireachta ar Dhea-chleachtas Saotharlainne, mar an tÚdarás Náisiúnta Inniúil chun críocha Airteagail 8(2) agus (3) de Rialachán na nGlantach amháin. Le haghaidh 2020, shonraigh INAB, toisc nach raibh aon saoráidí Dea-chleachtais Saotharlainne i gclár Monatóireachta INAB ag tabhairt faoi obair do Rialachán na nGlantach, nár tugadh faoi aon ghníomhaíochtaí forfheidhmithe i rith 2020. Cuireadh oiliúint ar chigirí INAB trí chláir oiliúna Dea-chleachtais Saotharlainne na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta i rith 2020. Ghlac INAB páirt i Meitheal bhliantúil na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus Choimisiún an Aontais Eorpaigh ar Dhea-chleachtas Saotharlainne. Bhí INAB páirteach i leasú na reachtaíochta náisiúnta maidir le Dea-chleachtas Saotharlainne i rith 2020.

### Bord Ospidéal Beaumont

Is é Bord Ospidéal Beaumont an comhlacht ceaptha atá freagrach as faisnéis a fháil a bhaineann le freagairt sláinte éigeandála (Airteagal 9[3] de Rialachán na nGlantach agus Airteagal 45 de Rialachán CLP) agus ainmníodh é mar an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimheanna chun an fheidhm sin a chomhlíonadh.

In 2020, phróiseáil an Lárionad 10,500 aighneacht táirge, níos mó ná dhá oiread an líon a fuarthas in 2019 (4,581). Fuarthas os cionn 3,500 aighneacht i mí na Nollag 2020. Thug an Lárionad le fios nach bhfuil dóthain acmhainní acu faoi láthair chun dul i ngleic leis an líon aighneachtaí sin. Beidh riaráiste os cionn 7,634 aighneacht táirge le próiseáil i rith 2021, laistigh de thréimhse thart ar shé mhí a mheastar, bunaithe ar na hacmhainní reatha atá ar fáil. Rinneadh seiceálacha cáilíochta ar thart ar 6,000 aighneacht i rith 2020. Thug 130 cuideachta nua fógraí faoi tháirgí don Lárionad den chéad uair in 2020, méadú 57% ar 2019. Thug 76 de na cuideachtaí sin (58%) na fógraí faoi tháirgí i mí na Nollag 2020.

In 2020, D'fhreagair an Lárionad 3,578 fiosrúchán éigeandála freisin a bhain le daoine a measadh a thóg

nimh/eachtraí nochta a bhain le táirgí ceimiceacha tí, 1,737 fiosrúchán a bhain le táirgí glantach ina measc. Ba iad na táirgí glantach ba mhó a cuireadh in iúl táirgí glantacháin fabraice (saicíní/capsúil glantaigh leachtaigh go háirithe), táirgí miasniteora, tuar (bithicíd), leacht níocháin agus glantóirí/úraitheoirí leithris. Tháinig méadú suntasach ar líon na bhfiosrúchán faoi bhithicíd (díghalráin lámh agus táirgí díghalráin) le hais na mblianta roimhe sin.

Phléigh an tOifigeach Riaracháin agus an tOifigeach Faisnéise Nimheanna le breis agus 3,200 ceist ar an nguthán nó ar ríomhphost ón tionscal in 2020. Bhain siad sin go príomha le ceanglais faisnéise an Lárionaid agus leis na ceanglais nua fógartha faoi Rialachán CLP a bhí le teacht i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021. Chuir an tÚdarás roinnt ceisteanna ar aghaidh chuig Bainisteoir an Lárionaid.

Ar leibhéal na hEorpa, lean an Lárionad ag cur le comhairliúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) ar bhunachar sonraí inchuardaithe na bhfógraí do lárionaid um nimheanna i rith 2020. D'óstáil an Lárionad beirt ó fhoireann ECHA do Lárionaid um Nimheanna ar an 27 Feabhra 2020. Rinne foireann an Lárionaid cuir i láthair ar eagraíocht an Lárionaid agus ar an obair mar chomhlacht ceaptha, agus thaispeáin siad na bunachair shonraí agus na córais faisnéise i mbun oibre.

Ghlac an Lárionad páirt freisin i dtrí phlé trí WebEx ar an gcaoi le faisnéis a thaispeáint ó chomhaid na bhfógraí do lárionaid um nimheanna (an 4 Meitheamh), cumarsáid idir comhlachtaí ceaptha agus an tionscal (an 17 Meitheamh) agus tuairisciú na bhfógraí do lárionaid um nimheanna le haghaidh comhlachtaí ceaptha (an 30 Meitheamh). Chomh maith leis sin, d'fhreastail foireann an Lárionaid ar dhá chur i láthair ar WebEx ar thoradh an chomhairliúcháin ar bhunachar sonraí inchuardaithe na bhfógraí do lárionaid um nimheanna ar an 23 Meán Fómhair agus an leagan nua den bhunachar sonraí sin ar an 21 Nollaig.

D'fhreastail Bainisteoir an Lárionaid ar an 33ú cruinniú de CARACAL (REACH & CLP) ar an 15 Eanáir. Chuir an Lárionad tuairimí ar fáil freisin, tríd an Údarás, ar cheisteanna ábhartha a pléadh in CARACAL i rith 2020. Chuir easpa acmhainní foirne teorainn lena gcumas páirt a ghlacadh i bplé mionsonraithe. Mar sin féin, cuireadh tuairimí faoi cheisteanna Iarscríbhinn VIII faoi bhráid CARACAL i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2020. Mar gheall ar an méadú ollmhór ar an ualach oibre chun ceisteanna ón tionscal a fhreagairt agus fógraí táirge a phróiseáil, ní raibh foireann an Lárionaid in ann aon ionchur a thabhairt do Threoraíocht nuashonraithe ECHA le haghaidh Iarscríbhinn VIII.

Ar an leibhéal náisiúnta, bíonn teagmháil agus comhoibriú rialta ar bun idir an tÚdarás agus an Lárionad. Choinnigh an tÚdarás an Lárionad ar an eolas faoi phlé ábhartha ag meithleacha CARACAL agus Eorpacha agus thug sé deiseanna don Lárionad tuairimiú a chur in iúl ar cheisteanna leasa.

Chomhoibrigh an Lárionad le deasc chabhrach ceimiceán an Údaráis i gcás ceisteanna ábhartha agus chuir an tÚdarás tacaíocht ar fáil don Lárionad maidir le léirmhíniú CLP. Bhuail an Lárionad agus an tÚdarás le chéile ar WebEx i mí Dheireadh Fómhair 2020 chun cúrsaí CLP comhleasa a phlé agus dréachtaíodh Meabhrán Tuisceana agus comhaontú comhroinnte sonraí i ndiaidh an chruinnithe sin, atá le faomhadh in 2021. Rinne an Lárionad agus an tÚdarás nuashonrú i gcomhar ar an gcáipéis Ceisteanna Coitianta maidir le fógraí a thabhairt faoi tháirgí don Lárionad i mí na Nollag agus postáladh iad sin ar shuíomhanna gréasáin an Lárionaid agus an Údaráis. Áiríodh faisnéis faoi cheanglais nua Iarscríbhinn VIII i ríomhfheasachán an Údaráis i mí na Nollag freisin.

Thionóil an Lárionad cruinniú WebEx leis an rannán cláraithe agus rialaithe lotnaidicídí sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i mí na Samhna 2020 chun ceanglais Iarscríbhinn VIII (CLP) le haghaidh fógraí faoi tháirgí bithicídeacha a phlé. Thug an Lárionad faisnéis don rannán sin ina dhiaidh sin a bhí le cur sa treoir nuashonraithe do chuideachtaí a chláraíonn táirgí bithicídeacha. Bhí an Lárionad i dteagmháil rialta leis an rannán i gcaitheamh na bliana freisin faoi fhógraí faoi tháirgí bithicídeacha, agus go háirithe díghalráin lámh, a thabhairt.

I rith 2020, d'oibrigh seisear oifigeach lárionaid um nimheanna (4.5 coibhéis lánaimseartha) sa Lárionad agus bhí baint acu le faisnéis a chur ar fáil chun freastal ar éileamh leighis i gcás éigeandála. Phróiseáil oifigeach riaracháin amháin agus oifigeach faisnéise nimheanna amháin na fógraí a éilítear faoi Airteagal 45 de CLP ó chuideachtaí a bhí ag cur meascán ar an margadh agus phléigh siad le ceisteanna ón tionscal. Chabhraigh bainisteoir an Lárionaid leis na ceisteanna sin freisin dá mba ghá.

Chaith oifigeach riaracháin an Lárionaid agus oifigeach faisnéise nimheanna amháin thart ar 80% agus 50% faoi seach dá gcuid ama ar chúrsaí a bhain leis Acht Ceimiceán. Bhí an t-am iomlán a chaith foireann an Lárionaid ar na gníomhaíochtaí sin in 2020 comhionann le 2.5 ball foirne lánaimseartha ar a laghad. Dá bharr sin, cuireadh moill ar dhualgais eile nó cuireadh ar athlá iad – mar shampla, cuirtear an tuarascáil bhliantúil i dtoll a chéile i mí an Mheithimh go hiondúil ach cuireadh siar go mí na Nollag í, níorbh fhéidir deiseanna taighde agus oideachais a thapú, cuireadh tionscadail feasachta agus seirbhísí for-rochtana siar.

Ní oibríonn foireann an Lárionaid le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Acht Ceimiceán amháin agus caithfear tús áite a thabhairt do bhainistiú agus d'oibriú na seirbhíse faisnéise gutháin le haghaidh nimheanna. Dá bhrí sin, bhí moill ar an Lárionad ceisteanna ón tionscal a fhreagairt i rith 2020, go háirithe i mí na Samhna agus i mí na Nollag nuair a fuair an Lárionad líon mór ceisteanna faoi fhógraí Iarscríbhinn VIII (CLP).

I mí na Nollag 2020, rinne an Lárionad agus an tÚdarás nuashonrú i gcomhar ar a leathanaigh ghréasáin a bhain le fógraí faoi tháirgí ceimiceacha a thabhairt don Lárionad. Áiríodh faisnéis faoi cheanglais nua Iarscríbhinn VIII (CLP) i ríomhfheasachán an Údaráis i mí na Nollag freisin.

Bhí níos mó ná dúbailt ar an ualach oibre a bhain le fógraí faoi tháirgí in 2020, ach níor leithdháileadh aon acmhainní breise ar an Lárionad. Níor faomhadh fós plean gnó a cuireadh faoi bhráid an Údaráis in 2019 chun acmhainní a mhéadú. Mar gheall ar an ualach oibre breise sin ní raibh an Lárionad in ann tabhairt faoi aon ghníomhaíocht méadaithe feasachta don tionscal sula dtiocfadh Iarscríbhinn VIII de CLP i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021.

Thug an Lárionad faoin bpróiseas ionduchtaithe le haghaidh an bhunachair sonraí inchuardaithe d'Fhógraí do Lárionaid um Nimheanna le ECHA i rith 2020. Tá gach ball foirne sa Lárionad cláraithe le córas TF slán Interact de chuid ECHA chun rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí inchuardaithe. Fuair Bainisteoir an Lárionaid rochtain ar an mbunachar sonraí den chéad uair i mí Iúil 2020, chun críocha meastóireachta amháin. Chuir an Lárionad úsáid na mball foirne eile siar go mí na Nollag nuair a feabhsaíodh an fheidhm cuardaigh. Rinneadh iniúchadh ar an Lárionad maidir le comhlíonadh na gceanglas slándála caighdeánach agus chuir sé an tuarascáil iniúchóireachta agus plean beart ceartaitheach faoi bhráid ECHA sa tríú ráithe de 2020. Shínigh ionadaithe Ospidéal Beaumont agus ECHA an Comhaontú Seirbhíse don tairseach aighneachtaí agus an bunachar sonraí inchuardaithe i mí Dheireadh Fómhair 2020.

Níor eisíodh an leagan nua den bhunachar sonraí inchuardaithe go dtí an 21 Nollaig 2020; dá bhrí sin forbróidh agus soláthróidh an Lárionad oiliúint don fhoireann ar an gcaoi leis an mbunachar sonraí a úsáid i rith na chéad ráithe de 2021. Bhí an Lárionad réidh le glacadh le fógraí tríd an tairseach d'Fhógraí do Lárionaid um Nimheanna le ECHA ón 1 Eanáir 2021 le haghaidh meascáin cheimiceacha d'úsáid tomhaltóirí agus ghairmiúil. Ní choinneoidh an Lárionad córas náisiúnta chun aighneachtaí a fháil faoi mheascáin cheimiceacha le haghaidh úsáid tionsclaíochta ach go deireadh 2024.

## An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Bhí an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gníomhach arís ar choistí agus meithleacha faoi stiúir náisiúnta, an Choimisiúin agus ECHA in 2020. Ar an leibhéal náisiúnta, d'fhreagair an Roinn ceisteanna ar REACH agus CLP a tharchuir Deasc Chabhrach Ceimiceán an Údaráis chuici. D'fhreastail an Roinn freisin ar chruinniú fíorúil amháin de chuid an Ghrúpa Idir-rannaigh/Gníomhaireachta ar Cheimiceáin agus bhí sí ag plé le húdaráis náisiúnta de réir mar ba ghá i rith na bliana.

Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh faoi REACH, d'fhreastail an Roinn ar chruinnithe de chuid Fhóram Foghrúpa Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha in ECHA trí WebEx agus ar imeacht amháin a chomhordaigh an Fóram faoi Oiliúint Don Oiliúnóir. Bhí ionadaíocht ag an Roinn freisin ar mheitheal Thionscadal Forfheidhmithe REACH (REF 8) le haghaidh díolacháin idirlín a chomhordaigh an Fóram agus ghlac sí páirt i gcéim oibríochta an tionscadail i rith 2020.

D'fhreastail an Roinn ar thrí chruinniú de chuid na Meithle um Shuaiteoirí Inchríneacha. Bhí ionadaí ag an Roinn ar an Sainghrúpa maidir le Seasmhacht, Bithcharnadh agus Tocsaineacht i rith 2020, ach níor freastalaíodh ar aon chruinniú toisc nár spreag ná nár éiligh aon substaint lotnaidicídí plé sa Sainghrúpa.

Faoi CLP, leanadh le hionadaíocht na Roinne ar cheardlanna agus cruinnithe an Choiste Measúnaithe Riosca i rith 2020.

D'fhreastail an Roinn ar cheithre chruinniú de chuid Mheitheal ECHA (Comhshaol) agus ar shé chruinniú de chuid an ghrúpa comhordúcháin in 2020. Faoi Rialachán Rotterdam (Toiliú Feasach Roimh Ré), thug an Roinn tuairimí scríofa don Údarás roimh an dá chruinniú d'údaráis náisiúnta ainmnithe maidir le Toiliú Feasach Roimh Ré faoi Rotterdam in 2020.

Anuas air sin, in 2020, thuairiscigh an Roinn faisnéis ar onnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán in 2019 faoina sainordú de réir cheanglais Airteagal 10 de Rialachán Rotterdam.

### Gníomhaíochtaí a bhain le forfheidhmiú

Forfheidhmíonn an Roinn Rialacháin REACH agus CLP i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na reachtaíochta faoi Tháirge Cosanta Plandaí agus Bithicídí a bhaineann le hearnáil shonrach.

**REACH:** Tugadh faoi fhorfheidhmiú a bhaineann le clárú substaintí faoi REACH de réir na reachtaíochta earnála sonraí. Bhí seiceáil ar chomhlíon Bileoga Sonraí Sábháilteachta REACH mar chuid d'fhógairt/údarú/chlárú táirgí lotnaidicídí leis an Roinn.

**CLP:** Sheiceáil an Roinn ceanglais lipéadaithe agus rangaithe na dtáirgí lotnaidicídí i rith an phróisis fógartha/údaraithe/cláraithe. Anuas air sin, bhí seiceáil ar chomhlíonadh na lipéad ar tháirgí lotnaidicídí mar chuid de na cigireachtaí a rinneadh in 2020. Thug an Roinn faoi 50 cigireacht ar tháirgí bithicídeacha a díoladh ar líne mar chuid de Thionscadal Forfheidhmithe REACH (REF 8) le haghaidh díolacháin idirlín; freagraíodh 50 ceistneoir agus cuireadh chuig an gcomhordaitheoir náisiúnta iad lena gcur faoi bhráid ECHA.

**Rotterdam:** Níor tugadh faoi aon ghníomhaíochtaí breise forfheidhmithe faoin Rialachán maidir le Toiliú Feasach Roimh Ré in 2020.

I measc na n-áitreabh ar tugadh cuairt orthu le haghaidh REACH agus CLP bhí dáileoirí mórdhíola agus miondíola, údaráis áitiúla, naíolanna agus stórais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus clubanna spóirt. Thug an Roinn faoi fhógraí forfheidhmithe a eisiúint agus táirgí lotnaidicídí neamh-chomhlíontacha a bhaint den mhargadh faoin reachtaíocht lotnaidicídí agus ní faoin Acht Ceimiceán.

In 2020, teorannaíodh na gníomhaíochtaí forfheidhmithe go díghalráin lámh PT1 agus díghalráin dromchla PT2 den chuid is mó mar gheall ar COVID-19. Fiosraíodh os cionn 160 faireachas margaidh/gearán. Tugadh faoi fhorfheidhmiú ar tháirgí díghalráin Uisce PT5 freisin, a raibh comhlíonadh an Rialacháin maidir le Táirgí Bithicídeacha i mbreis agus 110 gléasra díghalráin uisce mar thoradh air.

Seoladh tuairiscí cigireachta ó 1,427 cigireacht iomlán Tras-chomhlíonta a rinne an Rannán Rialuithe Comhtháite in 2019 chuig an Rannán Rialuithe Lotnaidicídí lena n-athbhreithniú in 2020. Áirítear le cigireacht iomlán Tras-chomhlíonta seiceáil an gcomhlíontar Ceanglas Reachtúil Bainistíochta 10 – Táirgí Cosanta Plandaí (Lotnaidicídí). Más ábhartha, moltar pionós má tá an t-iarratasóir ag sárú na gceanglas i ndiaidh athbhreithniú ar na tuairiscí. As an 1,427 cigireacht a rinneadh, ní raibh táirgí cosanta plandaí ná táirgí bithicídeacha ar an bhfeirm i gcás 680 feirm.

In 2020, tugadh faoi chlár rialuithe ar chomhdhéanamh Táirgí Cosanta Plandaí agus Táirgí Bithicídeacha.

Comhaontaíodh agus síníodh Meabhrán Tuisceana in 2018 idir an Roinn agus an tÚdarás maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú Rialacháin REACH, CLP agus na nGlantach mar a leagtar amach faoin Acht Ceimiceán, agus bhí sé fós in úsáid in 2020.

Tá Meabhrán Tuisceana idir an Roinn, an tÚdarás agus Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Rialachán Rotterdam freisin. Chomhaontaigh agus sínigh an tÚdarás, an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim é in 2010 agus tá sé fós in úsáid. Bhí Meabhrán Tuisceana nuashonraithe le síniú in 2020 agus tá sé beartaithe é sin a dhéanamh in 2021.

Bhí thart ar 4.5 coibhéis lánaimseartha ag plé le hobair a bhain leis an Acht Ceimiceán (agus an reachtaíocht AE lena mbaineann) sa Roinn. Áiríodh tocsaineolaithe, ceimiceoirí agus eolaithe talmhaíochta i measc na saineolaithe. Bhí an leibhéal céanna acmhainní ar fáil sa Roinn don obair sin in 2020 agus a bhí in 2019. Tá rochtain ag beirt chigirí de chuid na Roinne ar an tairseach TF Interact de chuid ECHA.

## Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-údarás náisiúnta ainmnithe faoi Airteagal 17 de Rialachán Rotterdam. Tá Seirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as rialú allmhairiú agus onnmhairiú na gceimiceán guaiseach a liostaítear sa Rialachán sin. Chuige sin, bunaíodh próifílí ar an gcóras imréitigh Custam don Phróiseáil Iontrála Uathoibrithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Leagadh amach an córas próiseála iontrála uathoibrithe chun aird na foirne Custam a tharraingt ar dhearbhuithe onnmhairithe áirithe. Má éilítear uimhir thagartha shainaitheantais faoi fhorálacha Rialachán Rotterdam, tá an nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Caithfidh an t-onnmhaireoir an uimhir thagartha shainaitheantais a chur ar an dearbhú custaim (SAD).
- Bailíochtaíonn na hoifigigh custam an uimhir thagartha shainaitheantais ansin ar bhunachar sonraí an Aontais Eorpaigh don Bhunachar Sonraí TF do Thoiliú Feasach Roimh Ré.
- Mura bhfuil uimhir thagartha shainaitheantais ann nó má tá aon cheist ann maidir leis an uimhir sin, an ceanglas go mbeadh uimhir thagartha shainaitheantais ann nó onnmhairiú ceimiceáin áirithe, téann an fhoireann Custam i dteagmháil leis an Údarás Náisiúnta Ainmnithe cuí chun soiléiriú a fháil ar stádas an cheimiceáin atá i gceist.

Tá sé de dhualgas ar onnmhaireoirí na ceimiceáin atá le honnmhairiú a dhearbhú i gceart tríd an Y-Chód cuí a chur i mBosca 44 ar an dearbhú onnmhairithe (SAD). Mura gcuirtear an Y-Chód ábhartha i mBosca 44, ní féidir leanúint ar aghaidh leis an onnmhairiú.

Níl aon fhoráil i Rialachán Rotterdam féin d'aon toirmeasc nó srianadh ar allmhairiú ceimiceán. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim (trína Choiste Comhairleach Custam) an lucht gnó ar an eolas faoin dearbhú onnmhairithe agus faoi na ceanglais maidir le huimhir thagartha shainaitheantais d'onnmhairiú ceimiceán a chuimsítear i Rialachán Rotterdam. Is féidir leis an bpobal teacht ar an lámhleabhar foirne Custam trí shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

### Lámhleabhar na gceimiceán contúirteach

Tá faisnéis ghinearálta ar shuíomh na gCoimisinéirí Ioncaim freisin faoi earraí a bhfuil toirmeasc nó srian orthu agus áirítear leis sin faisnéis faoi Cheimiceáin Chontúirteacha a onnmhairiú faoi Rialachán Rotterdam. http://www.revenue.ie/en/customs/prohibitions-restrictions/index.html

Áiríodh leis na gníomhaíochtaí forfheidhmithe ó thaobh an Chustaim de próifílí leictreonach ar cheimiceáin ghuaiseacha áirithe ar an gcóras próiseála iontrála uathoibrithe agus an fhoireann Custam ag bailíochtú uimhreacha tagartha sainaitheantais tráth an onnmhairithe nuair ab ábhartha.

Eisíodh lámhleabhar faisnéise don fhoireann Custam ar fad agus tugtar breac-chuntas ann ar na nósanna imeachta atá le húsáid nuair atá ceimiceáin a shonraítear i Rialachán Rotterdam á n-onnmhairiú.

I rith 2020, ghlac na Coimisinéirí Ioncaim páirt i gcruinniú an Ghrúpa Idir-rannaigh ar Cheimiceáin faoin Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Fóram Náisiúnta ar Fhaireachas Margaidh a raibh d'aidhm leis cosc a chur ar tháirgí díobhálacha ag teacht isteach ar mhargadh na hÉireann.

Síníodh Meabhrán Tuisceana i mí Iúil 2010 idir na Coimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Leagtar amach sa Mheabhrán Tuisceana sin na róil agus na freagrachtaí faoi seach maidir le cur i bhfeidhm Rialachán Rotterdam. Tá idirbheartaíocht ar bun ag na páirtithe faoi láthair ar mheabhrán tuisceana nuashonraithe agus bhí sé sin le síniú in 2020, ach de bharr cúinsí nach raibh aon choinne leo, cuireadh moill ar an síniú. Tá súil ag na Coimisinéirí Ioncaim an Meabhrán Tuisceana a shíniú sa chéad ráithe de 2021.

## An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)

I rith 2020, rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ionchur ar an athbhreithniú ar chomhairle Fhóram ECHA ar an measúnú infhorfheidhmitheachta maidir le srianta molta REACH ar Aigéad Sárfhluaraiheacsánóch (PFHxA) agus comhdhúile gaolmhara. Chomh maith leis sin, tharraing an Ghníomhaireacht aird pearsanra ábhartha i seirbhísí dóiteáin agus suiteálacha ag a bhfuil ceadúnas EPA ar rioscaí féideartha a bhaineann le húsáid Substaintí Ilfhluarailcile agus Sárfhluarailcile (PFAS) áirithe go háirithe maidir lena gcuimsiú i gCúir Déanta Screimhe Uiscí (AFFF) a úsáidtear i gcórais múchta/coisc tine. Tá treoir (an chéad leagan) faoi bhainistíocht agus úsáid cheart na n-ábhar sin le foilsiú sa chéad ráithe de 2021.

Maidir le húsáid AFFF ina bhfuil PFAS, bhuail an Ghníomhaireacht in 2020 le hionadaithe ó Institute of Fire Engineers (craobh na hÉireann) agus an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála. Ina theannta sin, rinne pearsanra na Gníomhaireachta cur i láthair ag dhá chruinniú faoi na rioscaí agus úsáid cheart PFAS áirithe in AFFF, ceann amháin a raibh Oifigigh Dóiteáin Shinsearacha in Údaráis Áitiúla páirteach ann agus ceann eile a reáchtáil an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála.

Rinne an Ghníomhaireacht conradh chun staidéar a dhéanamh ar úsáidí, go stairiúil agus faoi láthair, PFAS in AFFF sa Stát. Cé go n-úsáidfear an fhaisnéis a fuarthas go príomha chun na rioscaí a chruthaíonn na substaintí sin a chinneadh, bhain an tionscadal leis an méid seo a leanas freisin:

- úsáideoirí féideartha AFFF ina bhfuil PFAS a chur ar an eolas faoi na rioscaí a chruthaíonn na substaintí sin,
- treoir a thabhairt ar láimhseáil agus bainistíocht cheart na n-ábhar, agus
- aird a tharraingt ar shrianta agus oibleagáidí tuairiscithe reatha agus atá ar na bacáin maidir le haigéad Sárfhluarochtánóch agus comhdhúile gaolmhara agus srianta féideartha amach anseo ar mheascáin dá leithéid ina mbeadh PFAS.

I rith 2020, thug an Ghníomhaireacht faoi fheachtas monatóireachta comhshaoil srianta chun tiúchan PFAS i samplaí uisce, fásra agus dríodair a chinneadh. Rinneadh anailís ar na samplaí le haghaidh raon leathan PFAS, lena n-áirítear Aigéad Sulfónach Sárfhluarabútáin (PFBS), Aigéad Sárfhluaraiheacsánóch (PFHxA),

Aigéad Sulfónach Sárfhluaraiheacsáin (PFHxS), Aigéad Sárfhluaraideacánóch (PFDA), Aigéad Sulfónach Sárfhluarochtáin (PFOS) agus Aigéad Sárfhluarochtánóch (PFOA). Táthar ag súil go mbeidh torthaí an staidéir ar fáil sa chéad ráithe de 2021. Is dóigh go gcuirfidh faisnéis ón tionscadal bonn eolais faoi fheachtais monatóireachta comhshaoil PFAS eile atá sceidealaithe le haghaidh 2021.

D'imscrúdaigh an Ghníomhaireacht neamhchomhlíonadh féideartha tuairiscithe faoi láthair maidir le hionchorprú comhpháirte ina bhfuil leibhéil mearcair níos airde ná mar a cheadaítear i stáisiúin chumhachta áirithe a cuireadh ar an margadh (srian faoi Iontráil #18a d'Iarscríbhinn XVII de Rialachán REACH). Thug imscrúduithe le fios go raibh dóchúlacht an-bheag ann go raibh aon cheann de na haonaid neamhchomhlíonta ar fáil ar mhargadh an Stáit.

Níor thug an Ghníomhaireacht faoi aon ghníomhaíochtaí faireachais comhlíonta sonracha maidir le Rialachán REACH ná Rialachán na nGlantach i rith na tréimhse tuairiscithe seo.

I rith 2020, ghlac pearsanra na Gníomhaireachta páirt i gcruinniú amháin de chuid an Ghrúpa Idir-rannaigh ar Cheimiceáin agus i gcruinniú amháin de chuid an Fhóraim Náisiúnta ar Fhaireachas Margaidh.

Tá Meabhrán Tuisceana idir an tÚdarás agus an Ghníomhaireacht faoi láthair. Cuimsíonn an Meabhrán gníomhaíochtaí a bhaineann le Rialachán REACH agus Rialachán na nGlantach. Anuas air sin, feidhmíonn an Ghníomhaireacht comhaontú comhroinnte sonraí le Seirbhísí na gCoimisinéirí Ioncaim i raon réimsí reachtaíochta.

Chláraigh an Ghníomhaireacht le córas TF slán Interact de chuid ECHA a úsáid go príomha chun críocha tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2019/1021 ar thruailleáin orgánacha bhuanmharthanacha. Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an úsáid a bhaineann an Ghníomhaireacht as an uirlis sin chun cabhrú le gníomhaíochtaí forfheidhmithe ábhartha. Níor ghlac an Ghníomhaireacht páirt in aon tionscadal comhordaithe de chuid Fhóram ECHA i rith na tréimhse tuairiscithe.

Mhaoinigh/maoiníonn Clár Taighde na Gníomhaireachta le haghaidh 2014–2020 raon tionscadal a bhaineann leis an gcomhshaol agus/nó le sláinte an duine, tionscadail áirithe atá ceaptha faisnéis a chur ar fáil ar nochtadh an phobail agus an chomhshaoil do raon substaintí guaiseacha, lena n-áirítear truailleáin orgánacha mharthanacha agus substaintí a bhfuil an-imní fúthu. I measc na dtionscadal sin tá:

Tagairt tionscadail na Gníomhaireachta: 2015-HW-MS-3: Bhain an tionscadal le himscrúdú ar fhoinsí féideartha agus cinniúint chomhshaoil sprioc-thaláití. Cuireadh tús leis an tionscadal seo i mí na Bealtaine 2016 agus tá tuarascáil an tionscadail le foilsiú sa dara ráithe de 2021. Tá tuilleadh faisnéise faoin tionscadal seo le fáil ar https://sites.google.com/site/phthalatesireland/

Tagairt tionscadail na Gníomhaireachta: 2015-HW-MS-4: Is é príomhchuspóir an tionscadail seo soiléiriú a thabhairt ar rannchuidiú coibhneasta cosán difriúil nochta (aer, deannach, aiste bia agus uisce) do shubstaintí ar nós truailleáin orgánacha mharthanacha ar nós truailleáin orgánacha mharthanacha – lasairmhoillitheach bróimínithe, sulfónáit sárfhluarochtáin agus comhdhúile sárfhluarailcile eile. Tá tuarascáil an tionscadail le foilsiú in 2021. Tá tuilleadh faisnéise faoin tionscadal seo le fáil ar http://www.nuigalway.ie/elevate/

Tagairt tionscadail na Gníomhaireachta: 2016-HW-MS-8: Ba é aidhm an tionscadail leibhéal an éillithe ag lasairmhoillithigh bhróimínithe áirithe agus roinnt Substaintí Sárfhluarailcile (PFAS) ó láithreáin líonta talún sa Stát trí thrí chosán a chainníochtú – láisteadh isteach san ithir agus screamhuisce, rith chun srutha isteach in imchuacha uisce agus galú isteach san aer. Áiríodh le cuid de na PFAS a imscrúdaíodh sa tionscadal Aigéad Sulfónach Sárfhluarabútáin (PFBS), Aigéad Sárfhluarochtánóch (PFOA), Aigéad Sulfónach Sárfhluaraiheacsáin (PFHxS), Aigéad Sárfhluaranaonánóch (PFNA) agus Aigéad Sulfónach Sárfhluarochtáin (PFOS). Cuimsíodh sa tionscadal sampláil dhíreach agus anailís ar láithreáin líonta talún oscailte agus stairiúla. Baineadh leas as ionsamhlúcháin bunaithe sa tsaotharlann chun cúinsí a chinneadh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar láisteadh na substaintí a bhí á n-imscrúdú ó nithe foinse i ndálaí na láithreán líonta talún.

Tá tuarascáil an tionscadail le foilsiú in 2021. Tá tuilleadh faisnéise faoin tionscadal seo le fáil ar https://nuigalway.ie/fuel/.

### Obair eile a bhain le REACH:

*An Chomhdháil Chomhshaoil agus Sláinte, mí na Samhna:* Bhí an Ghníomhaireacht páirteach i gComhdháil Chomhshaoil agus Sláinte 2020. I measc na dtopaicí a pléadh sa chomhdháil bhí an chaoi a n-imríonn cáilíocht an chomhshaoil tionchar ar shláinte an duine, uaillmhianta an Aontais Eorpaigh maidir le comhshaol neamhthocsaineach agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh.

*Foireann Trasoifige Ceimiceán na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil* Ar cheann de phríomhaidhmeanna Fhoireann Trasoifige Ceimiceán na Gníomhaireachta tá a chinntiú go ndearnadh idirghabháil thráthúil i mbagairtí comhshaoil féideartha/a bhí ag teacht chun cinn mar gheall ar shubstaintí áirithe, suaiteoirí inchríneacha ina measc. Tarraingíonn an fhoireann ar shaineolas fhoireann na Gníomhaireachta atá páirteach i réimsí ar nós monatóireacht, ceadúnú agus forfheidhmiú comhshaoil. Úsáidtear an fhoireann mar uirlis chun feasacht a chur chun cinn ar fud na Gníomhaireachta ar fhorbairtí a bhaineann le meastóireachtaí substaintí faoi REACH.

*Meitheal na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le hÉilleáin a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith* Bunaíodh Meitheal na Gníomhaireachta maidir le hÉilleáin a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith i mí na Nollag 2019. Coinníonn an mheitheal mionteagasc faire maidir le héilleáin a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith, agus forbraíonn sí leibhéal saineolais maidir le monatóireacht agus éifeachtaí na substaintí sin ar an gcomhshaol uisceach agus sláinte an duine. Is é príomhaidhm na meithle rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn a shainaithint go tráthúil chun bonn eolais níos fearr a chur faoi spriocbhearta maolaithe agus an comhshaol uisceach a chosaint agus a fheabhsú dá réir. Cuimsíonn sainordú na meithle raon réimsí téamacha a bhaineann le baol ceimiceach a áiríonn cógais, táirgí cúraim phearsanta (agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh), ceimiceáin thionsclaíocha (taláití mar shampla), lotnaidicídí, miotail/miotalóidigh, micreaphlaistigh agus nana-ábhair. Anuas air sin, déanann an mheitheal monatóireacht ar fhorbairtí i sampláil agus brath éilleán a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith ar nós sampláil éighníomhach, scagadh neamhdhírithe, monatóireacht bunaithe ar éifeachtaí agus dul chun cinn i modheolaíochtaí anailíseacha ábhartha. Gineann an mheitheal tuarascáil bhliantúil inmheánach ar a cuid oibre agus torthaí.

Caitheadh thart ar 0.12 coibhéis lánaimseartha ar acmhainní díreacha na Gníomhaireachtaí in éindí chun críocha Rialacháin REACH agus na nGlantach faoi seach i rith 2020 (sách seasmhach i gcomparáid le leibhéil 2019).

Meastar go dtiocfaidh méadú beag ar an leibhéal acmhainní foirne atá ar fáil do ghníomhaíochtaí REACH agus na nGlantach le haghaidh 2021 le hais luach 2020 i ndiaidh ball foirne breise a chuimsiú le haghaidh gníomhaíochtaí faireachais margaidh.

Tá ball foirne amháin de chuid na Gníomhaireachta (céimí eolaíochta tríú leibhéal ag a bhfuil taithí sa tionscal) páirteach faoi láthair i ngníomhaíochtaí faoi Rialacháin REACH agus na nGlantach go páirtaimseartha. Chomh maith leis sin, bíonn acmhainní teicniúla eile na Gníomhaireachta (ceimiceoirí, bitheolaithe agus innealtóirí timpeallachta) ar fáil chun ionchur a thabhairt do ghníomhaíochtaí ábhartha nuair is, agus más, gá. Anuas air sin, gineann an Ghníomhaireacht tacair shonraí shuntasacha ar mhonatóireacht chomhshaoil, agus tá rochtain aici ar a leithéid, tacair a bhaineann le raon leathan substaintí guaiseacha, roinnt substaintí a bhfuil an-imní fúthu ina measc.

Ghlac an Ghníomhaireacht Straitéis nua Ceimiceán na Gníomhaireachta sa cheathrú ráithe de 2020 ag a bhfuil an phríomhaidhm na rioscaí a chruthaíonn substaintí guaiseacha do shláinte an duine agus an comhshaol a laghdú. Tá na cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha ailínithe go dlúth leo siúd i Straitéis Ceimiceán an Aontais Eorpaigh maidir le hInbhuanaitheacht i dTreo Comhshaol Neamhthocsaineach a Chothú a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020 nuair a thagann siad le sainordú oibríochta na Gníomhaireachta. I measc cuid de na gníomhartha leathana straitéiseacha tá:

- gníomhartha na Gníomhaireachta a fheabhsú/a chomhordú tuilleadh i measc a hOifigí ábhartha maidir le rioscaí/rioscaí féideartha a chruthaíonn substaintí guaiseacha a laghdú,
- forbairt, nó sa chás go bhfuil siad bunaithe cheana féin, neartú breise a dhéanamh ar chaidrimh oibre le páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha ag a bhfuil spriocanna comhroinnte ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh,
- cabhrú le tuiscint níos fearr a fháil ar éifeachtaí/thionchair na gceimiceán guaiseach sa chomhshaol ar shláinte an duine,
- an Geilleagar Ciorclach a chur chun cinn trí laghdú ar shubstaintí guaiseacha i meascáin/nithe/dtáirgí agus dramhaíl, agus
- feasacht a mhéadú ar na rioscaí a chruthaíonn ceimiceáin ghuaiseacha agus bonn eolais a chur faoi chinntí ábhartha beartais agus tacú leo i réimse na gceimiceán.

Tá tús le cur le cur i bhfeidhm an phlean in 2021.

# Ár bhFís:

# Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla

AN tÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

**Guthán: 1890 289 389**

Glaonna idirnáisiúnta
00353 1 614 7000

**www.hsa.ie**

ISBN 978-1-84496-274-7

HSA0501